

# Foclóir Tráchtais v1.6

Jeffrey Seathrún Sardina

Aibreán 2025

## Clár

#	10
A	10
B	17
C	20
D	27
E	33
F	38
G	42
H	45
I	48
K	52
L	53
M	61
N	69
O	73
P	78
Q	83
R	84
S	95
T	109
U	114
V	115
W	116
Z	118

## Tagairtí

119

## Achoimre na dTearmaí

Béarla	Gaeilge
0-shot	0-sonra
ablation experiment	turgnamh ionadaithe
to abstract	teibigh
abstraction	teibiú
activation function	feidhm ghníomhachaithe
adjacency matrix	maitrís chóngarachta
aggregate	tionól
algorithm	algartam
alignment	ailíniú
antecedent	réamhthéarma
application (in practice)	úsáid (phraiticiúil)
application domain	réimse úsáide
to approximate	meastachán a dhéanamh (ar)
approximation	meastachán
arbitrary	treallach
architecture	dearadh
artificial intelligence (AI) (concept)	intleacht shaorga (IS) (coincheap)
artificial intelligence (AI) (system)	córas intleachta saorga (córas IS)
assumption	foshuíomh
atomic	adamhach
to attend to	aird a thabhairt ar
attention	aird
attention head	ceann airde
attention layer	ciseal airde
attention mechanism	oibriú airde
baseline model	samhail bhunlíne
batch	baisc
batch size	méid na mbaisceanna
Bayesian	Bayes
benchmark dataset	tacar sonraí comparáide
bin	eatramh
binary	dénártha
binary cross entropy loss (BCEL)	pionós tras-eantrópachta dénártha (PTED)
block	modúl
to bound	cuimsigh
class	aicme
classification	aicmiú
classifier	aicmitheoir
to classify	aicmigh
Closed World Assumption	Foshuíomh an Domhain Dhúnta
cluster	braisle (pointí)
to cluster	aicmiú ionduchtach a dhéanamh
clustering	aicmiú ionduchtach
co-frequency	cóimhinicíocht
coefficient	comhéifeacht
computer network	líonra ríomhairí
computer science	ríomheolaíocht
connectivity	(frása le 'ceangailte')
consequent	iarmhairt
constant	buan-
correct fitting	foghlaím cheart
to correlate	comhghaolaigh

correlation	comhghaol
correlation coefficient	comhéifeacht comhghaolúcháin
to corrupt	malartaigh
counterexample	frith-shampla
cross entropy loss (CEL)	pionós tras-eantrópachta (PTE)
cross-attention	tras-aird
cross-entropy	tras-eantrópacht
curve	cuar
data	sonraí
data leak	sceitheadh sonraí
database	bunachar sonraí
dataset	tacar sonraí
decision boundary	teorainn chinnidh
decision tree	crann cinnte
deep learning	foghlaim dhomhain
degree	céim
dense	dlúth
dense layer	ciseal lán-cheangailte
density	dlús
dependency graph	graf spleáchais
DIKW Pyramid	Pirimid SFEE
dimension	toise
dimensionality	(frása le 'toise')
directed	dírthe
distribution	dáileadh
domain	fearann
dropout layer	ciseal nialas
edge	ceangal
efficiency	éifeachtacht (ama, fhuinnimh)
element	ball
to embed	leabaigh
embedding	leabú
end condition	coinníoll críochnaithe
entity	aonad
entity alignment	ailíniú aonad
entropy	eantrópacht
environment	comhthéacs cóid
epoch	seal
equation	cothromóid
error	earráid
estimate	meastachán
to estimate (about)	meastachán a dhéanamh (ar)
to evaluate	measúnaigh
evaluation	measúnú
expression	slonn
family	(frása le 'gaolmhar')
feature	airí
few-shot	cúpla-sonra
filter	scagaire
to filter	scag
filtering	scagaireacht
to finetune	mion-fheabhsú
foundation model	samhail fhorais
framework	creatlach
to freeze	buaanaigh

frequency	minicíocht
function	feidhm
generality	ginearáltacht
generative	cumadóireachta
genetic algorithm	algartam géiniteach
global	uilíoch
global maximum	uasluach uilíoch
global minimum	íosluach uilíoch
graph	graf
graph foundation model	samhail fhorais ghraf
graph neural network (GNN)	líonra néarach graif (LNG)
grid search	cuardach ar eangach
ground truth	bun-fhírinneach
ground truth (data)	bun-fhírinne
histogram	histeagram
hits@k (H@k)	fíricí@k (F@k)
hop	coiscéim
hyper-graph	hipear-ghraf
hyperparameter	hipear-pharaiméadar
hyperparameter combination	teaglainn hipear-pharaiméadar
hyperparameter grid	eangach hipear-pharaiméadar
hyperparameter search	cuardach hipear-pharaiméadar
implementation	leagan infheidhmithe
information content	lucht faisnéise
input	ionchur
to input (into)	cuir isteach (i)
to instantiate	cruthaigh
instantiation (concept)	leagan
instantiation (object)	réad
instantiation (process)	cruthú
interface	comhéadan
intersection	idirmhír
interval	eatramh
inverse	inbhéartach
inverse (relation)	inbhéarta
knowledge graph (KG)	graf eolais (GE)
knowledge graph embedding (KGE)	leabú graif eolais (LGE)
knowledge graph embedding model (KGEM)	samhail leabaithe graif eolais (SLGE)
Kullback-Leibler (KL) divergence	dibhéirseacht Kullback-Leibler (KL)
label	lipéad
labelled	le lipéad
language model (LM)	samhail theanga (ST)
large language model (LLM)	samhail theanga mhór (STM)
latent	folaigh
layer	ciseal
learning rate	ráta foghlama
library	leabharlann (chóid)
linear	líneach
link prediction (LP)	réamhinsint nasc (RN)
link prediction query	ceist réamhinsinte nasc
link prediction task	tasc réamhinsinte nasc
link predictor	réamhinsteoir nasc
linked data (LD)	sonraí nasctha (SN)
linked open data (LOD)	sonraí nasctha saor-rochtana (SNSR)
to load	lódáil

local	logánta
local maximum	uasluach logánta
local minimum	íosluach logánta
logic	loighic
loss	pionós (foghlama)
loss function	feidhm phionóis
machine	ríomh-
machine learning	ríomhfhoghlaim
to map	mapáil
mapping	mapa
margin	bearna
margin ranking loss (MRL)	pionós rangaithe le bearna (PRB)
matrix	maitrís
maximum	uasluach
mean	meán- nó meánach
mean (statistic)	meán
mean rank (MR)	meán-rang (MR)
mean reciprocal rank (MRR)	meán na ranganna deilíneacha (MRD)
mean squared error (MSE)	meán na n-earráidí cearnaithe (MEC)
measure	tomhas
to measure	tomhais
median	airmheánach
median (statistic)	airmheán
message passing	seachadadh teachtaireachtaí
metric	tomhas
minimum	íosluach
to model	samhlaigh
model	samhail
modular	modúlach
module	modúl
motif	móitíf
multi-headed attention	aird il-cheannach
n-shot	n-sonra
negative (of number)	diúltach
negative (sample)	frith-shampla
negative sampler	frith-shamplóir
negative sampling	frith-shampláil
neighbour	comharsa
network	líonra
neural	néarach
neural network (NN)	líonra néarach (LN)
neuro-symbolic	néar-shiombalach
node	nód
noise	torann
noisy	torannach
non-linear	neamh-líneach
object	cuspoir
object corruption	malartú an chuspóra
object prediction	réamhinsint an chuspóra
one-hot encoding	códú aon-innéacs
ontology	ointeolaíocht
open source	saor-rochtana
Open World Assumption	Foshuíomh an Domhain Oscailte
operation	oibriú
operator	oibreoir

optimisation	feabhsúchán
to optimise	feabhsaigh
optimiser	córas feabhsúcháin
outlier	asluiteach
output	aschur
to output	cuir amach
overfitting	ró-fhoghlaim
pairwise function	feidhm de phéire (pointí)
parameter	paraiméadar
percentile	peircintíl
performance	éifeachtacht (ama, taise)
plausibility	inchreidteacht
plausibility score	scór inchreidteachta
pointwise function	feidhm de phointe
positive (of number)	deimhneach
positive (triple)	fíor-abairt (thriarach)
predicate	faisnéis
to predict	réamhinnis
prediction	réamhinsint
predictor	réamhinsteoir
to pretrain	réamh-thraenáil
pretraining	réamh-thraenáil
probability	dóchúlacht
proportion	comhréir
pseudotype	aicme chumtha
pseudotyped	le haicme chumtha
qualitative	cineálach
to quantify	cainníochtaigh
quantitative	cainníochtúil
query	ceist
random	randamach
random number generator	gineadóir uimhreacha randamacha
random sample	sampla fánach
random search	cuardach randamach
random seed	fréamh randamach
random walk	siúlóid fhánach
range	raon
rank	rang
to rank	rangaigh
ranked list	liosta ranganna
ranking	rangú
ratio	cóimheas
to reason (on)	réasúnaíocht a dhéanamh (ar)
reasoner	córas réasúnaíochta
reasoning	réasúnaíocht
reference implementation	leagan infheidhmithe caighdeánach
region	réigiún
to regress	cúlaigh
regression	cúlú
regressor	cúlaitheoir
regularisation	tabhairt chun rialtachta
to regularise	tabhairt chun rialtachta
regulariser	córas rialtachta
reification	tearcú
to reify	tearcaigh

relation(ship)	ceangal
relative entropy	eantrópacht choibhneasta
ReLU	ReLU
repository	stór (cóid)
representation	leagan
representative	ionadaíochta
reproducible	in-athdhéanta
rule (in logic)	riail (loighce)
rule-based	bunaithe ar rialacha
to run	cuir ar siúl
running	ar siúl
to sample	sampláil
sample	sampla
sampler	samplóir
scalar	scálach
scatter plot (or diagram)	scaipléaráid
to score	scóráil
score	scór
scoring function	feidhm scórála
self-attention	féin-aird
self-supervised	faoi fhéin-mhaoirseacht
semantics	séimeantaic
semi-supervised	faoi leath-mhaoirseacht
set	tacar
setwise function	feidhm de thacar (pointí)
sigmoid function	feidhm shioghmóideach
signal	comhartha
to simulate	insamhail
simulation	insamhladh
social network	líonra cairdis
softmax	softmax
source code	(bun-)chód
sparse	éadhlúth
sparsity	éadhlús
standard deviation	diall caighdeánach
state of the art (best)	scoth an réimse
state of the art (current)	staid an réimse
state of the art (the literature)	litríocht an réimse
structural alignment	ailíniú struchtúir
structural alignment framework	creatlach ailínithe struchtúir
structural alignment hypothesis	hipitéis ar ailíniú struchtúir
structure	struchtúr
subgraph	fo-ghraf
subject	ainmní
subject corruption	malartú an ainmní
subject prediction	réamhinsint an ainmní
subset	fo-thacar
supervised	faoi mhaoirseacht
supervision	maoirseacht
support vector	veicteoir tacaíochta
support vector classifier	aicmitheoir bunaithe ar veicteoirí tacaíochta
support vector machine (SVM)	samhail (bunaithe ar) veicteoirí tacaíochta (SVT)
support vector regressor	cúlaitheoir bunaithe ar veicteoirí tacaíochta
symbol	siombail
symbolic	siombalach



symbolic logic	loighic shiombalach
symmetric	siméadrach
symmetry	siméadracht
to test	teisteáil
testing	teisteáil
testing set	tacar teisteála
topology	toipeolaíocht
to train	traenáil
training	traenáil
training loop	timthriall traenála
training set	tacar traenála
transfer learning	tras-fhoghlaim
transform	trasfhoirm
to transform	trasfhoirmigh
transformation	trasfhoirmiú
transformer	trasfhoirmeoir
transitive	aistreach
tree	crann
triple	abairt thriarach
underfitting	foghlaim easnamhach
union	aontas
universe	domhan
unseen	gan feiceáil
unsupervised	gan mhaoirseacht
to validate	deimhnigh
validation	deimhniú
validation set	tacar deimhnithe
variance	athraitheas
vector	veicteoir
walk	siúlóid
to weight	ualaigh
weight	ualach
weighted	ualaithe
weighted random search	cuardach randamach ualaithe
world	domhan
z-score	scór-z

Tábla 1: Liosta na dtéarmaí sa bhFoclóir Tráchtas.

# Téarmaí

#

## 0-shot (aidiacht): 0-sonra

*Sainmhíniú (ga)*: Cur chuige mion-fheabsaithe ina dteistáiltear samhail réamh-thraenáilte ar thacar sonraí nua gan mion-fheabsú ar bith.

*Sainmhíniú (en)*: A finetuning protocol in which a pretrained model is directly tested on a new dataset without any finetuning.

*Tagairtí*:

- sonra: féach ar an téarma ‘database / bunachar sonraí’

*Nótaí Aistriúcháin*:

- Féach ar an téarma ‘n-shot / n-sonra’.

## A

### ablation experiment (ainmfhocal): turgnamh ionadaithe

*Sainmhíniú (ga)*: Turgnamh a dhéantar ar shamhail ríomhfhoghlama ina mbíonn gach aon mhodúl sa tsamhail bainte nó ionadaithe le modúl eile. Déantar é seo chun fáil amach cén tionchar atá ag gach uile mhodúl ar chumas foghlama na samhla.

*Sainmhíniú (en)*: An experiment performed on machine learning models in which each module in the model is removed or replaced with another module. This is done to determine the exact effects of each module on the model’s performance.

*Tagairtí*:

- turgnamh: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]
- ionadaigh: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin*:

- Tá ‘eisídiú’ ar Téarma.ie. Ach i bhFoclóir Uí Dhónaill, tá ‘eisídiú’ luaite mar théarma geolaíochta amháin. Thairis sin, is brí iomlán ar leith atá ag ‘ablation’ i gcomhthéacs na geolaíochta i gcomparáid le comhthéacs na ríomheolaíochta. Ní ghlactar le ‘eisídiú’ mar sin.
- Toisc nach bhfuil téarma ar fail dó seo ó na foclóirí dúchasacha, cruthaíodh téarma as nua chun an bhrí seo a chur in iúl. Is é ‘ionadú’ seachas ‘ionadaíocht’ an fréamh a úsáideadh toisc an turgnamh a bheith ag baint le próiseas an ionadaithe – seachas le hionadaíocht mar choincheap.
- Tá ‘turgnamh’ luaite i bhFoclóir Uí Dhónaill mar théarma eolaíochta, agus sna foclóirí eile i gcomhthéacs níos ginearálta.
- Is é ‘ionadú’ seachas ‘ionadaigh’ atá i bhFoclóir Uí Dhónaill agus Uí Mhaoileoin.
- Tá am téarma ‘ionadaigh’ i bhFoclóir Uí Dhuinín, ach ní luann sé ‘replace / substitute’ mar bhrí leis.

### to abstract (ainmfhocal): teibigh

*Sainmhíniú (ga)*: Ginearálú a dhéanamh ar bhun-choincheap chun teacht ar choincheap nua ar leibhéal níos airde. Nó, i gcomhthéacs ríomheolaíochta, comhéadan simplí a chur timpeall ar phróiseas nó ar réad casta chun rochtain air a éascú.

*Sainmhíniú (en)*: To generalise a base concept to arrive at a higher-order concept. Or, in the context of computer science, to put a simple interface around a complex process or object to facilitate access to it.

*Tagairtí*:

- teibigh: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin*:

- Téarma díreach ar fáil leis an mbrí chéanna (ach i gcomhthéacs fealsúnachta seachas ríomheolaíochta).
- Féach chomh maith ar an téarma ‘abstraction / teibíú’.

### **abstraction (ainmfhocal): teibiú**

*Sainmhíniú (ga):* Ginearálú ar bhun-choincheap chun teacht ar choincheap nua ar leibhéal níos airde. Nó, i gcomhthéacs ríomheolaíochta, comhéadan simplí a chuirtear timpeall ar phróiseas nó ar réad casta chun rochtain air a éascú.

*Sainmhíniú (en):* Generalisation of a base concept to arrive at a higher-order concept. Or, in the context of computer science, a simple interface put around a complex process or object to facilitate access to it.

*Tagairtí:*

- teibiú: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma díreach ar fáil leis an mbrí chéanna (ach i gcomhthéacs fealsúnachta seachas ríomheolaíochta).
- Féach chomh maith ar an téarma ‘to abstract / teibigh’.

### **activation function (ainmfhocal): feidhm ghníomhachtaithe**

*Sainmhíniú (ga):* Feidhm neamh-líneach, m.sh. *softmax* nó *ReLU*, a úsáidtear idir chisil i líonra néarach.

*Sainmhíniú (en):* A non-linear function, such as softmax or ReLU, that is used between layers in a neural network.

*Tagairtí:*

- feidhm: féach ar an téarma ‘function / feidhm’
- ghníomhachtaigh: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Úsáidtear ‘gníomhachtaithe’ le cúis mhaith – is éard a dhéanann feidhm ghníomhachtaithe ná ligean do líonra néarach níos mó ná ciseal amháin a bheith aige. Gan í, ní bheifí in ann ach ciseal amháin a úsáid i gcaoi fhiúntach ar leibhéal matamaiticiúil. Sin é rá, bíonn ciseal eile ghníomhachtaithe ag an bhfeidhm ghníomhachtaithe.
- Is é ‘gníomhachtaigh’ atá ar Téarma.ie chomh maith.
- Féach ar an téarma ‘function / feidhm’.

### **adjacency matrix (ainmfhocal): maitrís chónagarachta**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs graif, Maitrís ina bhfuil gach uile nód mar lipéad ar cholúin agus ar shraitheanna, agus ina léiríonn luachanna na maitrise cén ceangal atá idir gach péire nód (má tá ceangal ar bith ann).

*Sainmhíniú (en):* In the context of graphs, a matrix in which every node is a column and row label, and in which the matrix values describe what sort of connection (if any) exists between each pair of nodes.

*Tagairtí:*

- maitrís: féach ar an téarma ‘matrix / maitrís’
- cóngarach: Williams et al. (2023) [5]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Luann Foclóir Uí Dhónaill agus Foclóir De Bhaldraithe ‘cóngarach’ mar théarma geoiméadrachta. Cé nach ionann sin agus comhthéacs na ngráf eolais, meastar go mba léire coinneáil leis seachas téarma eile (amhail ‘teagmháil’, nach bhfuil luaite i gcomhthéacs matamaiticiúil) a úsáid. Is é ‘maitrís chónagarachta’ atá ar Téarma.ie chomh maith leis sin.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘matrix / maitrís’.

### **aggregate (ainmfhocal): tionól**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs sonraí, staitistic amháin atá mar fheidhm de roinnt pointí sonraí ar leith.

*Sainmhíniú (en):* In the context of data, a single statistic that is a function of multiple data points.

*Tagairtí:*

- tionól: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma díreach ar fáil i gcomhthéacs matamaitice i bhFoclóir Uí Dhuinín agus i bhFoclóir De Bhaldraithe. I bhfoclóir Uí Dhuinín agus i bhFoclóir Uí Dhónaill agus Uí Mhaoileoin, ní luaitear an téarma seo mar théarma matamaitice, ach luaitear é le brí chomhchosúil.
- Tá an téarma ‘comhiomlán’ ar Téarma.ie, gan trácht ar an bhfocal ‘tionól’. Ní ghlactar leis sin toisc nach n-aontaíonn sé lena bhfuil ar fáil sna foclóirí dúchasacha.

### **algorithm (ainmfhocal): algartam**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs ríomheolaíochta, próiseas sainmhínithe a bhfuil déanamh taisc mar aidhm aige.

*Sainmhíniú (en):* In the context of computer science, a fully-defined process that aims to solve some task.

*Tagairtí:*

- algartam: Williams et al. (2023) [5]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma díreach ar fáil i gcomhthéacs matamaiticiúil i Stórchiste.

### **alignment (ainmfhocal): ailíniú**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs matamaitice, cé chomh maith is a luíonn dhá thomhas / dhá cháilíocht lena chéile ar leibhéal ginearálta.

*Sainmhíniú (en):* In a mathematical context, how well two measures / quantities relate to each other in general terms.

*Tagairtí:*

- ailíniú: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma ar fáil i gcomhthéacs comhchosúil sna foclóirí thuas.

### **antecedent (ainmfhocal): réamhthéarma**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs rialach loighce  $A \rightarrow B$ , an téarma A atá mar thús ag an riail.

*Sainmhíniú (en):* In the context of a logical rule  $A \rightarrow B$ , the term A that is the beginning of the rule.

*Tagairtí:*

- réamhthéarma: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma díreach ar fáil mar théarma loighce agus matamaitice ó Fhoclóir De Bhaldraithe agus ó Fhoclóir Uí Dhónaill.

### **application (in practice) (ainmfhocal): úsáid (phraiticiúil)**

*Sainmhíniú (ga):* Úsáid ruda sa bhfíorshaol, i gcontrárthacht le húsáid theoiriciúil gan chur-i-bhfeidhm.  
*Sainmhíniú (en):* The real-world use of something, as contrasted with theoretical use that is not put into practice.

*Tagairtí:*

- úsáid: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]
- praiticiúil: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarmaí díreach ar fáil le brí chomhchosúil.
- Ní raibh aon ghá le téarma nua (.i. focal amháin, seachas téarma bunaithe ar ‘úsáid’) a chumadh toisc gur léire agus gur díri ‘úsáid phraiticiúil’ ná téarma cumtha as nua.

### **application domain (ainmfhocal): réimse úsáide**

*Sainmhíniú (ga):* An réimse taighde, tionscail, nó eile ina bhfuil córas úsáidte.

*Sainmhíniú (en):* The research, industry, or other domain in which a system is used.

*Tagairtí:*

- réimse: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]
- úsáid: féach ar an téarma ‘application (in practice) / úsáid (phraiticiúil)’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Féach ar an téarma ‘application (in practice) / úsáid (phraiticiúil)’.

### **to approximate (ainmfhocal): meastachán a dhéanamh (ar)**

*Sainmhíniú (ga):* Luach a mheas.

*Sainmhíniú (en):* To estimate a value.

*Tagairtí:*

- meastachán: féach ar an téarma ‘to estimate (about) / meastachán a dhéanamh (ar)’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Féach ar an téarma ‘to estimate (about) / meastachán a dhéanamh (ar)’.

### **approximation (ainmfhocal): meastachán**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs matamaitice, luach a dhéanann cur síos cainníochtúil ar fheiniméan éigin, gan a bheith iomlán cruinn.

*Sainmhíniú (en):* In a mathematical context, a value that gives a quantitative description of some phenomenon, but which may not be entirely exact.

*Tagairtí:*

- meastachán: féach ar an téarma ‘estimate / meastachán’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Féach ar an téarma ‘estimate / meastachán’.

### **arbitrary (aidiacht): treallach**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs luacha, roghnaithe gan chúis léirithe, go háirithe más féidir an luach a ionadú le rogha threallach ar bith eile gan an ráiteas / cothromóid / feidhm / srl ina bhfuil sé a athrú go mór. Is féidir le rogha threallach a bheith randamach nó a bheith déanta gan a bheith randamach.

*Sainmhíniú (en):* In the context of a value, chosen without a given justification, especially if the value can be replaced with any other arbitrary value without significantly changing the statement / equation / function / etc it is in. An arbitrary choice can be random or non-random.

*Tagairtí:*

- treallach: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma díreach ar fáil le brí chomhchosúil ó na foclóirí thuas.

### **architecture (ainmfhocal): dearadh**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs ríomhfhoghlama, an struchtúr matamaiticiúil atá ar líonra néarach.

*Sainmhíniú (en):* In the context of machine learning, the mathematical structure of a neural network.

*Tagairtí:*

- dearadh: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Úsáidtear ‘dearadh’ seachas ‘aitireacht’ toisc gurb é an rud is tábhachtaí ná cé chaoi a rinneadh an líonra néarach a dhearadh; sin le ré, rogha an dearthóra.
- Níl cúis ar bith ann, ar thaobh na ríomheolaíochta de, idirdhealú a dhéanamh idir ‘design’ agus ‘architecture’ (agus úsáidtear mar an gcéanna an dá fhocal). Tá ‘dearadh’ níos léire i nGaeilge toisc go mbíonn ailtireacht ag trácht, den chuid is mó, ar ailtireacht foirgneamh (mar a fheictear i bhFoclóir Uí Dhónaill). Roghnaítear ‘dearadh’ seachas ‘aitireacht’ mar sin.

### **artificial intelligence (AI) (concept) (ainmfhocal): intleacht shaorga (IS) (coincheap)**

*Sainmhíniú (ga):* An coincheap taobh thiar de chórais intleachta saorga; nó, an intleacht atá acu mar choincheap teibí.

*Sainmhíniú (en):* The concept behind artificial intelligence systems; or, the intelligence they have as an abstract concept.

*Tagairtí:*

- intleacht: féach ar an téarma ‘artificial intelligence (AI) (system) / córas intleachta saorga’
- saorga: féach ar an téarma ‘artificial intelligence (AI) (system) / córas intleachta saorga’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Ní féidir an téarma seo a úsáid chun trácht a dhéanamh ar chóras intleachta shaorga. Ní bhaineann an focal ‘intleacht’ ach le coincheap teibí na hintleachta (féach ar Foclóir Uí Dhónaill mar fhianaise air sin).
- Féach chomh maith ar an téarma ‘artificial intelligence (AI) (system) / córas intleachta saorga’.

### **artificial intelligence (AI) (system) (ainmfhocal): córas intleachta saorga (córas IS)**

*Sainmhíniú (ga):* Córas ríomhaireachta a bhfuil mar aidhm aige gníomhú ar nós go bhfuil intleacht nó cumas smaointe aige. Ní bhíonn intleacht shaorga bunaithe ar chórais ríomhfhoghlama i gcónaí, ach is sórt intleachta saorga iad chuile chóras ríomhfhoghlama.

*Sainmhíniú (en):* A computational system that aims to act as though it has intelligence or the ability to think. Artificial intelligence is not always based on machine learning, but all machine learning systems are forms of artificial intelligence.

*Tagairtí:*

- córas: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]
- intleacht: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]
- saorga: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Tagann an téarma seo as an aidhm atá le hintleacht shaorga .i. gníomhú ar nós go bhfuil intleacht ann ('intleacht') gan í a bheith ann dáiríre ('saorga').

### **assumption (ainmfhocal): foshuíomh**

*Sainmhíniú (ga):* Ráiteas a chuirtear i gcás gur fíor é.

*Sainmhíniú (en):* A statement that is taken to be true.

*Tagairtí:*

- foshuíomh: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- De réir Fhoclóirí Uí Dhónaill agus De Bhaldraithe, is téarma fealsúnachta é seo. Cloíonn sé sin leis an gcomhthéacs eolaíochta atá i gceist leis an tráchtas seo.
- Is féidir 'cur i gcás' nó 'beirtear leis' a úsáid chomh maith i bhfrása chun brí chomhchosúil leis seo a chur in iúl.

### **atomic (aidiacht): adamhach**

*Sainmhíniú (ga):* Gan a bheith in ann a bheith briste síos a thuilleadh chun teacht ar aonad níos bunúsaí.

*Sainmhíniú (en):* Unable to be broken down further to arrive at a more basic unit.

*Tagairtí:*

- adamhach: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Tagann an téarma seo as an bhfocal 'atom / adamh' sa gceimic. Sin ráite, meastar go bhfuil brí an fhocail 'adamhach' sa gceimic cosúil go leor leis an mbrí atá i gceist anseo.

### **to attend to (ainmfhocal): aird a thabhairt ar**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs oibrithe airde i líonra néarach, díriú ar chodanna ar leith den ionchur de réir an oibrithe airde.

*Sainmhíniú (en):* In the context of an attention mechanism in a neural network, to focus on some parts of the input based on the attention mechanism.

*Tagairtí:*

- aird: féach ar an téarma 'attention / aird'
- aird a thabhairt ar: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Féach ar an téarma 'attention / aird'.

### **attention (ainmfhocal): aird**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs ríomhfhoghlama, córas a dhéanann meastachán ar thábhacht gach uile airí i veicteoir chun ligean do shamhail ríomhfhoghlama díriú ar an hairíonna is tábhachtaí ann.

*Sainmhíniú (en):* In the context of machine learning, a mechanism that estimates the importance of every feature in a vector, so as to allow a machine learning model to focus on the most important features.

*Tagairtí:*

- aird: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Is é ‘áird’ seachas ‘aird’ atá i bhFoclóir Uí Dhuinín, ach glactar leis gurb in an focal céanna.
- Ní luaitear an focal seo i gcomhthéacs ríomhfhoghlama – rud a bhfuil ciall leis, toisc gur coincheap nua go leor é. Sin ráite, cruthaíodh ‘attention’ i gcomhthéacs ríomhfhoghlama chun a bheith cosúil leis an gcaoi ar féidir le daoine aird a thabhairt ar rudaí mórtimpeall orthu. Toisc gurb in an bhrí dhíreach a ghabhann le ‘aird’ i nGaeilge, meastar gurb é ‘aird’ an focal ceart chun ‘attention’ a chur in iúl.

### **attention head (ainmfhocal): ceann airde**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs trasfhoirmeora (nó modúl airde eile), cuid den mhodúl inar féidir sonraí ionchuir a chur isteach.

*Sainmhíniú (en):* In the context of a transformer (or other attention block), a part of the block in which data can be input.

*Tagairtí:*

- ceann: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]
- aird: féach ar an téarma ‘attention / aird’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Roghnaíodh ‘ceann’ ní toisc gur leagan Gaeilge den fhocal ‘head’ é, ach toisc go bhfuil an bhrí ‘end, extremity’ luaite leis chomh maith (féach ar Fhoclóir Uí Dhónaill). Sin go díreach a bhfuil i gceist le ‘attention head’ – is é an ‘extremity’ den mhodúl airde ina gcuirtear sonraí ann mar ionchur. Meastar, mar sin, go bhfuil úsáid an fhocail ‘ceann’ cuí chun ‘(attention) head’ a chur in iúl.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘attention / aird’.

### **attention layer (ainmfhocal): ciseal airde**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs ríomhfhoghlama, ciseal i líonra néarach a chuireann oibriú airde i gcrích.

*Sainmhíniú (en):* In the context of machine learning, a layer in a neural network that implements attention.

*Tagairtí:*

- ciseal: féach ar an téarma ‘layer / ciseal’
- aird: féach ar an téarma ‘attention / aird’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Féach ar an téarma ‘layer / ciseal’.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘attention / aird’.

### **attention mechanism (ainmfhocal): oibriú airde**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs ríomhfhoghlama, na hoibrithe a úsáidtear chun ciseal airde a chur i bhfeidhm.

*Sainmhíniú (en):* In the context of machine learning, the operations used to implement an attention layer.

*Tagairtí:*

- oibriú: féach ar an téarma ‘operation / oibriú’
- aird: féach ar an téarma ‘attention / aird’

*Nótaí Aistriúcháin:*



- Ní úsáidtear an focal ‘meicníocht’ (nó mar sin) anseo toisc é a bheith ró-litriúil. Ní bhaineann an téarma seo le meicníocht fhisiceach in aon chor. Ach ní mheastar gur ceart ‘córas’ a úsáid ach an oiread – ní bhíonn ‘attention mechanism’ ina ‘attention system’. Toisc gur sórt oibrithe é ‘attention mechanism’, áfach, meastar go bhfuil ciall leis an bhfocal ‘oibriú’ a úsáid anseo.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘operation / oibriú’.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘attention / aird’.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘attention layer / ciseal airde’.

## B

### baseline model (ainmfhocal): samhail bhunlíne

*Sainmhíniú (ga)*: I gcomhthéacs ríomhfhoghlama, samhail (chaighdeánach) a úsáidtear chun comparáid a dhéanamh le samhla (nua) eile agus iad á meas.

*Sainmhíniú (en)*: In the context of machine learning, a (standard) model that is used to compare to other (new) models to evaluate them.

*Tagairtí*:

- samhail: féach ar an téarma ‘model / samhail’
- bunlíne: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin*:

- Cé go bhfuil an téarma ‘baseline’ → ‘bunlíne’ ar fáil i bhFoclóir De Bhaldraithe agus i bhFoclóir Uí Dhónaill, ní luann siad comhthéacs áirithe ar bith leis. Sin ráite, ní bheadh téarma eile (m.sh. bun-samhail) cuí don úsáid seo toisc nach ionann bun-samhail agus samhail bhunlíne i gcónaí. Mar shampla, d’fhéadfadh trácht a dhéanamh ar shean-samhail (m.sh. TransE) ar bhunlíne ar shamhail nua (m.sh. TransH nó TransR) a bhí bunaithe air. Ach ní hionann sin is go mbeadh TransE úsáidte mar shamhail bhunlíne sa taighde sin – cé gur dócha sin, níl sé sin cinnte. Is dá bharr sin gur léire ‘samhail bhunlíne’ mar théarma. Glactar le úsáid ‘bunlíne’ seachas ‘bun-’ mar sin.
- Sin ráite, níl locht ar bith ar úsáid ‘bun-samhail’ chun ‘baseline model’ a chur in iúl má tá comhthéacs léir leis.

### batch (ainmfhocal): baisc

*Sainmhíniú (ga)*: Tacar sonraí tógtha as an tacar traenála a thugtar do shamhail ríomhfhoghlama agus í ag foghlaim (i.e. le linn an phróisis traenála). Uaireanta, úsáidtear fo-thacar de thacar teisteála / deimhnithe le linn an phróisis teisteála / deimhnithe chomh maith.

*Sainmhíniú (en)*: A set of data points taken from the training set that is given to a machine learning model as it is learning (i.e. as a part of the training process). Sometimes, batches of the testing and validation sets are used during testing and validation as well.

*Tagairtí*:

- baisc: Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin*:

- Is é ‘baisc’ atá ar Téarma.ie ina chomhair seo. Tá an téarma sin le feiceáil i bhFoclóir Uí Dhónaill le brí chomhchiallach. Cé go mbeadh ciall le go leor téarmaí eile, glactar leis sin toisc go bhfuil fianise ann dó i bhFoclóir Uí Dhónaill agus toisc go bhfuil sé in úsáid cheana ar Téarma.ie.
- Is ionann baisc agus fo-thacar den tacar traenála, teisteála, nó deimhnithe. Mar sin, bheadh sé ceart go leor ‘fo-thacar den tacar traenála’ (srl) a rá go litriúil – ach moltar ‘baisc’ toisc go bhfuil sé níos léire go ginearálta.

### **batch size (ainmfhocal): méid na mbaisceanna**

*Sainmhíniú (ga):* Cé mhéid pointí sonraí atá i chuile fho-thacar den tacar traenála / teisteála / deimhnithe.

*Sainmhíniú (en):* How many data points are in each batch of the training / testing / validation set.

*Tagairtí:*

- méid: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]
- fo-thacar: féach ar an téarma ‘batch / fo-thacar’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Féach ar an téarma ‘batch / baisc’.

### **Bayesian (aidiacht): Bayes**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs staitistice, bunaithe ar Theoirim Bayes.

*Sainmhíniú (en):* In the context of statistics, based on Bayes’ Theorem.

*Tagairtí:*

- Bayes: Williams et al. (2023) [5]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Ní luann Stórchiste ‘Bayes’ mar leagan de ‘Bayesian’, ach bíonn sé ann sa téarma ‘Bayes Theorem / Teoirim Bayes’. Thairis sin, i gcás gach uile théarma eile a bhfuil ainm duine leis (m.sh. ‘sraith Fourier’, ‘foirmle de Moivre’, srl) bíonn sloinne an duine úsáidte gan athrú ar bith air. Is mar sin a moltar ‘Bayes’ a úsáid ar nós aidiachta chun ‘Bayesian’ a chur in iúl.
- Is é ‘Bayesach’ atá ar Téarma.ie, ach ní ghlactar leis sin toisc nach bhfaightear fianaise dó sna foclóirí dúchasacha.

### **benchmark dataset (ainmfhocal): tacar sonraí comparáide**

*Sainmhíniú (ga):* Tacar sonraí a úsáidtear chun samhlacha ríomhfhoghlama a mheasúnú agus a chur i gcomparáid lena chéile.

*Sainmhíniú (en):* A dataset that is used to evaluate and compare machine learning models.

*Tagairtí:*

- tacar sonraí: féach ar an téarma ‘dataset / tacar sonraí’
- comparáid: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Níl an téarma Béarla ‘benchmark’ ar fáil i gceann ar bith de na foclóirí atá in úsáid chun an Foclóir Tráchtais a chur le chéile. Bhí gá le téarma cumtha as nua mar sin. Roghnaíodh ‘tacar sonraí comparáide’ toisc gurb é aidhm ‘benchmark dataset’ ná a bheith úsáidte chun samhlacha ríomhfhoghlama a chur i gcomparáid lena chéile.
- Tá ‘tagarmharc’ ar Focloir.ie – ach ní féidir bunús ar bith a fháil dó sin sna foinse dúchasacha atá in úsáid anseo. Ní ghlactar leis mar sin.

### **bin (ainmfhocal): eatramh**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs histeagraim, ceann ar bith de na raonta luachanna atá úsáidte chun luachanna a bhailiú le chéile agus chun a minicíocht a chomhaireamh.

*Sainmhíniú (en):* In the context of a histogram, any one of the intervals that is used to group values and calculate their frequency.

*Tagairtí:*

- eatramh: féach ar an téarma ‘interval / eatramh’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Bíonn gach uile ‘bin’ ina ‘interval’ – níl aon ghá idirdhealú a dhéanamh nuair is léir gur i gcomhthéacs histeagraim atáthar ag caint.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘interval / eatramh’.

### **binary (aidiacht): dénrátha**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs ríomheolaíochta, bunaithe ar dhá luach / rogha / aicme / srl amháin (0 agus 1, go hiondúil).

*Sainmhíniú (en):* In the context of computer science, based on only two values / choices / classes / etc (typically 0 and 1).

*Tagairtí:*

- dénrátha: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma díreach le fáil ó na foclóirí thuas.

### **binary cross entropy loss (BCEL) (ainmfhocal): pionós tras-eantrópachta dénrátha (PTED)**

*Sainmhíniú (ga):* Feidhm phionóis bunaithe ar thras-eantrópacht dénrátha. Úsáidtear go minic í i gcomhair an taisc aicmithe agus an taisc réamhinsinte nasc.

*Sainmhíniú (en):* A loss function based on binary cross entropy. It is typically used in classification and link prediction.

*Tagairtí:*

- pionós: féach ar an téarma ‘loss function / feidhm phionóis’
- tras-eantrópachta: féach ar an téarma ‘cross-entropy / tras-eantrópacht’
- dénrátha: féach ar an téarma ‘binary / dénrátha’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Úsáidtear ‘pionós’ seachas ‘feidhm phionóis’ thuas mar giorrúchán. Tá sé ceart go leor ‘feidhm phionóis’ a úsáid freisin.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘loss function / feidhm phionóis’.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘cross-entropy / tras-eantrópacht’.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘binary / dénrátha’.

### **block (ainmfhocal): modúl**

*Sainmhíniú (ga):* Cuid de shamhail nó de phróiseas a bhfuil feidhm ar leith aici agus ar féidir í a úsáid i samhail nó i bpróiseas eile, gan í athrú, chun an tasc céanna a dhéanamh.

*Sainmhíniú (en):* Part of a model or process that has a specific function and that can be used in other models or processes, without changing it, to do the same task.

*Tagairtí:*

- modúl: féach ar an téarma ‘module / modúl’.

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Tá an téarma seo comhchiallach le ‘modúl’.
- Féach ar an téarma ‘module / modúl’.

## to bound (briathar): cuimsigh

*Sainmhíniú (ga)*: I gcomhthéacs matamaitice, aschur feidhme a choinneáil ar eatramh.

*Sainmhíniú (en)*: In the context of mathematics, to keep the output of a function on an interval.

*Tagairtí*:

- cuimsigh: Dineen (1934) [1], Ó Dónaill (1977) [2], Williams et al. (2023) [5]

*Nótaí Aistriúcháin*:

- Téarma díreach le fáil leis an mbrí cheannann chéanna i gcomhthéacs matamaiticiúil i bhFoclóir Uí Dhónaill agus i Stórchiste. Is i gcomhthéacs comhchosúil, ach níos leithne, a luaitear an téarma seo i bhFoclóir Uí Dhuinín.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘interval / eatramh’.

## C

### class (ainmfhocal): aicme

*Sainmhíniú (ga)*: I gcomhthéacs an taise aicmithe, ceann ar bith de na lipéad ar féidir é a chur le sonraí ionchuir le linn aicmithe. I gcomhthéacs cliarlathais, ointeolaíocht, nó tacsanomaíocht, sórt nó cineál réada sa gcliarlathas / san ointeolaíocht / sa tacsanomaíocht.

*Sainmhíniú (en)*: In the context of classification, any one of the labels that can be given to input data during classification. In the context of a hierarchy, ontology, or taxonomy, a sort or type of object present in the hierarchy / ontology / taxonomy.

*Tagairtí*:

- aicme: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2], Williams et al. (2023) [5]

*Nótaí Aistriúcháin*:

- Téarma díreach ar fáil le brí chomhchosúil ó na foclóirí thuas.
- Tá an téarma seo le fáil i gcomhthéacs staitistice i Stórchiste sa téarma ‘class interval / eatramh aicme’.

### classification (ainmfhocal): aicmiú

*Sainmhíniú (ga)*: Tasc ríomhfhoghlama a bhfuil mar aidhm aige lipéad (‘aicme’) a chur le chuile phointe sonraí ionchuir. Mar shampla, íomhánna a bhfuil madra nó cat iontu a aicmiú de réir an t-ainmhí atá san íomhá.

*Sainmhíniú (en)*: The machine learning task that aims to assign a label (‘class’) to every input data point. For example, classifying images of dogs or cats based on the animal in the image.

*Tagairtí*:

- aicmigh: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin*:

- Téarma díreach ar fáil le brí chomhchosúil ó na foclóirí thuas.

### classifier (ainmfhocal): aicmitheoir

*Sainmhíniú (ga)*: I gcomhthéacs ríomhfhoghlama, samhail a chuireann aicmiú i gcrích.

*Sainmhíniú (en)*: In the context of machine learning, a model that performs classification.

*Tagairtí*:

- aicmigh: féach ar an téarma ‘to classify / aicmigh’
- -eoir: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2], Williams et al. (2023) [5]

*Nótaí Aistriúcháin*:

- Níl iontráil ar leith ag an iarmhír ‘-eoir’ sna foclóirí thuas, ach luann siad uilig go leor focal a úsáideann í díreach mar a úsáidtear anseo.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘to classify / aicmigh’.

### to classify (ainmfhoc): aicmigh

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs ríomhfhoghlama, an tasc aicmithe a chur i gcrích.

*Sainmhíniú (en):* In the context of machine learning, to perform the classification task.

*Tagairtí:*

- aicmigh: féach ar an téarma ‘classification / aicmiú’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- \* Is é ‘aicmiú’ seachas ‘aicmigh’ atá i bhFoclóir Uí Dhónaill agus Uí Mhaoileoin.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘classification / aicmiú’.

### Closed World Assumption (ainmfhoc): Foshuíomh an Domhain Dhúnta

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs graf eolais, an foshuíomh a deir go bhfuil gach uile fhíric i réimse graif eolais sa ngraf cheana.

*Sainmhíniú (en):* In the context of knowledge graphs, the assumption that says that all facts in the domain of the knowledge graph are already in it.

*Tagairtí:*

- foshuíomh: féach ar an téarma ‘assumption / foshuíomh’
- domhan: féach ar an téarma ‘world / domhan’
- dún: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Is é ‘dúnadh’ seachas ‘dún’ atá i bhFoclóir Uí Dhuinín agus Uí Mhaoileoin.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘assumption / foshuíomh’.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘Open World Assumption / Foshuíomh an Domhain Oscailte’.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘world / domhan’.

### cluster (ainmfhoc): braisle (pointí)

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs matamaitice, grúpa pointí atá gar dá chéile, nó cosúil lena chéile, de réir tomhais éigin.

*Sainmhíniú (en):* In the context of mathematics, a group of points that are close to each other, or similar to each other, according to some metric.

*Tagairtí:*

- braisle: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill (1977) [2]
- pointe: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2], Williams et al. (2023) [5]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- De réir Fhoclóir Uí Dhuinín, is éard is braisle ann ná ‘mass, lump, nó cluster’. Luaitear é i measc roinnt focal eile (.i. triopall, mogall, crobhaing, clibín, agus cloigín) a bhfuil an bhrí chéanna (nó chomhchosúil) luaite leo. Astu siúd, bíonn ‘triopall’ luaite i gcomhthéacs plandaí (m.sh. triopall caor), agus gan a bheith luaite i gcomhthéacs níos leithne. Bíonn ‘mogall’ luaite mar théarma teicniúil na luibheolaíocht, agus mar fhocal níos ginearálta le brí eile. Bíonn na focail eile luaite i gcomhthéacsanna níos ginearálta. Sin ráite, bíonn ‘mass’ luaite le ‘braisle’ mar bhrí eile – brí a luíonn le húsáid ‘braisle’ mar ‘mass of points’ (a deirtear uaireanta chun trácht ar ‘clusters’). Níl a leithéid de bhrí luaite leis na téarmaí eile. Meastar gurb é ‘braisle’ is fearr mar sin chun ‘cluster’ a chur in iúl.
- Ní gá ‘braisle pointí’ a rá, ach is dócha gur léire é mar théarma, toisc nach bhfuil ‘braisle’ luaite mar théarma matamaitice cheana sna foclóirí thuas.
- Tá ‘pointe’ le fáil mar théarma matamaitice i bhFoclóir Uí Dhónaill agus i Stórchiste, agus le brí níos leithne sna foclóirí eile.

### to cluster (briathar): aicmiú ionduchtach a dhéanamh

*Sainmhíniú (ga)*: I gcomhthéacs ríomhfhoghlama, an tasc aicmithe ionduchtaigh a chur i gcrích.

*Sainmhíniú (en)*: In the context of machine learning, to perform the clustering task.

*Tagairtí*:

- aicmigh: féach ar an téarma ‘classification / aicmiú’
- ionduchtach: féach ar an téarma ‘clustering / aicmiú ionduchtach’

*Nótaí Aistriúcháin*:

- Féach ar an téarma ‘clustering / aicmiú ionduchtach’.

### clustering (ainmfhocal): aicmiú ionduchtach

*Sainmhíniú (ga)*: I gcomhthéacs ríomhfhoghlama, an próiseas a bhaineann le pointí sonraí a aicmiú nuair nach bhfuil eolas ar bith céard iad na haicmí cearta (ná ar an méid aicmí fiú) ar fáil roimh ré, sa gcaoi gur gá iad sin a fhoghlaim go hionduchtach.

*Sainmhíniú (en)*: In the context of machine learning, the process related to assigning a class to data points when there is no knowledge in advance of what the correct labels are (or even how many there are), such that the learning must be done inductively.

*Tagairtí*:

- aicmigh: féach ar an téarma ‘classification / aicmiú’
- ionduchtach: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill (1977) [2], Williams et al. (2023) [5]

*Nótaí Aistriúcháin*:

- Luann Stórchiste an téarma ‘ionduchtach’ i gcomhthéacs matamaitice. Luann na foclóirí eile é i gcomhthéacs níos ginearálta, ach leis an mbrí chéanna.
- Is éard is ‘clustering’ ann mar thasc ríomhfhoghlama ná lipéad aicme a chur le pointí sonraí nach bhfuil lipéad ar bith leo. Tá sé an-cheangailte le aicmiú mar thasc, ach amháin nach bhfuil fios na n-aicmí cearta ar fáil don chóras ríomhfhoghlama roimh ré. Sin le rá, is tasc ionduchtach é. Is as an mbun-choincheap seo a roghnaítear ‘aicmiú ionduchtach’ mar théarma.
- Tá ‘braisliú’ le feiceáil ar Foclóir.ie – focal a thagann as an bhfréamh ‘braisle’. Cé is moite de sin, ní bhíonn an leagan briathair ‘braisliú’ le feiceáil i bhfoclóir dúchasach ar bith. Ní ghlactar leis mar sin sa gcomhthéacs matamaitice seo.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘classification / aicmiú’.

### co-frequency (ainmfhocal): cóimhinicíocht

*Sainmhíniú (ga)*: I gcomhthéacs graif eolais, cé chomh minic is a bhíonn dhá nód / cheangal (nó níos mó) le chéile sna habairtí triaracha céanna sa ngraf.

*Sainmhíniú (en)*: In the context of a knowledge graph, how often two (or more) nodes / edges are part of the same triples in the graph.

*Tagairtí*:

- minicíocht: féach ar an téarma ‘frequency / minicíocht’
- comh-: De Bhaldraithe (1978) [3]\*, Dineen (1934) [1], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin*:

- \* Níl an réimír Béarla ‘co-’ i bhFoclóir De Bhaldraithe mar théarma ar leith, ach úsáidtear é (agus a leagan Gaeilge ‘comh-’ i roinnt maith focail ann.
- Is é ‘cómh’ atá i bhFoclóir Uí Dhuinín, ach glactar leis gurb in an focal céanna.
- De réir Fhoclóir Uí Dhónaill, scríobhtar có(i)- seachas comh- nuair atá an réimír seo curtha roimh focal a thosaíonn le ‘m’ nó le ‘n’, mar a tharlaíonn anseo.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘frequency / minicíocht’.

### **coefficient (ainmfhocal): comhéifeacht**

*Sainmhíniú (ga):* Uimhir scálach a úsáidtear chun uimhir nó athróg eile a mhéadú fúithi.

*Sainmhíniú (en):* A scalar value multiplied with another number or variable.

*Tagairtí:*

- comhéifeacht: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill (1977) [2], Williams et al. (2023) [5]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma luaite mar théarma matamaitice sna foclóirí thuas.

### **computer network (ainmfhocal): líonra ríomhairí**

*Sainmhíniú (ga):* Graf nó graf eolais ina gcuireann nód ríomhairí in iúl, agus ina mbíonn ceangail ann a léiríonn gur féidir le dá ríomhaire nascadh lena chéile.

*Sainmhíniú (en):* A graph or knowledge graph in which nodes represent computers, and edges represent the that two computers can connect to each other.

*Tagairtí:*

- líonra: féach ar an téarma ‘network / líonra’
- ríomhaire: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1]\*, Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- \* Tá ‘ríomhaire’ i bhFoclóir Uí Dhuinín le brí níos sine (ag trácht ar áireamhán seachas ar ríomhaire an lae inniu).
- Tá an dá fhocal (líonra agus ríomhaire) díreach ar fáil ó na foclóirí thuas le brí chomhchosúil.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘network / líonra.’

### **computer science (ainmfhocal): ríomheolaíocht**

*Sainmhíniú (ga):* an réimse staidéar atá dírithe ar algartaim, ar bhogearraí, agus ar ríomhchlárúcháin.

*Sainmhíniú (en):* the field of study that focuses on algorithms, software, and computer programing.

*Tagairtí:*

- ríomheolaíocht: Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma iomlán ar fáil i bhfoclóir iontaofa. Glactar leis.

### **connectivity (ainmfhocal): (frása le ‘ceangailte’)**

*Sainmhíniú (ga):* Cé chomh ceangailte is atá cuid de ghraf eolais (.i. nód nó ceangal) le codanna eile den ghraf céanna.

*Sainmhíniú (en):* How connected one part of a knowledge graph (i.e. a node or edge) is with other parts of the same graph.

*Tagairtí:*

- ceangailte: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Níl téarma dó seo ar fáil go díreach ó Fhoclóir Uí Dhónaill, De Bhaldraithe, Uí Dhónaill agus Uí Maoileoin, ná Uí Dhuinín. Cé go bhfuil dlús ann (mar ‘density’ i gcomhthéacs eolaíochta), is iomaí saghsanna dlúis atá ann i ngraf eolais, agus níl ‘connectivity’ ach ar cheann amháin acu sin. Fágтар gan téarma ar leith ina chomhair seo mar sin. Moltar frása leis an téarma ‘ceangailte’ a úsáid.
- Samplaí: Cé chomh ceangailte is atá rud, nód atá an-cheangailte le nód eile, srl.

### consequent (ainmfhocal): iarmhairt

*Sainmhíniú (ga)*: I gcomhthéacs rialach loighce  $A \rightarrow B$ , an téarma  $B$  atá mar chuid dheireanach den riail.

*Sainmhíniú (en)*: In the context of a logical rule  $A \rightarrow B$ , the term  $B$  that is the ending part of the rule.

*Tagairtí*:

- iarmhairt: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin*:

- Téarma díreach ar fáil mar théarma loighce ó Fhoclóir De Bhaldraithe agus ó Fhoclóir Uí Dhónaill. Is é ‘iarmhairt’ seachas ‘iarmhairt’ atá luaite i bhFoclóir De Bhaldraithe, ach luann Foclóir Uí Dhónaill gur leagan eile den fhocal céanna atá ann. Glactar leis an téarma atá i bhFoclóir Uí Dhónaill toisc gur nua é mar fhoclóir.
- Luann Foclóir De Bhaldraithe (agus Foclóir Uí Dhónaill) trí théarma a chuireann ‘consequent’ in iúl: iarthéarma, iarmhairt, agus iarbheart. Cé go nglactar le ‘réamhthéarma’ mar ‘antecedent’, is léir ón dá fhoclóir anseo nár cheart glacadh le ‘iarthéarma’ – is focal matamaitice amháin é sin dar leo araon, a dhéanann cur síos ar an dara uimhir i gcóimheas (.i. an  $b$  in  $a : b$ ). Bíonn idir ‘iarmhairt’ agus iarbheart’ luaite mar théarmaí loighce, ach glactar le ‘iarmhairt’ toisc gurb in atá i bhfoinsí eile (.i. Téarma.ie). Toisc nach bhfuil difríocht ar bith idir ‘iarmhairt’ agus ‘iarbheart’ sna foclóirí dúchasacha, meastar nach bhfuil cúis ar bith gan glacadh leis an téarma a bhfuil an úsáid is mó bainte as.

### constant (aidiacht): buan-

*Sainmhíniú (ga)*: Ag trácht ar luach éigin, gan athrú.

*Sainmhíniú (en)*: Regarding a value, unchanging.

*Tagairtí*:

- buan-: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2], Williams et al. (2023) [5]

*Nótaí Aistriúcháin*:

- Tá an réimír ‘buan-’ úsáidte i gcomhthéacs matamaitice i bhFoclóir Uí Dhónaill, i bhFoclóir De Bhaldraithe, agus i Stórchiste sa téarma ‘buanuimhir’. Sna foclóirí eile, is i gcomhthéacs níos leithe atá sé luaite.

### correct fitting (ainmfhocal): foghlaim cheart

*Sainmhíniú (ga)*: I gcomhthéacs ríomhfhoghlama, foghlaim réasúnta iomlán atá in ann patrúin ghinearálta an tacair thraenála a fhoghlaim gan a bheith ag ró-fhoghlaim ná an foghlaim go heasnamhach.

*Sainmhíniú (en)*: In the context of machine learning, reasonably complete learning that can extract general patterns from the training set without overfitting or underfitting.

*Tagairtí*:

- foghlaim: féach ar an téarma ‘machine learning / ríomhfhoghlaim’
- ceart: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin*:

- Féach ar an téarma ‘machine learning / ríomhfhoghlaim’.

### to correlate (briathar): comhghaolaigh

*Sainmhíniú (ga)*: I gcomhthéacs matamaitice, comhghaol a fháil idir dhá shraith sonraí.

*Sainmhíniú (en)*: In a mathematical context, to find the correlation between two datasets.

*Tagairtí*:

- comhghaolaigh: Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin*:

- Téarma luaite mar théarma matamaitice i bhFoclóir Uí Dhónaill.



### **correlation (ainmfhocal): comhghaol**

*Sainmhíniú (ga)*: Cáilíocht mhatamaiticiúil a dhéanann cur síos ar cé chomh maith is a luíonn dhá shraith uimhreacha lena chéile.

*Sainmhíniú (en)*: A mathematical quantity that describes how well two lists of numbers relate.

*Tagairtí*:

- comhghaol: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill (1977) [2], Williams et al. (2023) [5]

*Nótaí Aistriúcháin*:

- Luann Foclóir Uí Dhónaill ‘comhghaol’ mar théarma matamaitice. Luann Stórchiste ‘comhéifeacht comhghaolúcháin’ mar ‘correlation coefficient’, téarma bunaithe as an bhfréamh céanna.
- Más é ‘correlation coefficient’ atá i gceist, ba cheart ‘comhéifeacht comhghaolúcháin’ a úsáid i bhfianaise a bhfuil le feiceáil i Stórchiste.

### **correlation coefficient (ainmfhocal): comhéifeacht comhghaolúcháin**

*Sainmhíniú (ga)*: I gcomhthéacs matamaitice, luach (a scríobhtar go minic mar ‘r’) idir -1 agus 1 léiríonn cé chomh mór, agus i cén treo, is atá an comhghaol idir dhá shraith sonraí.

*Sainmhíniú (en)*: In a mathematical context, a value (often written as ‘r’) between -1 and 1 that describes how strong, and in what direction, correlation is between two datasets.

*Tagairtí*:

- comhéifeacht: féach ar an téarma ‘coefficient / comhéifeacht’
- comhghaolúcháin: Williams et al. (2023) [5]

*Nótaí Aistriúcháin*:

- Féach ar an téarma ‘coefficient / comhéifeacht’
- Féach chomh maith ar an téarma ‘correlation / comhghaol’
- Féach chomh maith ar an téarma ‘to correlate / comhghaolaigh’

### **to corrupt (briathar): malartaigh**

*Sainmhíniú (ga)*: I gcomhthéacs frith-shamplála, frith-shampla a chruthú trí nód (an t-ainmní nó an cuspóir) in abairt thriarach bhun-fhírinneach a athrú go nód eile.

*Sainmhíniú (en)*: In the context negative sampling, to create a negative sample by changing a node (the subject or object) in a triple to a different node.

*Tagairtí*:

- malartaigh: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin*:

- Téarma díreach ar fáil le brí chomhchosúil (ach i gcomhthéacs níos leithne).

### **counterexample (ainmfhocal): frith-shampla**

*Sainmhíniú (ga)*: Sonra a úsáidtear chun cur in iúl do shamhail ríomhaireachta rud atá mícheart nó nár cheart dó a fhoghlaim.

*Sainmhíniú (en)*: A data point that is used to instruct a machine learning model about something that is incorrect or that should not be learned.

*Tagairtí*:

- frith-: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]
- sampla: féach ar an téarma ‘sample / sampla’

*Nótaí Aistriúcháin*:

- Ní fheictear ‘frith-shampla’ i bhfoclóir ar bith, ach amháin an réimír ‘frith-’ agus focal ‘sampla’.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘negative (sample) / frith-shampla’.

### **cross entropy loss (CEL) (ainmfhocal): pionós tras-eantrópachta (PTE)**

*Sainmhíniú (ga):* Feidhm phionóis bunaithe ar thras-eantrópacht. Úsáidtear go minic í i gcomhair an taise réamhinsinte nasc (i measc tascanna ríomhfhoghlama eile).

*Sainmhíniú (en):* A loss function based on cross entropy. It is often used in link prediction, among other machine learning tasks.

*Tagairtí:*

- pionós: féach ar an téarma ‘loss function / feidhm phionóis’
- tras-eantrópachta: féach ar an téarma ‘cross-entropy / tras-eantrópacht’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Úsáidtear ‘pionós’ seachas ‘feidhm phionóis’ thuas mar giorrúchán. Tá sé ceart go leor ‘feidhm phionóis’ a úsáid freisin.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘loss function / feidhm phionóis’.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘cross-entropy / tras-eantrópacht’.

### **cross-attention (ainmfhocal): tras-aird**

*Sainmhíniú (ga):* Oibriú airde ina dtagann an t-ionchur ar fad ó fhoinsí éagsúla.

*Sainmhíniú (en):* An attention operation in which inputs come from different sources.

*Tagairtí:*

- tras-: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2], Williams et al. (2023) [5]
- aird: féach ar an téarma ‘attention / aird’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Luann Stórchiste ‘tras-’ mar ‘cross-’ i gcomhthéacs matamaitice. Sna foclóirí eile, is i gcomhthéacs níos leithne atá sé luaite.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘attention / aird’.

### **cross-entropy (ainmfhocal): tras-eantrópacht**

*Sainmhíniú (ga):* Tomhas ar cé chomh neamhordaithe is atá dáileadh staitistiúil (de réir dáileadh tagartha eile).

*Sainmhíniú (en):* A measure of disorder in statistical distributions (in comparison to a reference distribution).

*Tagairtí:*

- tras-: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2], Williams et al. (2023) [5]
- eantrópacht: féach ar an téarma ‘entropy / eantrópacht’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Luann Stórchiste ‘tras-’ mar ‘cross-’ i gcomhthéacs matamaitice. Sna foclóirí eile, is i gcomhthéacs níos leithne atá sé luaite.
- Féach ar an téarma ‘entropy / eantrópacht’.

### curve (ainmfhocal): cuar

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs matamaitice, breacadh cothromóide nó tacair phointí a leanann patrún éigin.

*Sainmhíniú (en):* In the context of mathematics, a plot of an equation or of various points that follow some pattern.

*Tagairtí:*

- cuar: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]
- cuaire: Williams et al. (2023) [5]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Cé go bhfuil an téarma ‘cuar’ luaite sna foclóirí thuas mar leagan den fhocal Béarla ‘curve’, ní luann foclóir ar bith acu comhthéacs matamaitice leis. Sin ráite, is é ‘cuaire’, bunaithe ar an bhfréamh céanna, atá ag Stórchiste i gcomhair ‘curvature’ i gcomhthéacs matamaitice. Toisc brí chomhchiallach a bheith ag ‘cuar’, agus focal gaolmhar leis a bheith luaite i gcomhthéacs matamaitice, glactar leis.

## D

### data (ainmfhocal): sonraí

*Sainmhíniú (ga):* léiriú cainníochtúil nó cineálach ar rud.

*Sainmhíniú (en):* a quantitative or qualitative description of something.

*Tagairtí:*

- sonra: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Úsáidtear an leagan iolra de ghnáth, toisc gur annamh a bhíonn trácht ar shonra amháin, ach ar thacar sonraí.

### data leak (ainmfhocal): sceitheadh sonraí

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs ríomhfhoghlama, an rud a tharlaíonn nuair atá sonraí ón tacar deimhnithe / teisteála le feiceáil le linn an phróisis thraenála, rud a bhfuil ró-fhoghlaim mar thoradh air.

*Sainmhíniú (en):* In the context machine learning, what happens when data from the validation / testing set can be seen during the training process, leading to overfitting.

*Tagairtí:*

- sonra: féach ar an téarma ‘data / sonraí’
- sceith: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarmaí díreach ar fáil leis an mbrí chéanna (ach i gcomhthéacs neamh-theicniúil).
- Is é ‘sceith’ seachas ‘sceith’ atá i bhFoclóir Uí Dhuinnín, ach glactar leis gurb in an focal céanna.
- Tá an frása ‘rún a sceitheadh, to divulge a secret’ i bhFoclóir Uí Dhónaill. Tá sceitheadh sonraí díreach cosúil le sceitheadh rúin – ba cheart go mbeadh sonraí teisteála rúnda le linn an phróisis thraenála. Muna bhfuil, is sceitheadh rúin atá ann – agus an rún ná na sonraí teisteála iad féin.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘data / sonraí’.

### database (ainmfhocal): bunachar sonraí

*Sainmhíniú (ga)*: Bailiúchán sonraí ar ríomhaire a bhfuil struchtúr loighciúil righin leis.

*Sainmhíniú (en)*: A collection of data on a computer with a strict logical structure.

*Tagairtí*:

- bunachar\*: Dineen (1934) [1], Ó Dónaill (1977) [2]
- sonra: féach ar an téarma ‘data / sonraí’

*Nótaí Aistriúcháin*:

- \* Úsáidtear ‘bunachair’ mar leagan iolra den téarma seo, cé nach bhfuil leagan iolra den fhocal ‘bunachar’ luaite i bhFoclóir Uí Dhónaill.
- Tá ‘bunachar sonraí’ ar fáil mar aistriúchán ar ‘database’ ar Foclóir.ie agus ar Téarma.ie, ach níl i bhfoclóir ar bith eile a úsáidtear sa tráchtas seo (.i. Ó Dónall, Ua Duinnín, srl). Sin ráite, tá idir ‘bunachar’ agus ‘sonra’ ar fáil i go leor foclóirí eile, agus níl fianaise ar bith ann go mbeadh an téarma ‘bunachar sonraí’ mí-nádúrtha dá bharr sin. Móide sin, níl cúis ar bith téarma eile le brí gaolmhar (m.sh. ‘foras sonraí’) a chumadh nuair atá téarma cuí ann cheana féin. Glactar le ‘bunachar sonraí’ mar sin.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘data / sonraí’.

### dataset (ainmfhocal): tacar sonraí

*Sainmhíniú (ga)*: Grúpa sonraí curtha le chéile, go háirithe chun samhlacha ríomhfhoghhlama a thraenáil nó a mheasúnú.

*Sainmhíniú (en)*: A set of data that is gathered together, especially to be used for training or evaluating machine learning models.

*Tagairtí*:

- tacar: féach ar an téarma ‘set / tacar’.
- sonra: féach ar an téarma ‘data / sonraí’.

*Nótaí Aistriúcháin*:

- Téarma cruthaithe go díreach as an dá théarma thuas.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘data / sonraí’.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘set / tacar’.

### decision boundary (ainmfhocal): teorainn chinnidh

*Sainmhíniú (ga)*: I gcomhthéacs aicmithe, cuar a scarann dhá aicme nó níos mó óna chéile. I gcomhthéacs ríomhfhoghhlama níos leithne, cuar a scarann dhá shórt réamhinsint (nó níos mó) óna chéile.

*Sainmhíniú (en)*: In the context of classification, a curve that separates two or more classes from each other. In the context of machine learning more generally, a curve that separates two (or more) sorts of predictions from each other.

*Tagairtí*:

- teorainn: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]
- cinneadh: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin*:

- Is é ‘teora’ seachas ‘teorainn’ atá i bhFoclóir Uí Dhuinnín.
- Ní luaitear ceachtar den dá théarma thuas i gcomhthéacs ríomhfhoghhlama. Sin ráite, is fíor gur sórt teorann í an teorainn chinnidh – ach is teorainn idir dhá chinneadh, seachas idir dhá thír, atá i gceist. De réir a bhfuil le feiceáil i bhFoclóir Uí Dhónaill, is féidir ‘teorainn’ a úsáid i gcomhthéacseanna leithne – agus glactar leis an úsáid seo de ‘teorainn’ mar sin.

### decision tree (ainmfhocal): crann cinnte

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs ríomheolaíochta, uirlis ríomhfhoghlama a dhéanann réamhinsintí (nó ‘cinntí’) de réir rialacha atá samhlaithe ar chraobhacha an chrainn.

*Sainmhíniú (en):* In the context of computer science, a machine learning tool that makes predictions (or ‘decisions’) based on rules modelled on the branches of the tree.

*Tagairtí:*

- crann: féach ar an téarma ‘tree / crann’
- cinn: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Is é ‘cinneadh’ seachas ‘cinn’ atá i bhFoclóir Uí Dhónaill agus Uí Mhaoileoin.
- Is é ‘crann cinnteoireachta’ atá ar Téarma.ie. Sin ráite, ní fheictear cúis ar bith nach leor crann cinnte (sin crann + cinneadh (ainmfhocal), seachas crann + cinnte (aidiaicht)). Is éard is crann cinnte ann ná crann ríomheolaíochta a dhéanann cinntí – mar sin, crann cinnte.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘tree / crann’.

### deep learning (ainmfhocal): foghlaim dhomhain

*Sainmhíniú (ga):* Cur chuige ríomhfhoghlama a úsáideann líonraí néaracha móra (a bhfuil an-chuid ciseal iontu).

*Sainmhíniú (en):* A machine learning approach that uses large neural networks (with many layers).

*Tagairtí:*

- foghlaim: féach ar an téarma ‘machine learning / ríomhfhoghlaim’
- domhain: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2], Williams et al. (2023) [5]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Tá ‘domhainfhoghlaim’ ar Téarma.ie. Bíonn úsáid ‘domhain’ mar réimír le feiceáil i bhFoclóir Uí Dhónaill in dá théarma ar leith – ‘domhainmhachnamh’ agus ‘domhainiascaireacht’ – rud a chuireann le fios go bhfuil an úsáid sin inghlactha. Sin ráite, cé go bhfuil an-chuid samplaí d’úsáid an téarma ‘domhain’ mar aidiaicht, níl sé le feiceáil mar réimír ach go hannamh (sa dá fhocal luaite cheana). Meastar go mbeadh ‘foghlaim dhomhain’ níos léire ó thús deireadh toisc nach mbíonn an cleachtadh ann i nGaeilge réimíreanna a úsáid in ainneoin aidiaichtaí ach go hannamh.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘machine learning / ríomhfhoghlaim’.

### degree (ainmfhocal): céim

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs nóid i ngraf eolais, ca mhéad ceangal atá aige le nóid eile sa ngraf.

*Sainmhíniú (en):* In the context of a node in a knowledge graph, how many connections it has with other nodes in the graph.

*Tagairtí:*

- céim: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Luann na foclóirí thuas (seachas Foclóir Uí Dhuinín) ‘céim’ mar téarma geoiméadrachta / eolaíochta. Ní hionann ‘céim’ geoiméadrachta agus ‘céim’ nóid i ngraf eolais. Cé is moite de sin, is féidir ‘céim’ a úsáid i gcomhthéacs eolaíochta chun trácht a dhéanamh ar cé chomh fásta / láidir / srl is atá rud (.i. céim teocht). Luíonn sé seo lé ‘céim’ mhinicíochta i ngraf – cé chomh coitianta is atá nóid amháin.

### **dense (aidiacht): dlúth**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs graif eolais (nó fo-ghraif), an-cheangailte le codanna eile den ghraf / den fho-ghraf.

*Sainmhíniú (en):* In the context of a knowledge graph (or subgraph), highly connected with other parts of the same graph / subgraph.

*Tagairtí:*

- dlúth: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2], Williams et al. (2023) [5]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma díreach ar fáil le brí chomhchosúil.

### **dense layer (ainmfhocal): ciseal lán-cheangailte**

*Sainmhíniú (ga):* Ciseal i líonra néarach ina bhfuil chuile néaróg ionchuir ceangailte le chuile néaróg aschuir.

*Sainmhíniú (en):* A layer in a neural network in which every input neuron is connected to every output neuron.

*Tagairtí:*

- ciseal: féach ar an téarma ‘layer / ciseal’
- lán-: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]
- ceangailte: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Tá ‘ciseal lán-cheangailte’ níos díri mar théarma. Sin ráite, níl fadhb ar bith le ‘ciseal dlúth’ ach an oiread – is ionann an dá théarma.

### **density (ainmfhocal): dlús**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs graif eolais (nó fo-ghraif), cé chomh dlúth is atá sé.

*Sainmhíniú (en):* In the context of a knowledge graph (or subgraph), how dense it is.

*Tagairtí:*

- dlúth: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma díreach ar fáil le brí chomhchosúil.

### **dependency graph (ainmfhocal): graf spleáchais**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs ríomheolaíochta, graf a léiríonn ceangail spleáchais idir a chuid nód.

*Sainmhíniú (en):* In the context of computer science, a graph that shows dependency relationships among its nodes.

*Tagairtí:*

- graf: féach ar an téarma ‘graph / graf’
- spleáchas: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma cruthaithe go díreach as na focail thuas.
- Is é ‘spleádhas’ atá i bhFoclóir Uí Dhuinín, ach glactar leis gurb in an focal céanna.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘graph / graf’.

## DIKW Pyramid (ainmfhocal): Pirimid SFEE

*Sainmhíniú (ga):* Pirimid ceithre chisil ina bhfuil ann, ó bhun go barr, sonraí, faisnéis, eolas, agus eagna.  
*Sainmhíniú (en):* A four-layer pyramid which contains, from the base to the top, data, information, knowledge, and wisdom.

*Tagairtí:*

- pirimid: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]
- sonra: féach ar an téarma ‘data / sonraí’
- faisnéis: féach ar an téarma ‘information content / lucht faisnéise’
- eolas: féach ar an téarma ‘knowledge graph (KG) / graf eolais (GE)’
- eagna: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma cruthaithe go díreach as a bhfuil thuas. Cé go dtugtar leagan Gaeilge den ghiorrúchán ‘DIKW’, toisc gur ainm dílis é ‘DIKW Pyramid’ ag an bpointe seo, is dócha go mba cheart an litriú Béarla a chur leis chomh maith ar an gcéad úsáid. Mar shampla ‘an Phirimid SFEE (nó DIKW, de réir litriú an Bhéarla)’. I gcomhthéacsanna áirithe, is dócha go mbeadh fiú ‘Pirimid DIKW’ (le litreacha an Bhéarla amháin) níos éasca le tuiscint ó thús deireadh.
- Úsáideadh ‘eagna’ mar ‘wisdom’ seachas focal ar bith eile (m.sh. gaois, eagnaíocht, srl) toisc é a bheith luaite ní hamháin leis an mbrí ‘wisdom’ i bhFoclóir Uí Dhónaill, ach le ‘intelligence, understanding’ chomh maith. Sin an bhrí is giorra do bhrí an fhocail ‘wisdom’ sa gcomhthéacs seo, agus glactar leis mar sin.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘data / sonraí’.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘information content / lucht faisnéise’.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘knowledge graph (KG) / graf eolais (GE)’.

## dimension (ainmfhocal): toise

*Sainmhíniú (ga):* Ag trácht ar spás veicteora, líon na n-uimhreacha atá i ngach uile veicteoir sa spás céanna; nó, ais amháin den spás sin.

*Sainmhíniú (en):* Regarding a vector space, the number of elements contained in each vector in that space; or, one axis of that space.

*Tagairtí:*

- toise: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1]\*, Ó Dónaill et al. (1991) [4]\*, Ó Dónaill (1977) [2], Williams et al. (2023) [5]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- \* Is mar sórt tomhais a fheictear an téarma sna foclóirí seo (seachas mar théarma a dhéanann cur síos ar ais i spás veicteora).
- I bhFoclóir Uí Dhónaill agus i Stórchiste, luaitear ‘toise’ mar théarma matamaitice.

## dimensionality (ainmfhocal): (frása le ‘toise’)

*Sainmhíniú (ga):* Ag trácht ar spás veicteora, líon na n-uimhreacha atá i ngach uile veicteoir sa spás céanna; nó, an t-airí a bhaineann le rud a bhfuil toisí aige.

*Sainmhíniú (en):* Regarding a vector space, the number of elements contained in each vector in that space; or, the property of having dimensions.

*Tagairtí:*

- toise: féach ar an téarma ‘dimension / toise’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- féach ar an téarma ‘dimension / toise’

### **directed (aidiacht): dírithe**

*Sainmhíniú (ga):* Ag tagairt ar ceangal in abairt thriarach, ag ceangal an nód tosaigh (an ainmfhocal) leis an nód deiridh (an cuspóir) in ord.

*Sainmhíniú (en):* Regarding an edge in a triple, providing an order-aware mapping of a source node (the subject) to a target node (the object).

*Tagairtí:*

- dírithe: Dineen (1934) [1], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Úsáidtear an téarma seo i gcomhthéacs treo radhairc, aidhm ghunna, agus ar eile. Sin ráite, tá an bhrí sin an-ghar don bhrí atá i gceist anseo. Glactar leis an téarma mar sin.

### **distribution (ainmfhocal): dáileadh**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs tacar / liosta uimhreacha, léiriú staitistiúil ar mhinicíocht na luachanna atá ann.

*Sainmhíniú (en):* In the context of a set / list of numbers, a statistical description of how often each value occurs.

*Tagairtí:*

- dáileadh: Williams et al. (2023) [5]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma ar fáil sa gcomhthéacs matamaiticiúil céanna i Stórchiste.
- Níl an téarma seo luaite i comhthéacs comhchosúil i bhFoclóir ar bith eile atá á úsáid anseo.

### **domain (ainmfhocal): fearann**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs matamaitice, tacar luacha ar féidir iad a úsáid mar ionchur ar fheidhm éigin. I gcomhthéacs faisnéise i ngraf eolais, tacar nód ar féidir leo bheith mar ainmnithe in abairtí triarach leis an bhfaisnéis sin.

*Sainmhíniú (en):* In the context of mathematics, the set of values that can be input into some function. In the context of a predicate in a knowledge graph, the set of nodes that can be used as subjects in triples with that predicate.

*Tagairtí:*

- fearann: De Bhaldraithe (1978) [3]\*, Williams et al. (2023) [5]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma díreach ar fáil ó Stórchiste leis an mbrí chéanna i gcomhthéacs matamaitice.
- \* Cé go bhfuil an téarma seo i bhFoclóir De Bhaldraithe, ní luaitear comhthéacs ar bith leis, agus níl sé cinnte mar sin an raibh brí mhatamaiticiúil i gceist ann nó nach raibh.
- Cé go bhfuil an focal seo i bhFoclóir Uí Dhónaill, i bhFoclóir Uí Dhónaill agus Uí Mhaoileoin, agus i bhFoclóir Uí Dhuinín, is mar limistéar talún seachas mar thacar luacha matamaitice a bhíonn sé luaite iontu.

### **dropout layer (ainmfhocal): ciseal nialas**

*Sainmhíniú (ga):* Ciseal i líonra néarach ina bhfuil luach roinnt néaróg ionadaithe le 0 go randamach.

*Sainmhíniú (en):* A layer in a neural network in which the value of some neurons is randomly replaced by 0.

*Tagairtí:*

- ciseal: féach ar an téarma ‘layer / ciseal’
- nialas: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Ní iarrtar ‘dropout’ a aistriú go litriúil toisc é sin a bheith i bhfad níos foclaí, gan buntáiste léir ag baint leis.



## E

### edge (ainmfhocal): ceangal

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs graf nó graf eolais, cuid de ghraf a nascann (nó a cheanglaíonn) dhá nód le chéile.

*Sainmhíniú (en):* In the context of graphs or knowledge graphs, an element of a graph that serves to connect two nodes.

*Tagairtí:*

- ceangal: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Is mar thagairt d'fheistiú (le rópa) a úsáidtear an téarma seo den chuid is mó sna foclóirí thus. Sin ráite, is féidir a rá chomh maith go bhfuil dhá nód a bhfuil ceangal eatarthu 'feistithe' lena chéile. Ní mheasann an t-údar gur bac ar bith é sin ar úsáid an fhocail 'ceangal' leis an mbrí nua seo.
- Seo an téarma céanna is a úsáidtear chun 'relation(ship)' a chur in iúl, toisc go bhfuil an bhrí chéanna leis i gcomhthéacs graf.

### efficiency (ainmfhocal): éifeachtacht (ama, fhuinnimh)

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs ríomheolaíochta, cé chomh maith is atá samhail nó próiseas ar thaobh an ama / úsáid fhuinnimh de.

*Sainmhíniú (en):* In the context of computer science, how effective a model is according to time taken or energy used.

*Tagairtí:*

- éifeachtacht: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma díreach ar fáil leis an mbrí chéanna ó na foclóirí thuas.
- Féach chomh maith ar an téarma 'performance / éifeachtacht (ama, taisc)'.

### element (ainmfhocal): ball

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs tacar, uimhir nó réad atá i dtacar.

*Sainmhíniú (en):* In the context of sets, a number or object in a set.

*Tagairtí:*

- ball: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1]\*, Ó Dónaill et al. (1991) [4]\*, Ó Dónaill (1977) [2], Williams et al. (2023) [5]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- \* Níl 'ball' luaite mar théarma matamaitice sna foclóirí seo.
- Téarma díreach le fáil i gcomhthéacs tacar / matamaitice sna foclóirí eile thuas.

### to embed (briathar): leabaigh

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs ríomhfhoghlama, leabuithe a chruthú i gcomhair nód / ceangal / focal, srl.

*Sainmhíniú (en):* In the context of machine learning, to ceate embeddigns for nodes / edges / words / etc.

*Tagairtí:*

- leabaigh: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Is é 'leabú' seachas 'leabaigh' atá luaite i bhFoclóir Uí Dhónaill agus Uí Mhaoileoin.
- Féach chomh maith ar an téarma 'embedding / leabú'.

### embedding (ainmfhocal): leabú

*Sainmhíniú (ga):* Próiseas ríomhfhoghla a dhéanann nód nó ceangal a chur i spás veicteora; nó, an veicteoir é féin sa spás veicteora a chuireann nód nó ceangal in iúl.

*Sainmhíniú (en):* A machine learning process that places nodes or edges into a vector space; or, the vector itself in embedding space that represents a node or edge.

*Tagairtí:*

- leabú: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Úsáidtear ‘leabú’ sna foclóirí chun tagairt a dhéanamh ar leabú fisiciúil: mar shampla, cloch a leabú i moirtéal. Sin ráite, níl sa mbrí nua (ríomheolaíochta) seo ach leabú i rud neamh-fhisiciúil – spás veicteora. Mar sin, glactar le húsáid an téarma seo.

### end condition (ainmfhocal): coinníoll críochnaithe

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs ríomheolaíochta, coinníoll a chinneann cathain ar cheart próiseas a stopadh.

*Sainmhíniú (en):* In the context of computer science, a condition that determines when a process should be stopped.

*Tagairtí:*

- coinníoll: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1]\*, Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]
- críochnaigh: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1]\*, Ó Dónaill et al. (1991) [4]\*\*, Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- \* Is é ‘coingheall’ agus ‘críochnuighim’ atá i bhFoclóir Uí Dhuinín, ach glactar leis gurb iad na focail chéanna le sean-litriú.
- \*\* Is é ‘críochnú’ atá i bhFoclóir Uí Dhónaill agus Uí Mhaoileoin.
- Ní roghnaíodh ‘coinníoll deiridh’ (nó ‘coinníoll deireanach’, srl) anseo toisc go dtabharfadh sé sin le fios go bhfuil an coinníoll seo ag deireadh liosta coinníollacha, seachas mar choinníoll a chinneann cathain ar cheart próiseas a chríochnú.

### entity (ainmfhocal): aonad

*Sainmhíniú (ga):* Coincheap nó réad amháin, go háirithe agus é samhlaíte mar nód i ngraf eolais, mar shonra i mbunachar sonraí, nó mar ainm i dtéacs scríofa go nádúrtha.

*Sainmhíniú (en):* A single concept or object, especially when represented by a node in a knowledge graph, a data point in a database, or a name in a natural language text.

*Tagairtí:*

- aonad: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Roghnaíodh ‘aonad’ seachas ‘aonán’ toisc brí níos leithne a bheith i gceist leis. Feictear i bhFoclóir Uí Dhónaill agus Uí Mhaoileoin gurb ionann aonad agus ‘rud amháin ann féin’ – a bhrí díreach atá de dhíth. Ní shin mar a bhíonn le ‘aonán’, áfach – bíonn an téarma sin luaite i bhFoclóir Uí Dhónaill agus i bhFoclóir De Bhaldraithe mar théarma bitheolaíochta; sin le rá, déanann sé trácht ar aonán beo (amháin). Cinntear ‘aonad’ a úsáid mar sin.
- I gcomhthéacs graf eolais, más é nód i ngraf atá i gceist, is dócha gur léire ‘nód’ a úsáid seachas ‘aonad’. Más é an coincheap taobh thiar den nód atá i gceist, áfach, bheadh an-chúis ann an focal ‘aonad’ a úsáid.

### entity alignment (ainmfhocal): ailíniú aonad

*Sainmhíniú (ga)*: I gcomhthéacs ríomhfhoghlama, tasc a bhfuil i gceist aige réamhinsint a dhéanamh ar cén aonaid ar leith i dtacar sonraí atá dáiríre ag seasamh don choincheap nó don réad céanna.

*Sainmhíniú (en)*: In the context of machine learning, the task of predicting which distinct entities in a dataset actually stand for the same concept or object.

*Tagairtí*:

- ailíniú: féach ar an téarma ‘alignment / ailíniú’
- aonad: féach ar an téarma ‘entity / aonad’

*Nótaí Aistriúcháin*:

- Cuirtear san uimhir iolra an focal ‘aonad’ tosc go mbaineann ailíniú aonad le ríonnt aonad, seachas le haonad amháin, i gcónaí
- Féach chomh maith ar an téarma ‘alignment / ailíniú’.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘entity / aonad’.

### entropy (ainmfhocal): eantrópacht

*Sainmhíniú (ga)*: Tomhas ar cé chomh neamhordaithe is atá dáileadh staitistiúil.

*Sainmhíniú (en)*: A measure of disorder in statistical distributions.

*Tagairtí*:

- eantrópacht: Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin*:

- Téarma díreach ar fáil i bhFoclóir Uí Dhónaill.

### environment (ainmfhocal): comhthéacs cóid

*Sainmhíniú (ga)*: Comhthéacs a úsáidtear chun tionscadal cóid a scaradh ó thionscadal eile, agus ina bhfuil leaganacha áirithe de gach uile leabharlann chóid atá in úsáid stóráilte agus sainmhínithe.

*Sainmhíniú (en)*: A context that is used to keep various coding projects isolated, and in which specific versions of coding libraries are stored and defined.

*Tagairtí*:

- comhthéacs: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]
- cóid: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1]\*, Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin*:

- \* Tá an focal ‘cóid’ i bhFoclóir Uí Dhuinín, ach is le brí ‘a code, a codex, a book’ atá sé luaite. Ní dócha go rabhthas ag trácht ar cóid ríomhaireachta sa bhFoclóir sin, toisc é a bheith níos sine, agus aidhm níos ginearálta (seachas teicniúil) a bheith aige.
- Tá ‘timpeallacht’ ar Foclóir.ie agus ar Téarma.ie lena aghaidh seo. Sin ráite, meastar go mbeadh sé sin rud beag ró-litriúil – tá an cuma ar an scéal ó Fhoclóir Uí Dhónaill agus Uí Mhaoileoin (mar shampla) go mbíonn ‘timpeallacht’ úsáidte chun trácht ar chúrsaí a bhaineann leis an saol. Luann Foclóir Uí Dhónaill le ‘surroundings’ é – sin le rá, baineann sé leis an rudaí atá timpeall ar rud. Ní shin atá i gceist le ‘environment’ cóid. Is éard atá i gceist le ‘environment’ cóid ná cnuasach leabharlanna atá úsáidte mar chuid de thionscadal cóid amháin. Ní hé go bhfuil siad ‘timpeall’ air. An choincheap is tábhachtaí ná, i gcomhthéacs cóid amháin, is ionann an t-ordú ‘python’ agus Python 3.7. I gcomhthéacs eile, is ionann an t-ordú ‘python’ agus Python 3.9. Agus ar eile. Mar sin, séard a dhéanann comhthéacs cóid ná comhthéacs a thabhairt don ríomhaire le go dtuigfeadh sé na horduithe atá tugtha dó.

### **epoch (ainmfhocal): seal**

*Sainmhíniú (ga):* Geábh iomlán feabhsaithe ina fheiceann an tsamhail ríomhfhoghlama chuile shonra sa tacar traenála aon uair amháin.

*Sainmhíniú (en):* A full pass of optimisation in which the machine learning model sees every data point in the training set exactly once.

*Tagairtí:*

- seal: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Is iomaí focal ar féidir a úsáid chun an bhrí seo a chur in iúl (geábh, babhta, timthriall, sealad, srl). Roghnaíodh ‘seal’ toisc é a bheith ag tagairt ar geábh foghlama agus ar tréimhse ama, díreach mar a bhíonn lucht ríomhaireachta ag samhlú ‘epoch’ ríomhfhoghlama.
- Bíonn cúpla focal luaite le bríonna comhchosúla ar Téarma.ie: ‘tardhul’ agus ‘sealad’. Ní léir cad as a thagann ‘tardhul’, agus níl rian air mar fhocal i bhfoclóir dúchasach ar bith. Ní ghlactar leis mar sin. Tá ‘sealad’ le feiceáil ar Téarma.ie chomh maith, ach ní luíonn sé le comhthéacs ríomheolaíochta. Déanann “sealad” trácht ar thréimhse ama de réir Fhoclóir Uí Dhónaill. Tá anchiall leis sin i gcomhthéacs ‘epoch’ na Geolaíochta. Ach i gcomhthéacs ríomheolaíochta, is ionann ‘epoch’ agus ‘iteration’ amháin tríd an tacar traenála. Sin an bhrí atá luaite le ‘seal’ ar Teanglann, agus is mar sin a ghlactar leis thar ‘sealad’ mar théarma.

### **equation (ainmfhocal): cothromóid**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs na matamaitice, abairt matamaiticiúil scoilte ina dhá leath ag an gcomhartha ‘=’, agus a deir go bhfuil an luach céanna ag dá thaobh.

*Sainmhíniú (en):* In the context of mathematics, a mathematical statement split into two parts by the sign ‘=’, and that says that the two halves of the statement on either side have the same value.

*Tagairtí:*

- cothromóid: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma díreach ar fáil leis an mbrí cheannann chéanna.

### **error (ainmfhocal): earráid**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs ríomhfhoghlama, luach a dhéanann tomhas ar cé chomh minic is a dhéanann samhail ríomhfhoghlama réamhinsint mícheart, agus ar cé chomh mícheart is atá na réamhinsintí sin.

*Sainmhíniú (en):* In the context of machine learning, a value that measures how often a machine learning model errs in its predictions, and how bad those predictions are.

*Tagairtí:*

- earráid: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2], Williams et al. (2023) [5]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma díreach ar fáil i gcomhthéacs matamaitice leis an mbrí cheannann chéanna ó Stórchiste, agus le bríonna comhchosúl (ach i gcomhthéacs níos leithna) sna foclóirí eile.
- Bheadh ciall le ‘tomhas earráide’ chomh maith, go háirithe má tá níos mó ná tomhas earráide amháin á phlé.

### **estimate (ainmfhocal): meastachán**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs matamaitice, luach a dhéanann cur síos cainníochtúil ar fheiniméan éigin, gan a bheith iomlán cruinn.

*Sainmhíniú (en):* In a mathematical context, a value that gives a quantitative description of some phenomenon, but which may not be entirely exact.

*Tagairtí:*

- meastachán: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma ar fáil mar téarma airgeadais / matamaitice ó na foclóirí thuas.
- Is féidir ‘tomhas’ a úsáid chomh maith (go háirithe sa gcaint) chun brí chomhchosúil leis seo a chur in iúl. Cé is moite de sin, roghnaíodh ‘meastachán’ mar théarma dó seo chun idirdhealú léir a dhéanamh idir ‘metric / tomhas’ agus ‘\*estimate / tomhas’. Ar leibhéal neamh-fhoirmeálta, tá sé ceart go leor tomhas a úsáid leis an mbrí sin nuair is léir ón gcomhthéacs cén bhrí atá i gceist leis.
- Nuair is meastachán míchruinn (nach ionann agus mícheart) atá i gceist, moltar an téarma ‘garmheastachán’ (de réir Fhoclóir Uí Dhónaill agus Fhoclóir De Bhaldraithe).
- Tá an téarma seo comhchiallach leis an téarma ‘approximation / meastachán’ sa gcomhthéacs matamaitice / ríomheolaíochta atá i gceist anseo.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘approximation / meastachán’.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘metric / tomhas’.

**to estimate (about) (ainmfhocal): meastachán a dhéanamh (ar)**

*Sainmhíniú (ga):* Luach a mheas.

*Sainmhíniú (en):* To estimate a value.

*Tagairtí:*

- meastachán: féach ar an téarma ‘estimate / meastachán’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Tá an téarma seo comhchiallach leis an téarma ‘to approximate / meastachán a dhéanamh (ar)’ sa gcomhthéacs matamaitice / ríomheolaíochta atá i gceist anseo.
- Féach ar an téarma ‘to approximate / meastachán a dhéanamh (ar)’.
- Féach ar an téarma ‘estimate / meastachán’.

**to evaluate (briathar): measúnaigh**

*Sainmhíniú (ga):* Próiseas teisteála nó deimhnithe a dhéanamh ar shamhail ríomhfhoghhlama.

*Sainmhíniú (en):* To perform testing or validation on a machine learning model.

*Tagairtí:*

- measúnaigh: féach ar an téarma ‘evaluation / measúnú’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Féach ar an téarma ‘evaluation / measúnú’

**evaluation (ainmfhocal): measúnú**

*Sainmhíniú (ga):* Próiseas a úsáidtear chun fáil amach cé chomh maith (nó cé chomh dona) is a fheidhmíonn samhail ríomhfhoghhlama le linn a traenála, nó tar a éis sin.

*Sainmhíniú (en):* A process that is used to determine how well (or how poorly) a machine learning model works during its training, or after it has been trained.

*Tagairtí:*

- measúnú: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Úsáidtear ‘measúnú’ seachas ‘meas’ toisc é a bheith úsáidte i gcomhthéacs níos teicniúla, agus chun débhrí a sheachaint idir meas (mar smaoineamh) agus meas (mar mheasúnú).
- Cé is moite de sin, ní luaitear an téarma seo i gcomhthéacs ríomheolaíochta sna foclóirí thuas.

### expression (ainmfhocal): slonn

*Sainmhíniú (ga)*: I gcomhthéacs matamaitice, abairt a bhfuil luach nó brí mhatamaiticiúil léi.

*Sainmhíniú (en)*: In the context of mathematics, a statement that has a value or mathematical meaning attached to it.

*Tagairtí*:

- pharaiméadar: Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin*:

- Téarma díreach ar fáil leis an mbrí cheannann chéanna.

## F

### family (ainmfhocal): (frása le ‘gaolmhar’)

*Sainmhíniú (ga)*: I gcomhthéacs ríomhfhoghlama, grúpa samhlacha atá cosúil lena chéile, agus a thagann ón smaoineamh / ón mbun-samhail chéanna.

*Sainmhíniú (en)*: In the context of machine learning, a group of models that are similar to each other, and that come from the same idea / base model.

*Tagairtí*:

- gaolmhar: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2], Williams et al. (2023) [5]

*Nótaí Aistriúcháin*:

- Moltar ‘gaolmhar’ a úsáid i bhfrása. Mar shampla ‘The TransE family of models’ → ‘TransE agus na samhlacha gaolmhara leis’.
- Cé go mbíonn ‘gaolmhar’ bainteach go minic le clanna, is léir ó Fhoclóir Uí Dhónaill agus ó Fhoclóir De Bhaldraithe nach mar sin amháin a bhíonn sé. Glactar leis mar théarma toisc go ndéanann sé cur síor ar an gcaoi atá samhlacha ríomhfhoghlama gaolmhara ceangailte lena chéile (ar nós clann, beagnach) gan bheith ag braith ar théarma míchuí / sa gcomhthéacs mícheart (.i. teaghlach / clann / muintir).
- Tá ‘fine’ luaite ar Téarma.ie (mar shampla, tá ‘fine clófhoirne’ acu mar ‘font family’). Ní luíonn an úsáid seo le sampla Fhoclóir Uí Dhónaill ná le sampla Fhoclóir Uí Dhónaill agus Uí Mhaoileoin, a luann ‘fine’ mar ‘family’ nó cine daoine amháin, gan trácht ar úsáid níos leithne ná sin. Ní ghlactar le ‘fine’ anseo mar sin.

### feature (ainmfhocal): airí

*Sainmhíniú (ga)*: Ionchur amháin ar shamhail ríomhfhoghlama, nó cuid uimhriúil den tsamhail chéanna, a sheasann do shonra nithiúil nó folaigh den tacar sonraí atá á fhoghlaim.

*Sainmhíniú (en)*: A single input to, or numerical element of, a machine learning model that represents a concrete or latent element of the dataset being learned.

*Tagairtí*:

- airí: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin*:

- Ní mar théarma eolaíochta atá ‘airí’ luaite i gceann ar bith de na foclóirí thuas. Sin ráite, meastar ó shamplaí atá le fáil ann go gcuireann ‘airí’ an bhrí cheart in iúl agus é á úsáid i gcomhthéacs eolaíochta.
- Tá réimse leathan focal eile (.i. tréith, gné, srl) a bheadh inúsáidte sa gcomhthéacs seo (agus is é ‘gné’ atá ar Téarma.ie). Cé is moite de sin, is minice a úsáidtear iad sin i gcomhthéacs duine, seachas i gcomhthéacs eolaíochta, de réir a bhfuil le feiceáil sna foclóirí thuas .

### **few-shot (aidiacht): cúpla-sonra**

*Sainmhíniú (ga):* Cur chuige mion-fheabsaithe ina bhfuil an tsamhail réamh-thraenáilte in ann cúpla sonraí ó thacar sonraí nua a fheiceáil le linn á mion-fheabsaithe.

*Sainmhíniú (en):* A finetuning protocol in which the pretrained model is able to see a few data points from the new data set during finetuning.

*Tagairtí:*

- cúpla: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]
- sonra: féach ar an téarma ‘database / bunachar sonraí’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Féach ar an téarma ‘n-shot / n-sonra’.

### **filter (ainmfhocal): scagaire**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs próiseála sonraí, córas nó próiseas a scagann sonraí – sin le rá, a bhaineann roinnt sonraí ó thacar mór sonraí.

*Sainmhíniú (en):* In the context of data processing, a system or process that filters data – that is, that removes some data from a larger dataset.

*Tagairtí:*

- scagaire: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma díreach ar fáil le brí chomhchosúil ó na foclóirí thuas (i gcomhthéacs níos ginearálta). I bhFoclóir Uí Dhuinn agus i bhFoclóir Uí Dhónaill agus Uí Mhaoileoin, is i gcomhthéacs scagaireachta fisicí amháin atá sé.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘filtering / scagaireacht’.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘to filter / scag’.

### **to filter (briathar): scag**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs próiseála sonraí, roinnt sonraí ó thacar sonraí a bhaint de de réir tomhais nó algartaim éigin.

*Sainmhíniú (en):* In the context of data processing, to remove some data from a dataset based on some metric or algorithm.

*Tagairtí:*

- scag: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2], Williams et al. (2023) [5]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma díreach ar fáil le brí chomhchosúil ó na foclóirí thuas (i gcomhthéacs níos ginearálta). I bhFoclóir Uí Dhuinn agus i bhFoclóir Uí Dhónaill agus Uí Mhaoileoin, is i gcomhthéacs scagaireachta fisicí amháin atá sé.
- Is é ‘scagadh’ seachas ‘scag’ atá i bhFoclóir Uí Dhónaill agus Uí Mhaoileoin.

### **filtering (ainmfhocal): scagaireacht**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs próiseála sonraí, próiseas a úsáidtear chun cuid de na sonraí ó thacar sonraí a bhaint de réir tomhais nó algartaim éigin.

*Sainmhíniú (en):* In the context of data processing, a process that is used to remove some of the data from a dataset based on some metric or algorithm.

*Tagairtí:*

- scagaireacht: Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma díreach ar fáil le brí chomhchosúil ó Fhoclóir Uí Dhónaill (i gcomhthéacs níos ginearálta). I bhFoclóir Uí Dhónaill agus Uí Mhaoileoin, is i gcomhthéacs scagaireachta fisicí amháin atá sé.
- Níl an téarma seo le feiceáil i bhFoclóir De Bhaldraithe, ach tá ‘scagaire’ agus ‘scag’ ann, agus bríonna comhchosúla luaite leo.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘filter / scagaire’.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘to filter / scag’.

### **to finetune (briathar): mion-fheabhsú**

*Sainmhíniú (ga):* Samhail ríomhfhoghlama atá traenáilte cheana a thraenáil ar shonraí nua.

*Sainmhíniú (en):* To take a pre-trained machine learning model and train it further on new data.

*Tagairtí:*

- mion-: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4]\*, Ó Dónaill (1977) [2]
- feabhsú: féach ar an téarma ‘to optimise / feabhsaigh’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- \* Ní luaitear an téarma ‘mion-’ mar réimír i bhFoclóir Uí Dhónaill agus Uí Mhaoileoin.
- Ní bhítear ag caint ar mion-fheabhsúchán (nach ionann agus mion-fheabhsú) ná ar ‘chórais mhion-fheabhsúchán’ go minic.
- Is é ‘mionchoigeartú’ atá ar Téarma.ie ina chomhair seo. Cé go bhfuil bunús leis sin de réir Fhoclóir Uí Dhónaill, is doiléire é mar théarma toisc nach mbíonn coigeartú in úsáid i gcomhthéacs ríomheolaíochta ar bith (fiú ar Téarma.ie, ní luaitear an comhthéacs sin leis). Thairis sin, ní mheastar go bhfuil gá le fréamh nua anseo – níl i gceist le ‘finetuning’ ar an leibhéal is bunúsaí ach feabhsú a dhéanamh arís.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘to optimise / feabhsaigh’.

### **foundation model (ainmfhocail): samhail fhorais**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs ríomheolaíochta, samhail ríomhfhoghlama amháin ar féidir í a úsáid mar fhoras foghlama i réimse leathan, agus a mbíonn cur chuige tras-fhoghlama bunaithe uirthi chuige sin.

*Sainmhíniú (en):* In the context of computer science, a single machine learning model that can be used as the foundation of learning in a broad domain, and which is applied in the transfer learning setting to do so.

*Tagairtí:*

- foras: Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]
- samhail: féach ar an téarma ‘model / samhail’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Cé go bhfuil an focal ‘foras’ i bhFoclóir De Bhaldraithe, is le brí ar leith atá sé luaite ann. Sna foclóirí eile, is leis an mbrí chéanna (i gcomhthéacs níos leithne) atá sé luaite.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘model / samhail’.



### framework (ainmfhocal): creatlach

*Sainmhíniú (ga)*: Struchtúr teibí a úsáidtear chun feiniméan a léiriú nó a thuiscint i bhfoirm ghinearálta.

*Sainmhíniú (en)*: An abstract structure used to describe or understand a phenomenon in a general form.

*Tagairtí*:

- creatlach: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin*:

- Téarma díreach ar fáil le brí chomhchosúil.

### to freeze (briathar): buanaigh

*Sainmhíniú (ga)*: I gcomhthéacs líonraí néaracha, cuid de na paraiméadair i líonra néarach a dhéanamh buan, gan ligean dóibh athrú le linn traenála.

*Sainmhíniú (en)*: In the context of neural networks, to make some of the parameters in the neural network constant, not allowing them to change during training.

*Tagairtí*:

- buanaigh: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin*:

- Luann Foclóir De Bhaldraithe an téarma ‘buanaigh’ i gcomhthéacs praghsanna (.i. ‘buanaím praghsanna’). Cé nach ionann sin agus paraiméadar i líonra néarach a bhuanú, tá an bhun-bhrí cheannann chéanna i gceist – uimhir a dhéanamh buan le nach mbeadh sí ag athrú. Glactar leis an téarma seo mar sin.
- Is é ‘buanú’ seachas ‘buanaigh’ atá i bhFoclóir Uí Dhónaill agus Uí Mhaoileoin.
- Tá ‘reoigh’ ar Téarma.ie, ach ní ghlactar leis sin toisc na fianaise thuas.

### frequency (ainmfhocal): minicíocht

*Sainmhíniú (ga)*: I gcomhthéacs graif eolais, cé chomh minic is a bhíonn nód / ceangal mar chuid d’abairtí triaracha sa ngraf.

*Sainmhíniú (en)*: In the context of a knowledge graph, how often a node / edge is part of triples in the graph.

*Tagairtí*:

- minicíocht: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2], Williams et al. (2023) [5]

*Nótaí Aistriúcháin*:

- Tá an focal ‘minic’ (gan trácht ar ‘minicíocht’) i bhFoclóir Uí Dhuinín.
- Luann Foclóir Uí Dhónaill agus Foclóir De Bhaldraithe ‘minicíocht’ mar théarma leictreachais, agus le brí níos leithne (.i. minice).
- Luann Stórchiste ‘minicíocht’ mar théarma matamaitice.

### function (ainmfhocal): feidhm

*Sainmhíniú (ga)*: Próiseas nó cur chuige ríomhaireachta atá sainmhínithe (m.sh. mar chód).

*Sainmhíniú (en)*: A computational process or algorithm that can be precisely defined (i.e. in code).

*Tagairtí*:

- feidhm: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2], Williams et al. (2023) [5]

*Nótaí Aistriúcháin*:

- Ní i gcomhthéacs matamaiticiúil a luaitear an téarma seo ach amháin i Stórchiste. Cé is moite de sin, is léir go bhfuil úsáid teicniúil leis (.i. ‘Vital functions, feidhmiú an choirp.’ i bhFoclóir De Bhaldraithe).
- Is é ‘feidhm de’ a úsáidtear chun trácht ar ionchur feidhmeanna matamaitice, de réir Fhoclóir De Bhaldraithe. (.i. feidhm de X, feidhm d’athróg éigin).

## G

### generality (ainmfhocal): ginearáltacht

*Sainmhíniú (ga)*: I gcomhthéacs matamaitice, cé chomh ginearálta is atá cothromóid nó slonn.

*Sainmhíniú (en)*: In the context of mathematics, how general an equation or statement is.

*Tagairtí*:

- ginearáltacht: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin*:

- Téarma díreach ar fáil le brí chomhchosúil ó na foclóirí thuas.
- Is minic a úsáidtear an téarma seo i bhfrása. Seo a leanas cúpla sampla dá úsáid: ‘without loss of generality, assume...’ → ‘gan ginearáltacht a chailleadh, abair go...’, ‘loss of generality’ (mar choincheap) → ‘caillteanas ginearáltachta’

### generative (aidiacht): cumadóireachta

*Sainmhíniú (ga)*: I gcomhthéacs intleachta saorga, in ann aschur casta (m.sh. téacs fada, íomhánna, srl), a bhfuil cosúlacht éigin aige le healaín nó saothar duine, a chruthú.

*Sainmhíniú (en)*: In the context of artificial intelligence, able to create complex output (such as long text or images) that has some resemblance to human works or art.

*Tagairtí*:

- cumadóireacht: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin*:

- Tá giniúnach ar Téarma.ie os a chomhair seo, ach ní léir ó Fhoclóir Uí Dhónaill, Uí Dhónaill agus Uí Mhaoileoin, Uí Dhuinín, ná De Bhaldraithe go bhfuil bunús leis sin. De réir na bhfoclóirí sin, bíonn ‘giniúint’ níos cosúla le giniúint páistí ná le hiarracht ar chruthú ealaíne / téacs. Ach luann siad uilig ‘cumadóireacht’ mar théarma a bhfuil an bhrí sin go díreach leis, agus glactar leis sin mar sin.
- Is focal sa tuiseal ginideach é seo; an fréamh atá leis ná ‘cumadóireacht’.
- Cé go bhfuil cathú ann ‘cruthaitheach’ nó ‘cruthaíocht’ a úsáid (as an bhfréamh ‘cruthú’), tá ciall ar leith acu siúd cheana nach n-oireann don téarma seo.

### genetic algorithm (ainmfhocal): algartam géiniteach

*Sainmhíniú (ga)*: I gcomhthéacs ríomheolaíochta, algartam ríomhfhoghlama bunaithe ar oibrithe géineolaíochta.

*Sainmhíniú (en)*: In the context of computer science, a machine learning algorithm based on genetic operations.

*Tagairtí*:

- algartam: féach ar an téarma ‘algorithm / algartam’
- géiniteach: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin*:

- Téarma cruthaithe go díreach as an dhá fhocal thuas.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘algorithm / algartam’.

### **global (aidiacht): uilíoch**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs graif, sonraí, samhla, nó eile, ag trácht ar airíonna an graif / na sonraí / na samhla mar aonad amháin ar leibhéal leathan. Frithchiallach leis an téarma ‘logánta’.

*Sainmhíniú (en):* In the context of a graph, data, a model, etc, relating to features of the graph / data / model as a whole at a very broad level. Antonym to the term ‘local’.

*Tagairtí:*

- uilíoch: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma díreach ar fáil leis an mbrí chéanna ó na foclóirí thuas.
- Níor cheart ‘domhanda’ a úsáid, toisc go mbíonn sé sin úsáidte chun trácht a dhéanamh ar an domhan.

### **global maximum (ainmfhocal): uasluach uilíoch**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs feabhsaithe nó ríomhfhoghlama, an luach is airde ar féidir é a fháil riamh.

*Sainmhíniú (en):* In the context of optimisation or machine learning, the highest value that can ever be obtained.

*Tagairtí:*

- uaslauch: féach ar an téarma ‘maximum / uaslauch’
- uilíoch: féach ar an téarma ‘global / uilíoch’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Féach ar an téarma ‘maximum / uaslauch’
- Féach chomh maith ar an téarma ‘global / uilíoch’

### **global minimum (ainmfhocal): íosluach uilíoch**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs feabhsaithe nó ríomhfhoghlama, an luach is ísle ar féidir é a fháil riamh.

*Sainmhíniú (en):* In the context of optimisation or machine learning, the lowest value that can ever be obtained.

*Tagairtí:*

- íosluach: féach ar an téarma ‘minimum / íosluach’
- uilíoch: féach ar an téarma ‘global / uilíoch’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Féach ar an téarma ‘minimum / íosluach’
- Féach chomh maith ar an téarma ‘global / uilíoch’

### **graph (ainmfhocal): graf**

*Sainmhíniú (ga):* Struchtúr sonraí ina shamhlaítear sonraí mar nóid agus mar cheangail eatarthu.

*Sainmhíniú (en):* A data structure in which data is modelled as nodes and the connections between them.

*Tagairtí:*

- graf: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill et al. (1991) [4]\*, Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- \* Cé go bhfuil ‘graf’ istigh sa bhFoclóir Beag, is i gcomhthéacs graif líne amháin a luaitear é.
- Focal díreach ar fáil ó na foclóirí thuas.

### **graph foundation model (ainmfhocal): samhail fhorais ghraf**

*Sainmhíniú (ga):* Samhail fhorais a chruthaítear chun taisc éagsúla ar ghraif a chur i gcrích.

*Sainmhíniú (en):* A foundation model built to solve diverse tasks on graphs.

*Tagairtí:*

- samhail: féach ar an téarma ‘model / samhail’
- foras: féach ar an téarma ‘foundation model / samhail fhorais’
- graf: féach ar an téarma ‘graph / graf’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Cuirtear ‘graf’ sa tuiséal ginideach iolra toisc gurb é an príomh-phointe atá le samhlacha fhorais graf ná go n-oibríonn siad go forleathan roinnt mhaith graf ar leith.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘model / samhail’
- Féach chomh maith ar an téarma ‘foundation model / samhail fhorais’.
- féach chomh maith ar an téarma ‘graph / graf’

### **graph neural network (GNN) (ainmfhocal): líonra néarach graif (LNG)**

*Sainmhíniú (ga):* Líonra néarach atá in ann eolas ó ghraif a fhoghlaim, agus taisc ar graif a chur i gcrích (m.sh. aicmiú nód nó réamhinsint nasc), go háirithe nuair atá an líonra néarach sin bunaithe ar chomhéadan sheachadta teachtaireachtaí.

*Sainmhíniú (en):* A neural network that is able to learn graph-based information and solve graph-based tasks (such as node classification or link prediction), especially when that neural network is based on a message-passing interface.

*Tagairtí:*

- líonra néarach: féach ar an téarma ‘neural network (NN) / líonra néarach (LN)’
- graf: féach ar an téarma ‘graph / graf’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Féach chomh maith ar an téarma ‘neural network (NN) / líonra néarach (LN)’.

### **grid search (ainmfhocal): cuardach ar eangach**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs cuardaithe hipear-pharaiméadar, cuardach a dhéantar ar eangach hipear-pharaiméadar agus ina mbíonn gach uile theaghlaim hipear-pharaiméadar measúnaithe.

*Sainmhíniú (en):* In the context of a hyperparameter search, a search that is done on a grid of hyperparameters and in which every possible combination of hyperparameters is evaluated.

*Tagairtí:*

- cuardach: féach ar an téarma ‘hyperparameter search / cuardach hipear-pharaiméadar’
- eangach: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Cé go bhfuil an focal ‘eangach’ i bhFoclóir Uí Dhónaill agus Uí Mhaoileoin agus i bhFoclóir Uí Dhuinnín, is le brí neamhchosúil atá sé luaite iontu.
- Is é ‘cuardach ar eangach’ a roghnaíodh, seachas ‘cuardach eangaí’, toisc nach í an eangach atá á cuardach, ach an teaghlaim hipear-pharaiméadar is fearr dá bhfuil inti.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘hyperparameter search / cuardach hipear-pharaiméadar’.

### ground truth (aidiacht): bun-fhírinneach

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs sonraí a úsáidtear i gcomhair ríomhfhoghlama, fíor agus ar fáil lena bheith úsáidte le linn traenála, teisteála, nó deimhnithe mar shampla den aschur ceart.

*Sainmhíniú (en):* In the context of data for machine learning, true and available to be used during training, testing, or validation as an example of correct output.

*Tagairtí:*

- bun-: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]
- fírinneach: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Is minic agus ‘bun-’ úsáidte mar réimír ar ainmfhocail. Sin ráite, is léir ó Fhoclóir Uí Dhónaill gur féidir é a úsáid mar réimír ar aidiachtaí chomh maith – féach ar ‘bun-ard’ mar shampla.
- Is minic gur féidir ‘fírinneach’ a úsáid in áit ‘bun-fírinneach’ – óir bíonn an bhun-fhírinne mar chuid den fhírinne i gcónaí, cé nach mbíonn an fhírinne ar fad mar chuid den bhun-fhírinne i gcónaí.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘ground truth (data) / bun-fhírinne’.

### ground truth (data) (ainmfhocal): bun-fhírinne

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs sonraí a úsáidtear i gcomhair ríomhfhoghlama, sonraí atá fíor agus ar fáil lena bheith úsáidte le linn traenála, teisteála, nó deimhnithe mar shamplaí den aschur ceart.

*Sainmhíniú (en):* In the context of data for machine learning, data that is true and available to be used during training, testing, or validation as an example of correct output.

*Tagairtí:*

- bun-: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]
- fírinne: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Déanann ‘bun-fhírinne’ trácht ar an gcoincheap teibí agus ar na sonraí iad féin (.i. an bhun-fhírinne).
- Ní hionann bun-fhírinne agus fírinne. Is féidir go bhfuil fírinne ann (mar shampla, trí dhéaduchtú loighce) nach bhfuil mar chuid den bhun-fhírinne. Is mar sin nach leor ‘fírinne’ amháin chun trácht a dhéanamh air seo.
- Sin ráite, is minic gur féidir ‘fírinne’ a úsáid in áit ‘bun-fhírinne’ – óir bíonn an bhun-fhírinne mar chuid den fhírinne i gcónaí, cé nach mbíonn an fhírinne ar fad mar chuid den bhun-fhírinne i gcónaí.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘ground truth / bun-fhírinneach’.

## H

### histogram (ainmfhocal): histeagram

*Sainmhíniú (ga):* Breacadh a dhéanann cur síos ar dháileadh staitistiúil le colúin mhinicíochta i gcomhair chuile eatramh luachanna sa dáileadh.

*Sainmhíniú (en):* A plot that summarises a statistical distribution using frequency columns for every range of values in the distribution.

*Tagairtí:*

- histeagram: Ó Dónaill (1977) [2], Williams et al. (2023) [5]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma díreach ar fáil ó Fhoclóir Uí Dhónaill agus ó Stórchiste.

### **hits@k (H@k) (ainmfhocal): fíricí@k (F@k)**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs liosta ranganna, comhréir na ranganna atá comhionann le k, nó níos ísle ná é.

*Sainmhíniú (en):* In the context of a ranked list, the proportion of ranks that are equal to, or lesser than, k.

*Tagairtí:*

- fíric: Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Ní léir ó na foinsí dúchasacha go mbeadh ciall ar bith le ‘hits’ a aistriú mar ‘buailtí’ nó mar sin. Ina ainneoin sin, aistrítear brí an téarma – gurb é ‘hits@k’ ná cá mhéad ranganna atá ann comhionann le, nó níos ísle ná, k. Is ionann rang i liosta ranganna agus rang a tugadh don fhreagra ceart ar cheist réamhinsinte nasc. Toisc go bhfuil gach uile fhreagra ceart ina fhíric, is ionann rang an fhreagra agus innéacs fírice. Mar sin, is ionann ‘hits@k’ agus líon na bhfíricí a bhfuil rang comhionann le, nó níos ísle ná, k acu. Is as sin a thagann an téarma seo go díreach.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘ranked list / liosta ranganna’.

### **hop (ainmfhocal): coiscéim**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs graf, fad ceangail amháin idir dhá nód.

*Sainmhíniú (en):* In the context of graphs, the distance of a single edge between two nodes.

*Tagairtí:*

- coiscéim: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2], Williams et al. (2023) [5]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Cé go mbeadh ciall le húsáid an fhocail ‘céim’ anseo, úsáidtear an focal sin cheana chun cur síos a dhéanamh ar ‘degree’ nóid. Ní mheastar go mba cheart ‘céim’ a ath-úsáid anseo toisc go mbeadh sé an-deacair débhrí a sheachaint – bíonn ‘hop’ agus ‘céim’ á n-úsáid go minic sna comhthéacsanna céanna. Mar shampla, uaireanta sa litríocht déantar fo-ghraf de ghraf eolais ina mbíonn ar a laghad céim éigin ag gach uile nód. Uaireanta eile, déantar fo-ghraf de ghraf eolais bunaithe ar gach uile nód atá laistigh de mhéid éigin coiscéimeanna ó nód amháin. Dá mbeadh an focal ‘céim’ aistrithe mar ‘degree’ agus mar ‘hop’, d’úsáidfí an téarma ‘fo-ghraf n-chéime’ don dá fho-graf sin – cé gur fo-ghraif dhifriúla iad.
- Úsáidtear an téarma ‘siúlóid’ chun cur síos a dhéanamh ar ‘walk’ ar graf. Agus is minic a dhéantar fad na siúlóidí a chomhaireamh de réir coiscéimeanna; m.sh ‘a 3-hop walk / siúlóid 3-choiscéim’. Thairis sin, luann Foclóir De Bhaldraithe an frása ‘within a step of the house, faoi choiscéim den teach’ mar úsáid féideartha leis an bhfocal ‘coiscéim’. Tá an úsáid sin díreach cosúil le húsáid an fhocail ‘coiscéim’ chun trácht a dhéanamh ar fhad i ngraf – an t-aon difríocht ná nach bhfuil fad i ngraf fisiceach. Cé is moite de sin, meastar go bhfuil ‘coiscéim’ léir mar théarma (go háirithe ar an analach sin a ghlacadh), agus glactar leis mar sin.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘degree / céim’.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘walk / siúlóid’.

### **hyper-graph (ainmfhocal): hipear-ghraf**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs graf, graf inar féidir le ceangail 3+ nód a cheangal san am céanna, seachas dhá nód amháin.

*Sainmhíniú (en):* In the context of graphs, a graph in which edges can connect 3+ nodes at once, instead of only two nodes.

*Tagairtí:*

- hipear-: Ó Dónaill (1977) [2]
- graf: féach ar an téarma ‘graph / graf’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma cruthaithe go díreach as na fréamhacha thuas.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘graph / graf’.

### **hyperparameter (ainmfhocal): hipear-pharaiméadar**

*Sainmhíniú (ga):* paraiméadar (nach bhfuil fhoghlamtha) nó socrú atá úsáidte chun algartam samhla foghlama a rith.

*Sainmhíniú (en):* a (non-learnable) parameter or setting that is used to run a machine learning algorithm.

*Tagairtí:*

- hipear-: Ó Dónaill (1977) [2]
- pharaiméadar: féach ar an téarma ‘parameter / pharaiméadar’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Níl an téarma iomlán ‘hipear-pharaiméadar’ ar fáil i bhfoclóir ar bith. Sin ráite, tá idir ‘hipear-’ (mar réimír) agus ‘paraiméadar’ (mar ainmfhocal) i bhFoclóir Uí Dhónaill, rud a spreagann an téarma seo go díreach.
- Is é hipearpharaiméadar a bhíonn ar Téarma.ie chomh maith.

### **hyperparameter combination (ainmfhocal): teaghlaim hipear-pharaiméadar**

*Sainmhíniú (ga):* Tacar amháin (as iliomad tacar eile) luachanna hipear-pharaiméadar ar féidir iad a úsáid chun samhail ríomhfhoghlama shainmhíniú.

*Sainmhíniú (en):* A set (out of many possible sets) of all hyperparameter values needed to fully define a machine learning model.

*Tagairtí:*

- teaghlaim: De Bhaldráithe (1978) [3], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]
- hipear-pharaiméadar: féach ar an téarma ‘hyperparameter / hipear-pharaiméadar’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Luann Foclóir Uí Dhónaill ‘teaghlaim’ mar théarma matamaitice – is cosúil gurb in atá i gceist acu leis sin ná matamaitice theaglamach (.i. teaglamaí agus iomarlartuithe). Sin ráite, luaitear ‘teaghlaim’ leis an mbrí ‘collection, gathering, compilation’ chomh maith (féach ar Fhoclóir Uí Dhónaill, mar shampla). Luíonn an dá bhrí seo lena bhfuil i gceist. Is minic agus teaghlaim hipear-pharaiméadar déanta trí sampla a thógáil ó eangach hipear-pharaiméadar – sa gcaoi sin, is teaghlaim litriúil (i gcomhthéacs matamaitice teaglamaí) í. Agus is cnuasach hipear-pharaiméadar í chomh maith – brí a luíonn le húsáid an fhocail teaghlaim chun cur síos a dhéanamh ar ‘collection, gathering, compilation’. Glactar leis an téarma seo mar sin.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘hyperparameter / hipear-pharaiméadar’.

### **hyperparameter grid (ainmfhocal): eangach hipear-pharaiméadar**

*Sainmhíniú (ga):* Tacar teaglamaí hipear-pharaiméadar a úsáidtear chun cuardach hipear-pharaiméadar a chur i gcrích.

*Sainmhíniú (en):* A set of hyperparameter combinations that is used for hyperparameter searches.

*Tagairtí:*

- eangach: féach ar an téarma ‘grid search / cuardach ar eangach’
- hipear-pharaiméadar: féach ar an téarma ‘hyperparameter / hipear-pharaiméadar’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Bíonn níos mó ná hipear-pharaiméadar amháin i ngach uile eangach hipear-pharaiméadar. Cuirtear an focal ‘hipear-pharaiméadar’ sa tuiséal ginideach iolra mar sin.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘grid search / cuardach ar eangach’.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘hyperparameter / hipear-pharaiméadar’.

## hyperparameter search (ainmfhocal): cuardach hipear-pharaiméadar

*Sainmhíniú (ga):* an cur chuige a úsáidtear chun na hipear-pharaiméadair is fearr a fháil do shamhail ríomhfhoghlama.

*Sainmhíniú (en):* the approach used to find the optimal hyperparameters for a machine learning model.

*Tagairtí:*

- cuardach: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]
- hipear-pharaiméadar: féach ar an téarma ‘hyperparameter / hipear-pharaiméadar’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Cuirtear ‘hipear-pharaiméadar’ sa nginideach iolra toisc go mbíonn cuardach déanta, den chuid is mó, chun níos mó ná hipear-pharaiméadar amháin a fháil.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘hyperparameter / hipear-pharaiméadar’.

## I

### implementation (ainmfhocal): leagan infheidhmithe

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs ríomheolaíochta, cód infheidhmithe de shamhail ríomhfhoghlama nó d’algartam eile i dteanga ríomheolaíochta.

*Sainmhíniú (en):* In the context of computer science, executable code of a machine learning model or other algorithm in a coding language.

*Tagairtí:*

- leagan: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]
- feidhmigh: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Is féidir an-chuid leaganacha ar leith a chruthú de gach uile shamhail ríomhfhoghlama (i dteangacha ríomheolaíochta ar leith, mar shampla). Ní bhíonn leagan ar bith ‘níos cirte’ ná leagan eile – déanann siad an rud céanna. Is mar seo a chinneadh an focal ‘leagan’ a úsáid – tugann sé le fios gur féidir leaganacha eile, atá ar chomhchéim lena chéile, a chruthú.
- Ar an leibhéal is bunúsaí, bíonn feidhm le gach uile ‘implementation’. Ní ‘implementation’ gan bheith in ann é a chur ar siúl ar ríomhaire. Mar sin, baineann feidhmiú mar choincheap go díreach le ‘implementation’ mar théarma.

### information content (ainmfhocal): lucht faisnéise

*Sainmhíniú (ga):* An t-eolas ar fad atá istigh i mbunachar nó tacar sonraí mar choincheap teibí nó mar réad neamhspleách ón gcaoi ina bhfuil na sonraí stóráilte / samhlaíthe.

*Sainmhíniú (en):* All of the information contained in a database or dataset as an abstract concept or as an object independent of the way in which the data is stored or modelled.

*Tagairtí:*

- lucht: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]
- faisnéis: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- De réir Fhoclóir Uí Dhónaill, is ionann ‘lucht’ agus (i measc bríonna eile) ‘Content, charge; fill, capacity; cargo, load.’ Ina measc sin airítear lucht leictreach agus lucht loinge, rud a léiríonn go bhfuil úsáid leathan go leor aige mar fhocal. Ní fheictear téarma ar bith eile ann a bheadh ní ba oiriúnaí. Glactar le ‘lucht’ mar sin mar leagan de ‘content’ an Bhéarla sa gcomhthéacs seo.
- Ní hionann lucht faisnéise agus ábhar na faisnéise – is coincheap staitistice é lucht faisnéise.



### input (ainmfhocal): ionchur

*Sainmhíniú (ga)*: I gcomhthéacs córais, próisis, nó feidhme, sonraí a chuirtear isteach lena bheith úsáidte chun sprioc éigin a bhaint amach (m.sh. áireamh luach éigin).

*Sainmhíniú (en)*: In the context of a system, process, or function, data that is provided to be used to achieve an end (such as the calculation of a certain value).

*Tagairtí*:

- ionchur: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin*:

- Luann Foclóir De Bhaldraithe ‘ionchur’ mar théarma teileachumarsáide – sin le rá, i gcomhthéacs an-chosúil leis an gcomhthéacs seo. Sin ráite, is cosúil go bhfuil an téarma ‘ionchur’ (i gcomhthéacs teileachumarsáide) ag trácht ar ionchur mar choincheap, seachas mar shonraí nó mar réad ríomhaireachta. Mar sin, is dócha gur cirte a rá ‘tá dhá uimhir mar ionchur ag an bhfeidhm’ nó ‘tá dhá uimhir ionchuir ag an bhfeidhm’ seachas ‘\* tá dhá ionchur ag an bhfeidhm’.
- Ní léir ó na Foclóirí thuas an féidir briathar a dhéanamh as seo (.i. \*ionchuir). Mar sin, moltar frása le ‘ionchur’ a úsáid nuair atá briathar de dhíth; m.sh. ‘tógann an fheidhm dhá uimhir isteach (mar ionchur)’.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘to input (into) / cuir isteach (i)’.

### to input (into) (ainmfhocal): cuir isteach (i)

*Sainmhíniú (ga)*: I gcomhthéacs córais, próisis, nó feidhme, sonraí ionchuir a tabhairt dó.

*Sainmhíniú (en)*: In the context of a system, process, or function, to give it input data.

*Tagairtí*:

- cuir isteach: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin*:

- Téarma a fáil le brí chomhchosúil ó na foclóirí thuas.
- Mar shampla, is féidir ‘cuireadh X isteach sa bhfeidhm’ a úsáid chun ‘X was input into the function’ a chur in iúl.
- Tá an frása ‘cuir isteach’ ar fad le fáil i bhFoclóir Uí Dhónaill agus i bhFoclóir De Bhaldraithe i gcomhthéacs comhchosúil (ach ní i gcomhthéacs ríomheolaíochta, cinnte).
- Féach chomh maith ar an téarma ‘input / ionchur’.

### to instantiate (briathar): cruthaigh

*Sainmhíniú (ga)*: Cruth a chur ar réad (matamaiticiúil nó ríomhaireachta), go háirithe de réir creatlaí sainmhínithe éigin.

*Sainmhíniú (en)*: To create a (mathematical or computational) object, especially according to a strictly defined framework.

*Tagairtí*:

- cruthaigh: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin*:

- Den chuid is mó, is ionann ‘instantiation’ (mar phróiseas) agus rud a chruthú. Úsáidtear ‘cruthaigh’ mar sin.
- Toisc gur coincheap ginearálta agus leathan atá i gceist leis an téarma seo, tá sé iomlán ceart go leor focail agus frásaí comhchiallacha a úsáid ina ionad seo, m.sh. cum, cruth a chur ar, srl. ag braith ar an gcomhthéacs.
- Tá ‘áscaigh’, as an bhfocal ‘ás’ ar Téarma.ie – focal nach bhfuil bunús ar bith leis i bhFoclóir Uí Dhónaill, De Bhaldraithe, ná Uí Dhuinnín. Ní ghlactar le ‘áscaigh’ mar sin.

### instantiation (concept) (ainmfhocal): leagan

*Sainmhíniú (ga):* Sampla de choincheap nó de chreatlach, nach ionann agus réad matamaiticiúil / ríomhaireachta.

*Sainmhíniú (en):* An instance or example of a concept or framework, other than a mathematical / computational object.

*Tagairtí:*

- leagan: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Ní i gcomhthéacs eolaíochta a luaitear an téarma seo, ach is le brí chomhchosúil atá sé luaite.
- Más gá a léiriú gur rud coinceiteach atá i gceist le ‘leagan’, seachas rud teibí, moltar ‘coinceiteach’ a úsáid, i dtaca le Foclóir Uí Dhónaill agus Foclóir De Bhaldraithe.
- Tá an t-aistriúchán céanna luaite i dtéarma eile sa bhfoclóir seo. Sin ráite, tá an bhrí a bhaineann le ‘leagan’ i nGaeilge leathan go leor le go bhfuil sé in ann seasamh isteach sa dá chás. Beidh sé léir go leor ón gcomhthéacs cén ceann acu atá i gceist.
- Is é ‘ascú’ atá ar Téarma.ie Ní ghactar leis sin toisc nach bhfuil fianaise dó sna foclóirí dúchasacha. Thairis sin, is cosúil go dtagann sé as an bhfréamh ‘ásc’ atá luaite i bhFoclóir Uí Dhónaill mar fhocal nach mbíonn úsáid leis ach amháin i gcúpla frása áirithe ar leith. Ní mheastar go bhfuil sé oiriúnach mar théarma mar sin.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘representation / leagan’.

### instantiation (object) (ainmfhocal): réad

*Sainmhíniú (ga):* An rud (matamaiticiúil nó ríomhaireachta) atá cruthaithe de réir creatlaí matamaitice / ríomhaireachta.

*Sainmhíniú (en):* The (mathematical or computational) object created by the process of instantiation from a mathematical / computational framework.

*Tagairtí:*

- réad: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1]\*, Ó Dónaill (1977) [2], Williams et al. (2023) [5]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- \* Ní luann Foclóir Uí Dhuinín an téarma ‘réad’ ach i gcomhthéacs filíochta.
- Focal luaite i gcomhthéacs comhchosúil na foclóirí eile thuas.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘to instantiate / cruthaigh’.

### instantiation (process) (ainmfhocal): cruthú

*Sainmhíniú (ga):* An próiseas a bhaineann le réad (matamaiticiúil nó ríomhaireachta) a chruthú.

*Sainmhíniú (en):* The process relating to the instantiation of a (mathematical or computational) object.

*Tagairtí:*

- cruthaigh: féach ar an téarma ‘to instantiate / cruthaigh’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Déanann an téarma seo trácht ar an bpróiseas a bhaineann le rud a chruthú; .i. an cruthú féin. Ní féidir an téarma seo a úsáid chun trácht ar an réad atá mar thoradh / aschur ar an bpróiseas céanna.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘to instantiate / cruthaigh’.

### **interface (ainmfhocal): comhéadan**

*Sainmhíniú (ga):* Conradh a dhéantar idir dhá (nó níos mó) cuid de chód, de phróiseas, nó de chóras ríomhfhoghlama a shainmhíníonn cén chaoi a oibríonn siad lena chéile.

*Sainmhíniú (en):* A protocol made between two (or more) parts of code, of a process, or of a machine learning system that defines how they interoperate.

*Tagairtí:*

- comhéadan: Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Luann Foclóir Uí Dhónaill ‘comhéadan’ mar théarma geolaíochta. I gcomhthéacs geolaíochta, is ionann comhéadan agus an áit (fhisiceach) a thagann dhá rud le chéile. I gcomhthéacs ríomheolaíochta, sin an coincheap céanna atá taobh thiar de ‘interface’ – an áit ina thagann dhá chuid de chód nó de phróiseas le chéile.
- Tá ‘comhéadan’ ar Téarma.ie (i gcomhthéacs ríomheolaíochta) chomh maith.

### **intersection (ainmfhocal): idirmhír**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs dhá thacar (nó níos mó) fo-thacar na mball atá sna tacar sin ar fad.

*Sainmhíniú (en):* In the context of two or more sets, the subset of elements that are in all of those sets.

*Tagairtí:*

- idirmhír: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma le fáil i bhFoclóir Uí Dhónaill agus i bhFoclóir De Bhaldraithe leis an mbrí cheannann chéanna (.i. i gcomhthéacs tacar) is atá in gceist anseo.

### **interval (ainmfhocal): eatramh**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs matamaitice, réimse sainmhínithe luacha.

*Sainmhíniú (en):* In the context of mathematics, a specific range of values.

*Tagairtí:*

- eatramh: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2], Williams et al. (2023) [5]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma díreach le fáil leis an mbrí cheannann chéanna i gcomhthéacs matamaiticiúil i Stórchiste. Is i gcomhthéacs comhchosúil, ach níos leithne, a luaitear an téarma seo sna foclóirí eile.

### **inverse (aidiacht): inbhéartach**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs faisnéise i ngraf eolais, mar leagan contrártha d’fhaisnéis eile. Mar shampla, má tá  $f'$  mar inbhéarta ar  $f$ , agus más fíor  $(a,f,c)$ , is fíor  $(c,f',a)$ .

*Sainmhíniú (en):* In the context of a predicate in a knowledge graph, being a reverse of another predicate. For example, if  $p'$  is the inverse of  $p$ , and  $(s,p,o)$  is true, then  $(o,p',s)$  is true.

*Tagairtí:*

- inbhéartach: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill (1977) [2], Williams et al. (2023) [5]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma díreach ar fáil leis an mbrí chéanna i gcomhthéacs matamaitice.

### **inverse (relation) (ainmfhocal): inbhéarta**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs faisnéise i ngraf eolais, leagan contrártha d'fhaisnéis eile. Mar shampla, má tá  $f'$  mar inbhéarta ar  $f$ , agus más fíor  $(a,f,c)$ , is fíor  $(c,f',a)$ .

*Sainmhíniú (en):* In the context of a predicate in a knowledge graph, the reverse of another predicate. For example, if  $p'$  is the inverse of  $p$ , and  $(s,p,o)$  is true, then  $(o,p',s)$  is true.

*Tagairtí:*

- inbhéarta: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill (1977) [2], Williams et al. (2023) [5]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma díreach ar fáil leis an mbrí chéanna i gcomhthéacs matamaitice.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘inverse / inbhéartach’.

## **K**

### **knowledge graph (KG) (ainmfhocal): graf eolais (GE)**

*Sainmhíniú (ga):* Bunachar sonraí a shamhlaíonn eolas mar nóid agus na ceangail eatarthu. Bíonn lipéad ar chuile nód / ceangal, agus bíonn chuile cheangal dírithe.

*Sainmhíniú (en):* A database consisting of labelled nodes representing concepts and directed, labelled edges describing the relationships between them.

*Tagairtí:*

- graf: féach ar an téarma ‘graph / graf’
- eolas: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- \* Cé go bhfuil ‘graf’ istigh sa bhFoclóir Beag, is i gcomhthéacs graif líne amháin a luaitear é.
- Níl aistriúchán déanta ar an téarma seo cheana go bhfios don údar (fiú ar Téarma.ie). Cumtar téarma nua mar sin, as ‘graf’ agus as ‘eolas’ mar a cumadh i mBéarla é.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘graph / graf’.

### **knowledge graph embedding (KGE) (ainmfhocal): leabú graif eolais (LGE)**

*Sainmhíniú (ga):* Próiseas ríomhfhoghlaama a bhfuil leabú graif eolais amháin mar thoradh air; nó, leabú amháin a fhaightear mar thoradh air sin.

*Sainmhíniú (en):* The machine learning process of embedding a single knowledge graph into vector space; or, a single embedding obtained from said process.

*Tagairtí:*

- leabú: féach ar an téarma ‘embedding / leabú’
- graf eolais: féach ar an téarma ‘knowledge graph (KG) / graf eolais (GE)’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Fághtar san uimhir uatha an téarma ‘graf eolais’ toisc nach mbíonn ach graf amháin á leabú ag aon uair amháin / ag aon samhail amháin.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘embedding / leabú’.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘knowledge graph (KG) / graf eolais (GE)’.

**knowledge graph embedding model (KGEM) (ainmfhocal): samhail leabaithe graif eolais (SLGE)**

*Sainmhíniú (ga):* Samhail ríomhfhoghlama a bhfuil mar aidhm aige graf eolais a leabú.

*Sainmhíniú (en):* A machine learning model whose aim is to embed a knowledge graph.

*Tagairtí:*

- leabú: féach ar an téarma ‘embedding / leabú’
- graf eolais: féach ar an téarma ‘knowledge graph (KG) / graf eolais (GE)’
- samhail: féach ar an téarma ‘model / samhail’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Fágтар san uimhir uatha an téarma ‘leabú’ toisc phróiseas an leabaithe a bheith i gceist, seachas líon na leabuithe ar fad.
- Fágтар san uimhir uatha an téarma ‘graf eolais’ toisc nach mbíonn ach graf amháin á leabú ag aon uair amháin / ag aon samhail amháin.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘knowledge graph embedding (KGE) / leabú graif eolais (LGE)’.

**Kullback-Leibler (KL) divergence (ainmfhocal): dibhéirseacht Kullback-Leibler (KL)**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs ríomheolaíochta agus matamaitice, feidhm a chomhaireann cé chomh difriúil is atá dhá dháileadh staitistiúil óna chéile. Is minic agus é úsáidte mar fheidhm phionóis, agus is ionann é agus eantrópacht choibhneasta.

*Sainmhíniú (en):* In the context of computer science and mathematics, a function that calculates how different two distributions are from each other. It is often used as a loss function, and it is also referred to as relative entropy.

*Tagairtí:*

- dibhéirseacht: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2], Williams et al. (2023) [5]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Tá ‘dibhéirseacht’ ar fáil go díreach ó na foinsí thuas. I Stórchiste, luaitear mar théarma matamaitice é.
- Is ainm dílis (nó go teicniúil, dhá ainm dílis curtha le chéile) é ‘Kullback-Leibler’; fágтар gan athrú é mar sin.
- Is ionann dibhéirseacht Kullback-Leibler agus eantrópacht choibhneasta.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘relative entropy / eantrópacht choibhneasta’.

## L

**label (ainmfhocal): lipéad**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs graif eolais, téacs atá nasctha le nód nó le ceangal agus a chuireann in iúl céard dó a sheasann an nód / ceangal sin.

*Sainmhíniú (en):* In the context of a knowledge graph, text that is linked to a node or edge that indicates what that node / edge represents.

*Tagairtí:*

- lipéad: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma díreach ar fáil le brí chomhchosúil.

### **labelled (aidiacht): le lipéad**

*Sainmhíniú (ga):* Ag tagairt ar nód nó ar ceangal, rud a bhfuil lipéad (uimhir, téacs, nó eile) curtha leis mar shuaitheantas.

*Sainmhíniú (en):* Referring to a node or edge, having a label (number, text, etc) attached to it as an identifier.

*Tagairtí:*

- le: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]
- lipéad: féach ar an téarma ‘label / lipéad’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Úsáidtear frása réamhfhoclach anseo seachas briathar nua a chumadh.
- Is é ‘lipéadaithe’ atá ar Téarma.ie – ach níl an focal sin le fáil i bhfoclóir dúchasach ar bith. Ní ghlactar leis mar sin.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘label / lipéad’.

### **language model (LM) (ainmfhocal): samhail theanga (ST)**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs ríomhfhoghlama, samhail a bhfuil mar aidhm aici tuiscint a fháil ar theanga nádúrtha na ndaoine chun í a phróiseáil.

*Sainmhíniú (en):* In the context of machine learning, a model that aims to understand and process natural human language.

*Tagairtí:*

- samhail: féach ar an téarma ‘model / samhail’
- teanga: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma cruthaithe go díreach as na fréamhacha thuas.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘model / samhail’.

### **large language model (LLM) (ainmfhocal): samhail theanga mhór (STM)**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs ríomhfhoghlama, samhail theanga a bhfuil na billiúin, na trilliúin, nó níos mó paraiméadair aici.

*Sainmhíniú (en):* In the context of computer science, a language model with billions, trillions, or more parameters.

*Tagairtí:*

- samhail theanga: féach ar an téarma ‘language model (LM) / samhail theanga (ST)’
- mór: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma cruthaithe go díreach as na fréamhacha thuas.
- Roghnaíodh ‘samhail theanga mhór’ seachas ‘samhail mhór theanga’ toisc gur samhla teanga iad gach uile shamhail theanga mhór. Ní úsáidtear ‘samhail mhór’ mar théarma teicniúil riamh, ach chuirfeadh ‘samhail mhór theanga’ in iúl gur sórt samhla móire atá dírithe ar theanga atá i gceist, seachas gur sórt samhla teanga atá an-mhór atá i gceist.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘language model (LM) / samhail theanga (ST)’.

### latent (aidiacht): folaigh

*Sainmhíniú (ga):* Ag trácht ar veicteoir, ar leabú, nó ar paraiméadair i samhail ríomhfhoghlama, ag trácht ar eolas atá foghlamtha nó impleachtaithe. Is cisil fholaigh iad chuile chiseal i líonra néarach seachas an ciseal ionchuir agus an ciseal aschuir.

*Sainmhíniú (en):* Of a vector, embedding, or parameters in a machine learning model, representing information that is learned or implicit. In a neural network, all layers except the input and output layers are latent layers.

*Tagairtí:*

- folach: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1]\*, Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Feictear ‘teas folaigh’ mar théarma eolaíochta i bhFoclóir De Bhaldraithe, agus glactar leis sa gcomhthéacs seo mar analach leis sin.
- Úsáidtear an focal ‘folach’ toisc go mbíonn leabuithe / paraiméadair / srl folaigh ‘i bhfolach’ – ní bhítear in ann a rá cad dó a sheasann siad toisc matamaitic na samhlacha ríomhfhoghlama a bheith ró-chasta lena bheith tuigte go díreach ag dhaoine.

### layer (ainmfhocal): ciseal

*Sainmhíniú (ga):* I líonra néarach, bloc néaróg a bhfuil ionchur agus aschur sainmhínithe dó, agus atá mar chuid in-athúsáidte den líonra néarach iomlán.

*Sainmhíniú (en):* In a neural network, a block of neurons that have clearly-defined input and output, and that are a building block of the larger neural network.

*Tagairtí:*

- ciseal: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Luann Foclóir Uí Dhónaill mar théarma eolaíochta (sa mbitheolaíocht) é seo. Cé nach ionann sin agus comhthéacs ríomheolaíochta, úsáidtear le brí chomhchosúil é – ‘layer’ a scarann dhá chuid de rud (cill, nó codanna de líonra néarach) óna chéile.
- Tá ‘sraith’ ar Téarma.ie ina chomhair seo, ach níor cheart an téarma sin a úsáid. Tugann sraith le fios go bhfuil liosta nó struchtúr sonraí líneach ann. Ní shin mar atá i líonraí néaracha. Nuair a bhítear ag trácht ar ‘layer’ i líonra néarach, in gach uile cás nach mór, bítear ag tráchar ar maitrís seachas ar sraith. Bíonn sé seo fíor i gcomhthéacs ‘convolutional layers’, ‘dense layers’, ‘attention / transformer layers’, agus ar eile. Mar sin, ní bhíonn ‘sraith’ cruinn ar thaobh na ríomheolaíochta de.
- Móide sin, is fearr ciseal ná maitrís (nó sraith, srl) toisc nach mbíonn chuile ‘layer’ ina mhaitrís ach an oiread. Meastar gur fearr é mar théarma mar sin.

### learning rate (ainmfhocal): ráta foghlama

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs samlach ríomhfhoghlama, luach scálach a cinntíonn cé chomh mór is atá chuile athrú ar pharaiméadair na samhla le linn traenála.

*Sainmhíniú (en):* In the context of a machine learning mode, a scalar value that determines how large each update to the model’s parameters is during training.

*Tagairtí:*

- ráta: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]
- foghlaim: féach ar an téarma ‘machine learning / ríomhfhoghlaim’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarmaí díreach ar fáil le bríonna chomhchosúla.

### library (ainmfhocal): leabharlann (chóid)

*Sainmhíniú (ga)*: Cnuasach cóid caighdeánach a chuirtear le chéile chun cuidiú le tionscadail chóid eile, agus atá ar fáil (den chuid is mó) go poiblí agus saor in aisce.

*Sainmhíniú (en)*: A collection of standardised code that is put together to help with other coding projects, and that is (typically) available publicly and for free.

*Tagairtí*:

- leabharlann: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]
- cód: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1]\*, Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin*:

- \* tá an focal ‘cóid’ i bhFoclóir Uí Dhuinín, ach is le brí ‘a code, a codex, a book’ atá sé luaite. Ní dócha go rabhtas ag trácht ar chóid ríomhaireachta sa bhFoclóir sin, toisc é a bheith níos sine, agus aidhm níos ginearálta (seachas teicniúil) a bheith aige.
- Luann na foclóirí eile ‘cóid’ le brí chomhchiallach le ‘code’ ríomhaireachta.
- Is trí analach a cruthaíodh an téarma Béarla ‘library’, toisc leabharlann chóid a bheith úsáidte mar chnuasach cóid caighdeánach a bhfuil rochtain go forleathan (agus saor in aisce) air chun córais ríomhaireachta a fhorbairt. Ní droch-analach é sin – agus ní bhraitheann sé ar choir chainte an Bhéarla ach ar choincheap teibí. Glactar leis mar sin, agus úsáidtear ‘leabharlann’ anseo.
- Cuirtear an focal ‘cóid’ leis seo (.i. ‘leabharlann chóid’, seachas ‘leabharlann’) toisc nach bhfuil an úsáid seo an-choitianta i nGaeilge, agus toisc gur léire é mar théarma leis an sainmhíniú sin. Sin ráite, ní gá an focal ‘cóid’ a choinneáil leis más léir ón gcomhthéacs cad atá i gceist (agus go háirithe má tá an téarma ‘leabharlann chóid’ luaite cheana).
- Tá an-chathú le téarma a chuma as nua – ‘códlann’. Cé go bhfuil ‘cóid’ agus ‘-lann’ in úsáid go forleathan i nGaeilge, ní cainteoir dúchais mé, agus ní mhothóinn compordach téarma mar sin a chruthú nuair atá téarma eile (.i. ‘leabharlann chóid’) in ann an bhrí cheannann chéanna a chur in iúl gan focal ar leith a chumadh as nua.

### linear (aidiacht): líneach

*Sainmhíniú (ga)*: I gcomhthéacs matamaitice, comhairthe mar shuim ualaithe de roinnt athróga; m.sh.  $y = aX_1 + bX_2 \dots + kX_n$ .

*Sainmhíniú (en)*: In the context of mathematics, calculated as a weighted sum of various variables; for example,  $y = aX_1 + bX_2 \dots + kX_n$ .

*Tagairtí*:

- líneach: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill (1977) [2], Williams et al. (2023) [5]

*Nótaí Aistriúcháin*:

- Téarma díreach ar fáil leis an mbrí cheannann chéanna ó na foclóirí thuas.

### link prediction (LP) (ainmfhocal): réamhinsint nasc (RN)

*Sainmhíniú (ga)*: I gcomhthéacs graif eolais, réamhinsint abairt thriarach nua (nach bhfuil sa ngraf) bunaithe air na habairtí triaracha atá sa ngraf.

*Sainmhíniú (en)*: In the context of a knowledge graph, the act of predicting a new triple (that is not in the graph) based on the triples that are in the graph.

*Tagairtí*:

- réamhinsint: féach ar an téarma ‘prediction / réamhinsint’
- nasc: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin*:



- Luaitear ‘nasc’ den chuid is mó mar snaidhm ag bhíonn ag coinneáil dhá rud le chéile. Sin ráite, is féidir abairt thriarach a shamhlú mar dhá nód agus ceangal nasctha le chéile (agus is dócha gurb in an áit as a dtagann an téarma Béarla ‘link’ chomh maith).
- Is é an ginideach iolra (réamhinsint nasc) a úsáidtear anseo toisc gur minice caint a dhéanamh ar réamhinsint roinnt nasc seachas réamhinsint ar nasc amháin. Sin ráite, is é ‘réamhinsint naisc’ an téarma ceart nuair nach bhfuil ach nasc amháin lena bheith réamhinste.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘prediction / réamhinsint’.

#### **link prediction query (ainmfhocal): ceist réamhinsinte nasc**

*Sainmhíniú (ga):* Ceist a chuirtear ar réamhinsteoir nasc i bhfoirm abairte triaraí neamhiomlán (s,p,?) nó (?,p,o). Is é an freagra uirthi ná nód *o* nó *s* dhéanann abairt iomlán agus cheart as abairt neamhiomlán na ceiste.

*Sainmhíniú (en):* A query that is posed to a link predictor in the form of an incomplete triple (s,p,?) or (?,p,o). The answer to this query is a node *o* or *s* that makes a complete and true triple out of the query triple.

*Tagairtí:*

- tasc: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]
- réamhinsint nasc: féach ar an téarma ‘link prediction (LP) / réamhinsint nasc (RN)’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Féach ar an téarma ‘link prediction (LP) / réamhinsint nasc (RN)’.

#### **link prediction task (ainmfhocal): tasc réamhinsinte nasc**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs graif eolais, tasc a bhfuil mar sprioc aige abairt thriarach nua (nach bhfuil a ngraf) a réamhinsint bunaithe ar na habairtí triaracha atá sa ngraf.

*Sainmhíniú (en):* In the context of a knowledge graph, the task of predicting a new triple (that is not in the graph) based on the triples that are in the graph.

*Tagairtí:*

- tasc: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]
- réamhinsint nasc: féach ar an téarma ‘link prediction (LP) / réamhinsint nasc (RN)’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Féach ar an téarma ‘link prediction (LP) / réamhinsint nasc (RN)’

#### **link predictor (ainmfhocal): réamhinsteoir nasc**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs graif eolais, samhail ríomhfhoghlama a dhéanann naisc a réamhinsint.

*Sainmhíniú (en):* In the context of a knowledge graph, a machine learning model that performs link prediction.

*Tagairtí:*

- réamhinsteoir: féach ar an téarma ‘predictor / réamhinsteoir’
- réamhinsint nasc: féach ar an téarma ‘link prediction (LP) / réamhinsint nasc (RN)’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Féach chomh maith ar an téarma ‘link prediction (LP) / réamhinsint nasc (RN)’
- Féach chomh maith ar an téarma ‘predictor / réamhinsteoir’.

### **linked data (LD) (ainmfhocal): sonraí nasctha (SN)**

*Sainmhíniú (ga):* Bailiúchán sonraí i ngraif eolais atá nasctha lena chéile agus atá, go minic, dáilte thar líon mhór suíomhanna / freastalaithe ar an idirlíon.

*Sainmhíniú (en):* A collection of data in knowledge graphs that are connected to each other and, often, distributed among many sites / servers on the internet.

*Tagairtí:*

- sonra: féach ar an téarma ‘database / bunachar sonraí’
- nasc: féach ar an téarma ‘link prediction (LP) / réamhinsint nasc (RN)’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma cruthaithe go díreach as téarmaí eile sa bhfoclóir seo
- Féach chomh maith ar an téarma ‘database / bunachar sonraí’.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘link prediction (LP) / réamhinsint nasc (RN)’.

### **linked open data (LOD) (ainmfhocal): sonraí nasctha saor-rochtana (SNSR)**

*Sainmhíniú (ga):* Sonraí nasctha a bhfuil rochtain éasca, saor, agus poiblí air.

*Sainmhíniú (en):* Linked data that is made available for easy, free, and public access.

*Tagairtí:*

- sonra: féach ar an téarma ‘database / bunachar sonraí’
- nasc: féach ar an téarma ‘link prediction (LP) / réamhinsint nasc (RN)’
- saor-rochtana: féach ar an téarma ‘open source / saor-rochtana’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Is é ‘sonraí nasctha saor-rochtana’ atá ar Téarma.ie. Glactar leis sin toisc go gcloíonn sé le sampla na bhfoclóirí dúchasacha.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘linked data (LD) / sonraí nasctha (SN)’.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘linked data (LD) / sonraí nasctha (SN)’.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘open source / saor-rochtana’.

### **to load (briathar): lódáil**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs ríomheolaíochta, sonraí nó cód a aistriú ó stóras amháin (m.sh. diosca an ríomhaire) go stóras eile (m.sh. cuimhne an ríomhaire).

*Sainmhíniú (en):* In the context of computer science, to transfer data from one storage location (such as the computer’s disk) to another (for example, the computer’s memory).

*Tagairtí:*

- lódáil: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Ní luann foclóir ar bith de na foclóirí thuas an focal seo i gcomhthéacs ríomhairí. Cé go bhfuil go leor comhthéacsanna ar leith luaite leis, bíonn trácht i gcónaí air chun lódáil fhisiceach in chur in iúl (m.sh. ‘lódáil soithigh’ i bhFoclóir Uí Dhónaill). Sin ráite – níl téarma ar bith eile ann a bheadh níos oiriúnaí (.i. nach mbíonn úsáidte go príomha i gcomhthéacs fisicigh). Thairis sin, cé nach rud fhisiceach atá i gceist anseo, tá an bun-choincheap céanna i gceist – rud (lasta nó sonraí) a bhogadh ó stóras amháin go stóras eile.

### local (aidiacht): logánta

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs graif, sonraí, samlach, nó eile, ag trácht ar airíonna a bhaineann le codanna áirithe den ghraf / de na sonraí / den tsamhail, gan trácht airíonna an ruda iomláin. Frithchiallach leis an téarma ‘uilióch’.

*Sainmhíniú (en):* In the context of a graph, data, a model, etc, relating to features of sub-parts of the graph / data / model without reference to properties of the whole. Antonym to ‘global’.

*Tagairtí:*

- logánta: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma díreach ar fáil le brí chomhchosúil ó na foclóirí thuas.
- Tá ‘áitiúil’ iomlán ceart go leor chomh maith de réir gach dealraimh. Sin ráite, is é logánta a nglac an Coiste Téarmaíochta leis ar Téarma.ie. Toisc nach bhfuil difríocht ar bith idir ‘áitiúil’ agus ‘logánta’ de réir na bhfoclóirí dúchasacha, glacadh le ‘logánta’ le go mbeadh comhaontú ar théarma caighdeánach amháin ann os a chomhair seo.

### local maximum (ainmfhocal): uasluach logánta

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs feabhsaithe nó ríomhfhoghlama, luach atá ard i gcomparáid le luacha eile in éineacht leis, ach nach gcaithfidh gurb é an luach is airde ar féidir é a fháil (.i. ní chaithfidh sé a bheith mar uasluach uilióch).

*Sainmhíniú (en):* In the context of optimisation or machine learning, a value that is high compared to other values near it, but that may not be the highest possible value (i.e. that may not be a global maximum).

*Tagairtí:*

- uasluach: féach ar an téarma ‘maximum / uasluach’
- logánta: féach ar an téarma ‘local / logánta’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Féach ar an téarma ‘maximum / uasluach’
- Féach chomh maith ar an téarma ‘local / logánta’

### local minimum (ainmfhocal): íosluach logánta

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs feabhsaithe nó ríomhfhoghlama, luach atá íseal i gcomparáid le luacha eile in éineacht leis, ach nach gcaithfidh gurb é an luach is ísle ar féidir é a fháil (.i. ní chaithfidh sé a bheith mar íosluach uilióch).

*Sainmhíniú (en):* In the context of optimisation or machine learning, a value that is low compared to other values near it, but that may not be the lowest possible value (i.e. that may not be a global minimum).

*Tagairtí:*

- íosluach: féach ar an téarma ‘minimum / íosluach’
- logánta: féach ar an téarma ‘local / logánta’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Féach ar an téarma ‘minimum / íosluach’
- Féach chomh maith ar an téarma ‘local / logánta’

## logic (ainmfhocal): loighic

*Sainmhíniú (ga):* An réimse staidéar a bhaineann le réasúnaíocht.

*Sainmhíniú (en):* The field of study relating to reasoning.

*Tagairtí:*

- loighic: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma díreach ar fáil ó na foinsí thuas leis an mbrí chéanna.

## loss (ainmfhocal): pionós (foghlama)

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs samhla ríomhfhoghlama, luach uimhriúil a chuireann in iúl cé chomh dona is atá an tsamhail (sin le rá, is ionann pionós níos airde samhail níos measa). Úsáidtear an pionós mar chuid mhatamaiticiúil de ríomhfoghlaim.

*Sainmhíniú (en):* In the context of a machine learning model, a numerical value that represents how bad the model is (that is, a higher penalty means the model is less effective). Loss is used as a part of the mathematical process of machine learning.

*Tagairtí:*

- pionós: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- \* Is ‘pionús’ seachas ‘pionós’ atá i bhFoclóir Uí Dhuinnín, ach glactar leis gurb in an focal céanna le litriú eile
- Tá ‘caill’ / ‘caillteanas’ ar Téarma.ie mar fhocal ar ‘loss’ an Bhéarla. Meastar go bhfuil siad sin rud beag ró-litriúil; i nGaeilge, is éard atá i gceist le ‘caill’ / ‘caillteanas’ ná rud atá caillte / gan tuairisc air (de réir Fhoclóir Uí Dhónaill). Ní hionann sin agus an luach ‘loss’, atá úsáidte chun cur síos a dhéanamh ar cé chomh dona is atá samhail ríomhfhoghlama. Thairis sin, níl trácht ar bith ar ‘caill’ mar fhocal matamaiticiúil, eolaíochta, ná sainmhíthe i bhfoclóir dúchasach ar bith. Ní ghlahtar le ‘caill’ ná le ‘caillteanas’ mar sin.
- Is minic a dhéantar analach idir ríomhfoghlaim agus foghlaim na ndaoine / ainmhithe. Is é bunús an analacha seo ná go mbíonn ‘loss’ mar phionós ar an ríomhaire (cosúil le pionós a chur ar madra toisc é a bheith dána). Bíonn an tsamhail ag foghlaim toisc an phionóis sin – chun rudaí a dhéanamh nach bhfuil pionós leo.
- Cé nach mbíonn sé seo iomlán soiléir i gcónaí, is ‘pionós’ (nó ‘penalty’) é ‘loss’ go litriúil chomh maith. Nuair a bhíonn ríomhfoghlaim ar siúl bíonn (i nach mór gach uile cás) paraiméadair infhoghlamtha ar an tsamhail atá le hathrú le linn feabhsaithe. Is ionann na paraiméadair seo a athrú agus treo a thabhairt dóibh. Tabhair mar shampla samhail ríomhfhoghlama an-simplí – cúlú líneach le dhá pharaiméadar (.i.  $y = ax + b$ , ina bhfuil  $a$  agus  $b$  mar pharaiméadair). Is féidir gach uile shamhail mar sin a shamhlú mar phointe ar bhreacadh Cairtéiseach (.i. (3,2), le  $a=3$  agus  $b=2$ ). Bíonn luach an phionóis ( $p$ ) mar ais  $z$  (sa tríú toise) – is é is ísle is atá, is é is fearr. Nuair a bhíonn foghlaim ar siúl, is í is aidhm leis an bhfoghlaim ná pointe ( $a, b$ ) a fháil a bhfuil an luach phionóis  $p$  chomh íseal agus is féidir. Le linn an fheabhsaithe sin, is minic (go háirithe agus feidhm phionóis simplí in úsáid) go mbíonn an tsamhail sáinnithe ar íosmhéid logánta (nach ionann agus an t-íosluach uilíoch). Tarlaíonn sé seo toisc an tsamhail a bheith ag bogadh sa treo mícheart. Chun é seo a sheachaint, déantar feidhmeanna pionóis níos fearr (agus níos casta) a úsáid. Gearrann na feidhmeanna seo pionós níos airde ar an tsamhail má bhogann sé sa treo mícheart trí luach pionóis níos airde a chur leis an pointí sin. Cé nach pionós dlí é seo, is pionós foghlama é go litriúil.
- Is minic a bhíonn trácht ar ‘penalty’ i litriocht an réimse i mBéarla díreach toisc an dá phointe thuas
- Ní i gcomhthéacs matamaiticiúil a luaitear an focal pionós sna foclóirí thuas, ach glactar leis fós féin toisc na bpointí thuas. Móide sin, moltar ‘pionós foghlama’ a úsáid más gá léiriú cé sóirt pionóis atá i gceist, i dtaca leis na pointí thuas.

### loss function (ainmfhocal): feidhm phionóis

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs samhla ríomhfhoghlama, feidhm a dhéanann luach an phionóis a áireamh don tsamhail sin ar thacar sonraí éigin.

*Sainmhíniú (en):* In the context of a machine learning model, a function that calculates the loss value of that model on some set of data points.

*Tagairtí:*

- feidhm: féach ar an téarma ‘function / feidhm’
- pionós: féach ar an téarma ‘loss / pionós’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Féach ar an téarma ‘function / feidhm’.
- Féach ar an téarma ‘loss / pionós’.

## M

### machine (aidiacht): ríomh-

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs ríomheolaíochta, bunaithe ar ríomhfhoghlaim.

*Sainmhíniú (en):* In the context of computer science, based on machine learning.

*Tagairtí:*

- ríomh-: Ó Dónaill (1977) [2]\*

*Nótaí Aistriúcháin:*

- \* Níl ‘ríomh-’ ann mar réimír. Cé is moite de sin, feictear é in úsáid mar réimír sa bhfoclóir céanna; .i. ‘ríomheolaíocht’ (murab ionann sin agus ‘eolaíocht’ mar iarmhír)
- Tá idir ‘meaisín-’ (mar réimír) agus ‘ríomh-’ (mar réimír) le feiceáil ar Téarma.ie. Ní ghactar le ‘meaisín’ mar réimír toisc nach mbíonn sé ina réimír ar i bhfoclóir dúchasach ar bith (ach bíonn ‘ríomh-’ úsáidte i bhfocail eile agus i bhfoclóirí dúchasacha).

### machine learning (ainmfhocal): ríomhfhoghlaim

*Sainmhíniú (ga):* Cur chuige feabhsúcháin mhatamaiticiúil a chuireann ar chumas do ríomhairí ceisteanna casta a fhreagairt.

*Sainmhíniú (en):* The process of using mathematical optimisation to allow computers to solve complex problems.

*Tagairtí:*

- foghlaim: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]
- ríomh-: féach ar an téarma ‘machine / ríomh-’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Bheadh ciall éigin ag dul le ‘foghlaim na meaisíní’ chomh maith, seachas ‘meaisín’ a bheith bainteach lena leithéid de mheaisíní níos álainn (féach ar Teanglann) agus gan rian eile de le feiceáil i gcomhthéacs ríomhaireachta.
- Cé nach mbíonn trácht ar ‘ríomhfhoghlaim’ i bhfoclóir ar bith, tá ‘ríomh-’ ann mar réimír. Thairis sin, bíonn ann dá leithéid de ‘ríomhphost’ agus ‘ríomheolaíocht’ anois sa gcaint.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘machine / ríomh-’.

## to map (briathar): mapáil

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs ríomheolaíochta, mapa a chruthú.

*Sainmhíniú (en):* In the context of computer science, to create a map / mapping.

*Tagairtí:*

- mapáil: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Luann na foclóirí thuas ar fad ‘mapáil’ i gcomhthéacs mapa den domhan. Cé nach in an comhthéacs céanna is atá i gceist anseo, tá glactar le ‘mapáil’ toisc gur glacadh le ‘mapa’ sa bhfoclóir seo.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘mapping / mapa’.

## mapping (ainmfhocal): mapa

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs ríomhaireachta, bunachar a ligeann duit luach amháin (an ‘luach’) a fháil trí cheangal le luach eile (an eochair).

*Sainmhíniú (en):* In the context of computer science, a database that allows access to one value (called the ‘value’) using another value (called the ‘key’).

*Tagairtí:*

- mapa: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Luann na foclóirí thuas ar fad ‘mapa’ i gcomhthéacs mapa den domhan. Ní shin atá i gceist anseo, ach, toisc gurb é aidhm mapa ríomhaireachta ná ceangal éigin a dhéanamh idir dhá rud (le gur féidir leathrud a fáil ón leathrud eile), agus toisc gurb as an meafar sin a thagann úsáid ‘mapping’ i mBéarla, glactar leis an téarma sin anseo.
- Rogha eile a bhí sa bhfocal ‘léarscáil’. Ní cosúil ó na foclóirí thuas, áfach, cén ceann acu is fearr i gcomhthéacs ríomheolaíochta. Sin ráite, tá 2 bhuntáiste le ‘mapa’ – tá briathar ceangailte leis (‘mapáil’), agus tá idir ‘mapa’ agus ‘mapáil’ ar Téarma.ie cheana. Roghnaíodh ‘mapa’ mar sin.

## margin (ainmfhocal): bearna

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs na feidhme pionóis Pionós Rangaithe le Bearna, hipear-pharaiméadar a chinneann cé chomh fada agus ar ceart scór na n-abairtí triaracha fírinneacha agus scór na bhfrith-shamplaí a choinneáil óna chéile.

*Sainmhíniú (en):* In the context of the Margin Ranking Loss loss function, a hyperparameter that determines how far the score of true triples and negative samples should be kept from each other.

*Tagairtí:*

- bearna: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma ar fáil ó na foclóirí thuas le brí chomhchosúil, ach i gcomhthéacs níos leithne.

## margin ranking loss (MRL) (ainmfhocal): pionós rangaithe le bearna (PRB)

*Sainmhíniú (ga):* Feidhm phionóis cruthaithe ar son an taisc réamhinsinte nasc a iarrann bearna áirithe a choinneáil idir scór na n-abairtí triaracha fírinneacha agus scór na bhfrith-shamplaí.

*Sainmhíniú (en):* A loss function created for the link prediction task that attempts to maintain a specific margin between the scores of true triples and the scores of negative samples.

*Tagairtí:*

- pionós: féach ar an téarma ‘loss function / feidhm phionóis’
- rangaigh: féach ar an téarma ‘to rank / rangaigh’
- bearna: féach ar an téarma ‘margin / bearna’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Tabhair faoi deara gurb é an leagan ceart de ‘margin ranking’ ná ‘rangú le bearna’. Sa téarma ‘pionós rangiathe le bearna’ tá ‘rangaithe’ sa tuiseal ginideach; ní aidiacht bhriathartha é. Ní dhearna ‘rangú le bearna’ a chur mar théarma eile sa bhfoclóir seo, áfach, toisc nach mbeadh ciall ar bith leis ina aonar.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘loss function / feidhm phionóis’.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘to rank / rangaiigh’.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘margin / bearna’.

**matrix (ainmfhocal): maitrís**

*Sainmhíniú (ga):* Grúpa uimhreacha in eangach le sraitheanna agus le colún. Is féidir maitrís a shamhlú mar liosta veicteoirí a bhfuil an toise céanna acu uile.

*Sainmhíniú (en):* A group of numbers in a grid of rows and columns. A matrix can be thought of as a list of vectors with the same dimensionality.

*Tagairtí:*

- maitrís: Williams et al. (2023) [5]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma díreach ar fáil ó Stórchiste leis an mbrí cheannann chéanna.

**maximum (ainmfhocal): uasluach**

*Sainmhíniú (ga):* An luach is airde ar féidir a fháil (mar shampla, le linn feabhsaithe samhla ríomhfhoghlama).

*Sainmhíniú (en):* The highest value that can be obtained (for example, during the optimisation of a machine learning model).

*Tagairtí:*

- uasluach: Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]
- uas-: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2], Williams et al. (2023) [5]
- luach: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2], Williams et al. (2023) [5]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma luaite mar théarma matamaitice i bhFoclóir Uí Dhónaill agus i bhFoclóir Uí Dhónaill agus Uí Mhaoileoin. Tá an dá chuid den téarma seo luaite le bríonna comhchosúla chomh maith sna foclóirí eile thuas.

**mean (aidiacht): meán- nó meánach**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs liosta uimhreacha, bainteach le meán an liosta sin.

*Sainmhíniú (en):* In the context of a list of numbers, relating to the mean of that list.

*Tagairtí:*

- meán-: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill (1977) [2], Williams et al. (2023) [5]
- meánach: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill (1977) [2], Williams et al. (2023) [5]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma díreach ar fáil ó na foclóirí thuas.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘mean (statistic) / meán’.

### mean (statistic) (ainmfhocal): meán

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs liosta uimhreacha  $L$  ina bhfuil  $n$  ball ann, an luach  $sum(L)/n$ . Úsáidtear an meán mar thomhas ar lár na  $n$ -uimhreacha.

*Sainmhíniú (en):* In the context of a list of numbers  $L$  with  $n$  elements, the value  $sum(L)/n$ . The mean is used as a measure of the center of the list of numbers.

*Tagairtí:*

- meán: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2], Williams et al. (2023) [5]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma díreach ar fáil ó na foclóirí thuas.

### mean rank (MR) (ainmfhocal): meán-rang (MR)

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs liosta ranganna, meán na ranganna ar fad atá istigh ann.

*Sainmhíniú (en):* In the context of a ranked list, the mean of all ranks in it.

*Tagairtí:*

- meán-: féach ar an téarma ‘mean / meán- nó meánach’
- rang: féach ar an téarma ‘rank / rang’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Tá an focal ‘meán’ i bhFoclóir Uí Dhónaill agus Uí Mhaoileoin, ach ní luaitear mar réimír ann é.
- Bheadh ciall le ‘rang meánach’ chomh maith le meán-rang. Sin ráite, is é ‘meán-’ a úsáidtear den chuid is mó i dtéarmaí i bhFoclóir Uí Dhónaill (féach ar ‘meán-am’ / ‘meán-saorchonair’). Ní fheictear samplaí d’úsáid ‘meánach’ i dtéarmaí eolaíochta / matamaitice ann. Glactar le ‘meán-rang’ mar sin.
- Bíonn ‘meánach’ aistrithe mar ‘mean’ agus mar ‘median’ sna foclóirí thuas – ach ní luann ach ‘mean’ le ‘meán-’ i Stórchiste. Meastar gur léire ‘meán-rang’ mar sin chomh maith, chun débhrí a sheachaint.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘mean / meán- nó meánach’.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘rank / rang’
- Féach chomh maith ar an téarma ‘ranked list / liosta ranganna’.

### mean reciprocal rank (MRR) (ainmfhocal): meán na ranganna deilíneacha (MRD)

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs liosta ranganna, an tomhas  $1/(meán(1/rang_i))$  a chomhairtear air (do gach uile rang  $rang_1...rang_i...rang_n$ ).

*Sainmhíniú (en):* In the context of a ranked list, the metric  $mean(1/rank_i)$  that is calculated on it (for every rank  $rank_1...rank_i...rank_n$ ).

*Tagairtí:*

- meán-: féach ar an téarma ‘mean (statistic) / meán’
- rang: féach ar an téarma ‘rank / rang’
- deilíneach: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill (1977) [2], Williams et al. (2023) [5]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Cé gurb é ‘meán-rang deilíneach’ an leagan is litriúil ann, bheadh sé rud beag aisteach an leagan sin a úsáid, toisc go bhféadfaí é sin a léamh mar deilín den meán-rang (.i.  $1/(meán - rang)$ ), seachas mar mheán na ranganna deilíneacha ar fad (.i.  $1/(meán(1/rang_i))$ ). Is é an dara rud, cinnte, atá i gceist anseo (meán na ranganna deilíneacha). Ní bhíonn an fhadhb seo i mBéarla – is ionann ‘mean reciprocal rank’ agus  $1/(meán(1/rang_i))$  toisc struchtúr theanga an Bhéarla, nach ionann agus struchtúr na Gaeilge. Toisc gur rud amháin é ‘meán-rang’, is éard is ‘meán-rang deilíneach’ ann ná  $1/(meán - rang)$  – rud nach bhfuil i gceist leis an téarma seo. Ní féidir glacadh le ‘meán-rang deilíneach’ mar sin.



- Tá cúpla roghanna ar leith ann chun  $1/(meán(1/rang_i))$  a chur in iúl – ‘rang deilíneach meánach, nó ‘meán na ranganna deilíneacha’. Meastar go mbeadh meán na ranganna deilíneach níos léire dá bhfuil i gceist, agus glactar leis mar sin.
- Tá cosúlacht idir ‘mean rank’ agus ‘mean reciprocal rank’ i mBéarla. Níl sna leaganacha Gaeilge anseo – déantar é sin d’aon ghnó. Is cuma an bhfuil cosúlacht theangeolaíochta idir an dá téarma, ach amháin go gcuireann siad araon an bhrí cheart in iúl.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘mean (statistic) / meán’.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘rank / rang’.

### mean squared error (MSE) (ainmfhocal): meán na n-earráidí cearnaithe (MEC)

*Sainmhíniú (ga):* Feidhm phionóis a fhaigheann earráid gach uile réamhinsinte, a chearnaítear an earráid sin, agus a chomhaireann ar deireadh meán na n-earráidí cearnaithe.

*Sainmhíniú (en):* A loss function that finds the error of every prediction, squares that error, and then calculates the mean of all of those squared errors.

*Tagairtí:*

- earráid: féach ar an téarma ‘error / earráid’
- cearnaigh: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill (1977) [2], Williams et al. (2023) [5]
- meánach: féach ar an téarma ‘mean / meán- nó meánach’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Cé nach bhfuil an téarma iomlán ar fáil sna foclóirí thuas, táthar in ann é a chumadh go díreach as focail a bhfuil an bhrí chéanna, nó brí chomhchosúil, leo.
- Is é ‘earráid mheán na gcearnóg’ atá ar Téarma.ie. Ní ghlactar leis sin toisc gur cosúil gurb ionann sé sin agus earráid(mheán an gcearnóg) – sin le rá, go bhfuil tomhas earráide comhairthe ar mheán na gcearnóg. Ní shin atá i gceist le ‘mean square error’ ach *meán(earráid<sup>2</sup>)*. Meastar go bhfuil ‘meán na n-earráidí cearnaithe’ níos oiriúnaí mar sin sa gcás seo.
- Beadh ‘earráid cearnaithe mheánach’ go maith chomh maith mar théarma, ach roghnaíodh ‘meán na n-earráidí cearnaithe’ toisc é a bheith níos léire.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘error / earráid’.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘mean / meán- nó meánach’.

### measure (ainmfhocal): tomhas

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs matamaitice, luach a dhéanann cur síos cainníochtúil ar shonraí nó ar fheiniméan éigin, go háirithe nuair atá sé úsáidte chun dhá shraith sonraí / dhá fheiniméan chur i gcomparáid lena chéile.

*Sainmhíniú (en):* In a mathematical context, a value that gives a quantitative description of data or some phenomenon, especially when used to compare two such data sets or phenomena.

*Tagairtí:*

- tomhas: féach ar an téarma ‘metric / tomhas’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Féach ar an téarma ‘metric / tomhas’.

### to measure (ainmfhocal): tomhais

*Sainmhíniú (ga):* Tomhas a dhéanamh ar shonraí nó ar phróiseas éigin.

*Sainmhíniú (en):* To measure some effect or data.

*Tagairtí:*

- tomhas: féach ar an téarma ‘metric / tomhas’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Féach ar an téarma ‘metric / tomhas’.

### median (aidiacht): airmheánach

*Sainmhíniú (ga)*: I gcomhthéacs liosta uimhreacha, bainteach le hairmheán an liosta sin.

*Sainmhíniú (en)*: In the context of a list of numbers, relating to the median of that list.

*Tagairtí*:

- meán: féach ar an téarma ‘mean (statistic) / meán’
- meánach: féach ar an téarma ‘mean / meán- nó meánach’
- airmheán: féach ar an téarma ‘median (statistic) / airmheán’

*Nótaí Aistriúcháin*:

- Níl an téarma ‘airmheánach’ ar fáil i bhfoclóir ar bith. Sin ráite, tá ‘meán’ agus ‘meánach’ ar fáil, chomh maith le ‘airmheán’. Meastar, mar sin, go bhfuil bunús leis an bhfocal ‘airmheánach’.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘mean (statistic) / meán’.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘mean / meán- nó meánach’.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘median (statistic) / airmheán’.

### median (statistic) (ainmfhocal): airmheán

*Sainmhíniú (ga)*: Ag trácht ar dáileadh, an luach díreach i lár na luachanna ar fad agus iad sórtáilte.

*Sainmhíniú (en)*: With regards to a distribution, the value directly in the middle of all sorted values.

*Tagairtí*:

- airmheán: Ó Dónaill (1977) [2], Williams et al. (2023) [5]

*Nótaí Aistriúcháin*:

- Téarma díreach ar fáil leis an mbrí chéanna sna foclóirí thuas.

### message passing (ainmfhocal): seachadadh teachtaireachtaí

*Sainmhíniú (ga)*: I gcomhthéacs ríomhfhoghlama, an próiseas a bhaineann le sonraí a roinnt idir leabuithe i líonra néarach.

*Sainmhíniú (en)*: In the context of machine learning, the process relating to sharing information between embeddings in a neural network.

*Tagairtí*:

- seachadadh: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]
- teachtaireacht: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin*:

- Tá ‘seachadadh’ agus ‘teachtairacht’ le fáil go díreach ó na foclóirí thuas i gcomhthéacs comh-chosúil.
- Nuair a dhéantar trácht ar ‘message passing’, is níos mó na teachtaireacht amháin a bhíonn i gceist beagnach i gcónaí. Cuireadh ‘teachtairacht’ san uimhir iolra mar sin.
- Bheadh ciall le ‘seoladh’ seachas ‘seachadadh’ chomh maith. Sin ráite, níl locht ar bith ar ‘seachadadh’, agus is é sin atá ar Téarma.ie. Roghnaítear le go luífeadh an téarma seo lena bhfuil ar Téarma.ie.

### **metric (ainmfhoc): tomhas**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs matamaitice, luach a dhéanann cur síos cainníochtúil ar shonraí nó ar fheiniméan éigin, go háirithe nuair atá sé úsáidte chun dhá shraith sonraí / dhá fheiniméan chur i gcomparáid lena chéile.

*Sainmhíniú (en):* In a mathematical context, a value that gives a quantitative description of data or some phenomenon, especially when used to compare two such data sets or phenomena.

*Tagairtí:*

- tomhas: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Tá an téarma seo comhchiallach leis an téarma ‘measure / tomhas’ sa gcomhthéacs matamaitice / ríomheolaíochta atá i gceist anseo.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘measure / tomhas’.

### **minimum (ainmfhoc): íosluach**

*Sainmhíniú (ga):* An luach is ísle ar féidir a fháil (mar shampla, le linn feabhsaithe samhla ríomhfhoghlama).

*Sainmhíniú (en):* The lowest value that can be obtained (for example, during the optimisation of a machine learning model).

*Tagairtí:*

- íosluach: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]
- íos-: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2], Williams et al. (2023) [5]
- luach: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2], Williams et al. (2023) [5]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma luaite mar théarma matamaitice i bhFoclóir Uí Dhónaill agus i bhFoclóir De Bhaldraithe. Luaitear é (gan chomhthéacs) chomh maith i bhFoclóir Uí Dhónaill agus Uí Mhaoileoin. Tá an dá chuid den téarma seo luaite le bríonna comhchosúla chomh maith sna foclóirí eile thuas.

### **to model (ainmfhoc): samhlaigh**

*Sainmhíniú (ga):* Samhail ríomhfhoghlama nó staitistiúil a chruthú, nó samhail shonraí a chruthú.

*Sainmhíniú (en):* To create a (machine learning or statistical) model, or to create a data model.

*Tagairtí:*

- samhlaigh: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Is i gcomhthéacs smaointeoireachta a luaitear an focal ‘samhlaigh’, seachas i gcomhthéacs ríomhaireachta / matamaitice, sna foclóirí thuas. Ach toisc go nglactar le ‘samhail’ i gcomhthéacs ríomhfhoghlama sa bhfoclóir seo, glactar leis an mbriathar ‘samhlaigh’ chomh maith.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘model / samhail’.

### **model (ainmfhoc): samhail**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs ríomhfhoghlama, réad matamaiticiúil a úsáideann cur chuige bunaithe ar calcalas chun tasc ríomhfhoghlama a chur i gcrích. I gcomhthéacs sonraí, an fhormaid agus struchtúr ina bhfuil siad léirithe (m.sh. i ngraf nó i dtábla), agus cé chaoi go sonrach atá na sonraí curtha ann (.i. ointeolaíocht graif nó lipéad na gcolún i dtábla).

*Sainmhíniú (en):* In the context of machine learning, a mathematical object that uses a calculus-based

approach to solve a machine learning task. In the context of data, the format or structure in which it is contained (ex. in a graph or in a table), as well as precisely how the data is put in it (i.e. the graph's ontology, or the column labels in a table).

*Tagairtí:*

- samhail: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2], Williams et al. (2023) [5]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Ní luann foclóir ar bith an téarma seo i gcomhthéacs ríomheolaíochta, ach i gcomhthéacs eile ina bhfuil ‘samhail’ cosúil le ‘cóip’ nó le ‘cosúlacht’. Sin ráite, tá an bhrí sin oiriúnach don úsáid seo – cé nach cóip í, bíonn an tsamhail ríomheolaíochta ag iarraidh aschur feidhme matamaiticiúla a réamhinsint go díreach; sin le rá, a chóipeáil.

### **modular (aidiacht): modúlach**

*Sainmhíniú (ga):* Ag trácht ar samhail nó ar próiseas, a bhfuil modúl mar chuid de. Is féidir a rá go bhfuil cuid de shamhail nó de phróiseas, atá mar mhodúl é féin, modúlach (.i. cuid mhodúlach).

*Sainmhíniú (en):* Regarding a model or process, having modules as parts of it. A part of a model or process can be said to be modular if it is itself a module (i.e. a modular component).

*Tagairtí:*

- modúlach: Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma díreach ar fáil leis an mbrí chéanna.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘module / modúl’.

### **module (ainmfhocal): modúl**

*Sainmhíniú (ga):* Cuid de shamhail nó de phróiseas a bhfuil feidhm ar leith aige agus ar féidir é a úsáid i samhail nó i bpróiseas eile, gan é athrú, chun an tasc céanna a dhéanamh.

*Sainmhíniú (en):* Part of a model or process that has a specific function and that can be used in other models or processes, without changing it, to do the same task.

*Tagairtí:*

- modúl: Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2], Williams et al. (2023) [5]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma díreach ar fáil ó na foclóirí thuas.

### **motif (ainmfhocal): móitíf**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs graif, patrún struchtúr (go háirithe ceann beag) a fheictear go minic i gcodanna ar leith den ghraf.

*Sainmhíniú (en):* In the context of a graph, a structural pattern (especially a small one) that repeats often in different parts of the graph.

*Tagairtí:*

- móitíf: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Luann Foclóir De Bhaldraithe go leor téarmaí ar leith a chuireann ‘motif’ in iúl i nGaeilge: ‘aontréith’, ‘príomhsmaoineamh’, ‘bunábhar (scéil)’, agus ‘móitíf’. (Tá idir ‘príomhsmaoineamh’ agus ‘móitíf’ i bhFoclóir Uí Dhónaill.) Níl ‘príomhsmaoineamh’ ná ‘bunábhar (scéil)’ oiriúnach do chomhthéacs na ngraf. Cé go mbaineann ‘motif’ le tréithe de ghraf, bíonn níos mó ná ‘motif’ amháin i ngach uile ghraf, agus bíonn gach uile ‘motif’ ath-úsáidte go minic sa ngraf céanna. Ní oireann an réimír ‘aon-’ leis an gcomhthéacs seo, mar sin. Thairis sin, ní ghactar le ‘tréith’ toisc é a bheith ró-leathan mar fhocal – is iomaí tréithe atá ag graif nach ‘motifs’ iad. Ar deireadh, is cosúil go dtagann an focal ‘móitíf’ as an bhfocal Béarla ‘motif’, agus mar sin is dócha go bhfuil brí chomhchosúil leis (cé nach mbíonn sé sin sainmhínithe sna foclóirí thuas). Glactar le ‘móitíf’ mar sin.

### multi-headed attention (ainmfhocal): aird il-cheannach

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs ríomhfhoghlama, modúl airde a bhfuil níos mó ná ceann airde amháin air.

*Sainmhíniú (en):* In the context of computer science, an attention module with more than one head.

*Tagairtí:*

- aird: féach ar an téarma ‘attention / aird’
- il-: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]
- ceann: féach ar an téarma ‘attention head / ceann airde’
- décheannach: Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Is minic agus an iarmhír ‘-ach’ úsáidte chun chur in iúl go bhfuil rud éigin ag rud eile. Mar shampla, is ionann rud ‘déadach’ agus rud a bhfuil déada aige (féach ar Fhoclóir Uí Dhónaill). Thairis sin, tá an focal ‘décheannach  $\rightarrow$  two-headed, two-ended’ i bhFoclóir Uí Dhónaill, rud a chuireann in iúl go bhfuil bunús leis an gcaoi a úsáidtear ‘il-cheannach’ anseo.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘attention / aird’.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘attention head / ceann airde’.

## N

### n-shot (aidiacht): n-sonra

*Sainmhíniú (ga):* Cur chuige mion-fheabsaithe ina bhfuil samhail réamh-thraenáilte in ann  $n$  sonra ó thacar sonraí nua a fheiceáil le linn á mion-fheabhsaithe.

*Sainmhíniú (en):* A finetuning protocol in which the pretrained model is able to see  $n$  data points from the new data set during finetuning.

*Tagairtí:*

- sonra: féach ar an téarma ‘data / sonraí’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Úsáidtear ‘n’ i gcomhthéacs matamaiticiúil chun uimhir éigin (gan sonrú) a chur in iúl.
- Úsáidtear n-sonra seachas n-trialach / n-iarrachta nó eile toisc é sin a bheith níos léire. Cuireann ‘n-sonra’ béim ar an méid sonraí atá ar fáil, seachas ar an méid iarrachtaí atá ceadaithe, chun rud a fhoghlaim.

### negative (of number) (aidiacht): diúltach

*Sainmhíniú (ga):* ag caint ar uimhir, faoi 0.

*Sainmhíniú (en):* regarding a number, below 0.

*Tagairtí:*

- diúltach: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma díreach ar fáil sna foclóirí thuas.
- Níor cheart an téarma seo a úsáid chun trácht a dhéanamh ar ‘negative samples’ ná ar ‘negative sampling’ (srl).
- Féach chomh maith ar an téarma ‘negative (sample) / frith-shampla’.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘negative sampler / frith-shamplóir’.

### negative (sample) (ainmfhocal): frith-shampla

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs graf eolais, abairt thriarach bhréagach a úsáidtear mar fhrith-shampla.

*Sainmhíniú (en):* In the context of knowledge graphs, a fake triple that is used as a counterexample.

*Tagairtí:*

- frith-: féach ar an téarma ‘counterexample / frith-shampla’
- sampla: féach ar an téarma ‘sample / shampla’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Úsáidtear frith-shampla toisc gurb in, go díreach, a bhfuil i gceist sa gcás seo. Ní uimhir atá ann agus mar sin níl sé ‘diúltach’ in aon chor – ina ainneoin sin, is sampla bréagach traenála é.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘counterexample / frith-shampla’

### negative sampler (ainmfhocal): frith-shamplóir

*Sainmhíniú (ga):* cuid de shamhail leabaithe graif eolais a chruthaíonn frith-shamplaí don tsamhail chéanna.

*Sainmhíniú (en):* the part of a knowledge graph embedding model that creates negative samples for the model.

*Tagairtí:*

- frith-: féach ar an téarma ‘negative (sample) / frith-shampla’
- samplóir: féach ar an téarma ‘sampler / samplóir’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Ní úsáidtear ‘\*samplóir diúltach’ toisc gur samplóir é seo a chruthaíonn frith-shamplaí. Níl tada ‘diúltach’ ag baint leis de réir mar a úsáidtear an focal ‘diúltach’ i nGaeilge.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘negative (sample) / frith-shampla’,
- Féach chomh maith ar an téarma ‘sampler / samplóir’.

### negative sampling (ainmfhocal): frith-shampláil

*Sainmhíniú (ga):* An próiseas a bhaineann le frith-shamplaí a chruthú bunaithe ar shamplaí fírinneacha.

*Sainmhíniú (en):* The process relating to the creation of negative samples based on ground truth samples.

*Tagairtí:*

- frith-: féach ar an téarma ‘negative sampler / frith-shamplóir’
- sampláil: féach ar an téarma ‘to sample / sampláil’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Is ainmfhocal amháin é seo. Cé go bhfuil ‘sampláil’ ina briathar, níor cheart ‘frith-shampláil’ a úsáid mar bhriathar. Ní dhéantar i litríocht an réimse i mBéarla é sin, agus is ar éigin a bheadh an úsáid sin de dhíth i nGaeilge ach an oiread.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘negative sampler / frith-shamplóir’.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘to sample / sampláil’.

### **neighbour (ainmfhocal): comharsa**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs nóid i ngraf, ceann ar bith de na nóid eile atá ceangailte leis.

*Sainmhíniú (en):* In the context of a node in a graph, any one of the nodes that is connected to it.

*Tagairtí:*

- comharsa: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Ní luann foclóir ar bith an téarma seo i gcomhthéacs matamaitice / ríomheolaíochta. Úsáidtear an téarma Béarla ‘neighbour’ chun trácht a dhéanamh ar nóid atá ceangailte le nóid eile toisc gurb é ‘neighbour’ ná duine a chónaíonn díreach in aici le duine eile. Tá ciall leis an analach sin i nGaeilge chomh maith. Glactar leis an téarma seo mar sin.

### **network (ainmfhocal): líonra**

*Sainmhíniú (ga):* Tacar ina bhfuil nóid agus na ceangail eatarthu.

*Sainmhíniú (en):* A set of nodes and the connections between them.

*Tagairtí:*

- líonra: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Ní bhíonn ‘líonra’ luaite i gcomhthéacs ríomhaireachta sna foclóirí thuas, cé go mbíonn sé sa gcaint agus i litríocht chomhaimseartha leis an mbrí sin. Thairis sin, is sórt líonra é líonra néarach, cé nach líonra fisiceach é.

### **neural (aidiacht): néarach**

*Sainmhíniú (ga):* Ag baint le néaróga (bíodh siad fíor nó saorga) nó le líonraí néaracha.

*Sainmhíniú (en):* Relating to nerves (be they real or artificial) or to neural networks.

*Tagairtí:*

- néarach: Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma díreach ar fáil i bhFoclóir Uí Dhónaill (i gcomhthéacs fíor-néaróg amháin).

### **neural network (NN) (ainmfhocal): líonra néarach (LN)**

*Sainmhíniú (ga):* Cur chuige agus struchtúr ríomhfhoghlama bunaithe ar úsáid néaróg saorga.

*Sainmhíniú (en):* An approach to, and structure of, machine learning based on artificial neurons.

*Tagairtí:*

- líonra: féach ar an téarma ‘network / líonra’
- néarach: féach ar an téarma ‘neural / néarach’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Féach chomh maith ar an téarma ‘network / líonra’.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘neural / néarach’.

### neuro-symbolic (aidiacht): néar-shiombalach

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs ríomhfhoghlama, bunaithe ar úsáid feabhsúchán uimhriúil agus ar rialacha / ar loighic i gcaoi éigin.

*Sainmhíniú (en):* In the context of machine learning, based on the use of numeric optimisation as well as logic / rules in some manner.

*Tagairtí:*

- néar(a)-: Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2], Williams et al. (2023) [5]
- siombalach: féach ar an téarma ‘symbolic / siombalach’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Tá go leor téarmaí teicniúla cruthaithe as an bhfréamh ‘néar-’ le feiceáil i bhFoclóir Uí Dhónaill agus i Stórchiste. Cé go luann Foclóir Uí Dhónaill agus Uí Mhaoileoin ‘néar-’ agus ‘néara-’ mar réimíreanna, is é ‘néar-’ a fheictear i gcónaí i bhFoclóir Uí Dhuinín agus i Stórchiste (m.sh. sna focail ‘néarshnáithín’ agus ‘néar-ríog’). Is dá bharr seo a roghnaíodh ‘néar-shiombalach’ seachas ‘\*néara-shiombalach’.
- Is é ‘néar-shiombalach’ a roghnaíodh seachas ‘ríomh-shiombalach’ (nó mar sin) toisc go mbaineann mórchuid na modhanna ríomhfhoghlama ‘neuro-symbolic’ le líonraí néaracha.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘symbolic / siombalach’.

### node (ainmfhocal): nód

*Sainmhíniú (ga):* Cuid de ghraf a chuireann coincheap, bí, nó ainmfhocal in iúl.

*Sainmhíniú (en):* An element of a graph that represents a concept, being, or noun.

*Tagairtí:*

- nód: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1]\*, Ó Dónaill et al. (1991) [4]\*, Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- \* Sna foclóirí seo, déantar tagairt don fhocal ‘nód’ mar nód i bplandaí (amháin) gan trácht ar comhthéacs níos leithne.
- Focal díreach ar fáil ó na foclóirí thuas.

### noise (ainmfhocal): torann

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs ríomhfhoghlama, an chuid de thacar sonraí atá (i bpáirt nó go hiomlán) randamach, agus nach bhfuil comhartha in-fhoghlamtha inti dá bharr sin.

*Sainmhíniú (en):* In the context of machine learning, the part of a data set that is (partially or fully) random, and that does not contain signal for learning as a result.

*Tagairtí:*

- torann: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Is i gcomhthéacs fuaime amháin a bhíonn an téarma seo luaite sna foclóirí thuas. Sin ráite, úsáidtear i gcomhthéacsanna comhchosúla é – mar shampla, an frása ‘bodhar ó thorann an tráichta, deaf from the noise of the traffic’ i bhFoclóir Uí Dhónaill. Is rud é ‘torann’ atá in ann cur isteach ar chumas cloiste. Sin díreach cosúil leis an gcaoi a cheileann torann i dtacar sonraí an comhartha in-fhoghlamtha. Gglactar leis an téarma seo mar sin.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘signal / comhartha’.



### noisy (aidiacht): torannach

*Sainmhíniú (ga)*: I gcomhthéacs tacar sonraí, a bhfuil an-chuid torann randamach ann i gcaoi a chuireann bac ar fhoghlaim ar an tacar sonraí sin.

*Sainmhíniú (en)*: In the context of a data set, having a lot of random noise that limits learning on that data set.

*Tagairtí*:

- torannach: Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin*:

- Cé go bhfuil an focal ‘torannach’ i bhFoclóir Uí Dhuinín, is le brí iomlán ar leith atá sé luaite ann.
- Féach ar an téarma ‘noise / torann’.

### non-linear (aidiacht): neamh-líneach

*Sainmhíniú (ga)*: I gcomhthéacs matamaitice, gan a bheith líneach.

*Sainmhíniú (en)*: In the context of mathematics, not linear.

*Tagairtí*:

- neamh-: De Bhaldráithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2], Williams et al. (2023) [5]
- líneach: féach ar an téarma ‘linear / líneach’

*Nótaí Aistriúcháin*:

- Téarma cruthaithe go díreach as na téarmaí thuas.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘linear / líneach’.

## O

### object (ainmfhocal): cuspóir

*Sainmhíniú (ga)*: in abairt thriarach  $(a, f, c)$ , an nód deireanach  $c$  atá mar sprioc ag an bhfaisnéis  $f$ .

*Sainmhíniú (en)*: in a triple  $(s, p, o)$ , the final node  $o$  that acts as the tail of the predicate  $p$ .

*Tagairtí*:

- cuspóir: De Bhaldráithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2], Williams et al. (2023) [5]

*Nótaí Aistriúcháin*:

- I mBéarla, samhlaítear abairtí triaracha mar abairtí teangeolaíochta le hainmní, le faisnéis, agus le cuspóir. Glactar leis an analach chéanna i nGaeilge.

### object corruption (ainmfhocal): malartú an chuspóra

*Sainmhíniú (ga)*: I gcomhthéacs frith-shamplála, an próiseas a bhaineann le frith-shampla a chruthú tríd an gcuspóir  $c$  in abairt thriarach  $(a, f, c)$  a ionadú le nód eile.

*Sainmhíniú (en)*: In the context of negative sampling, the process of creating a negative sample by replacing the object  $o$  in a triple  $(s, p, o)$  with another node.

*Tagairtí*:

- malartaigh: féach ar an téarma ‘to corrupt / malartaigh’
- cuspóir: féach ar an téarma ‘object / cuspóir’

*Nótaí Aistriúcháin*:

- Féach ar an téarma ‘to corrupt / malartaigh’.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘object / cuspóir’.

### object prediction (ainmfhocal): réamhinsint an chuspóra

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs an taisc réamhinsinte nasc, an tasc a bhaineann le cuspóir a réamhinsint chun ceist réamhinsinte nasc sa bhfoirm  $(a, f, ?)$  a fhreagairt.

*Sainmhíniú (en):* In the context of the link prediction task, the task of predicting an object to answer a link prediction query in the form  $(s, p, ?)$ .

*Tagairtí:*

- réamhinsint: féach ar an téarma ‘prediction / réamhinsint’
- cuspóir: féach ar an téarma ‘object / cuspóir’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Féach chomh maith ar an téarma ‘prediction / réamhinsint’.
- Féach ar an téarma ‘object / cuspóir’.

### one-hot encoding (ainmfhocal): códú aon-innéacs

*Sainmhíniú (ga):* Códú a dhéantar ar athróga catagóireacha nuair nach bhfuil slí dhíreach ann chun iad a ionadú le huimhreacha aonarach. Mar shampla, d’fhéadfadh códú aon-innéacs a dhéanamh ar na luachanna ‘Frodo, Éowyn, Arwen, Sam’ mar ‘0001, 0010, 0100, 1000’. Ní bhíonn ach an t-aon 1 amháin i ngach uile chódú ann.

*Sainmhíniú (en):* Encoding that is done on categorical variables when there is no way to directly represent them as single numbers. For example, one-hot coding could be performed on the values ‘Frodo, Éowyn, Arwen, Sam’ to get ‘0001, 0010, 0100, 1000’. In each case, the encoding has exactly one 1.

*Tagairtí:*

- códaigh: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]
- aon-: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]
- innéacs: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Is éard atá i gceist le ‘one-hot encoding’ ná códú dénártha nach bhfuil ach an t-aon 1 ceadaithe i ngach uile chódú. I bhfocail eile, bíonn gach uile códú aitheanta de réir an innéacs ina bhfuil an 1 ann. Is mar sin a ghlactar leis an téarma ‘códú aon-innéacs’.
- Cé go luaitear an focal ‘códaigh’ mar ‘to codify’ seachas ‘to encode’, is é ‘cód’ an focal a úsáidtear chun trácht a dhéanamh ar chód ríomhaireachta. Meastar go mba cheart cloí leis anseo mar sin, go háirithe agus gan rogha léir eile ann sna foclóirí dúchasacha.
- Is é códú’ seachas ‘códaigh’ atá i bhFoclóir Uí Dhónaill agus Uí Mhaoileoin.

### ontology (ainmfhocal): ointeolaíocht

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs graif eolais, scéimre a chuireann in iúl struchtúr loighce an ghraif chéanna (m.sh. cé acu na ceangail atá aistreach nó siméadrach).

*Sainmhíniú (en):* In the context of a knowledge graph, a schema that describes the logical structure of the graph (such as which relations are transitive or symmetric).

*Tagairtí:*

- ointeolaíocht: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma ar fáil leis an mbrí chéanna sna foclóirí thuas.

### open source (aidiacht): saor-rochtana

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs tionscadail nó foilseacháin, ar fáil go poiblí agus saor in aisce agus gan ceadúnas príobháideach.

*Sainmhíniú (en):* In the context of a project or publication, publicly and freely available and not under a private license.

*Tagairtí:*

- saor-: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]
- rochtain: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Is é ‘saor-rochtana’ a roghnaíodh anseo, seachas ‘oscailte’, toisc go bhfuil ‘oscailte’ ró-litriúil. An bhrí atá leis seo ná go bhfuil rochtain saor air – agus mar sin is léire agus is simplí ‘saor-rochtana’ ná ‘oscailte’.
- Is é ‘oscailte’ seachas ‘saor-rochtana’ atá ar Téarma.ie os a chomhair seo. Sin ráite, is é ‘sonraí nasctha saor-rochtana’ atá ar Téarma.ie chun trácht a dhéanamh ar ‘linked open data’ – agus níl sé cinnte cén fáth a roghnaigh siad ‘oscailte’ i gcás amháin agus ‘saor-rochtana’ i gcás eile.

### Open World Assumption (ainmfhocal): Foshuíomh an Domhain Oscailte

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs graf eolais, an foshuíomh a deir go bhfuil líon mór fíricí i réimse graif eolais nach bhfuil sa ngraf eolais toisc go bhfuil i bhfad níos mó fíricí sa domhan nach bhfuil tuiscint againn fós orthu.

*Sainmhíniú (en):* In the context of knowledge graphs, the assumption that says that there are many facts in the domain of a knowledge graph which are not in the knowledge graph because most facts about the world remain undiscovered.

*Tagairtí:*

- foshuíomh: féach ar an téarma ‘assumption / foshuíomh’
- domhan: féach ar an téarma ‘world / domhan’
- oscail: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4]\*, Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Is é ‘oscailt’ seachas ‘oscail’ atá i bhFoclóir Uí Dhuinín agus Uí Mhaoileoin.
- Is é ‘foscail’ seachas ‘oscail’ atá i bhFoclóir Uí Dhuinín, ach glactar leis gurb in an focal céanna.
- Bheadh ciall éigin ag dul le ‘Foshuíomh an Eolais Oscailte’ nó ‘Foshuíomh na bhFíricí Oscailte’, ach tá fadhb leo siúd – ní hé go mbíonn na fíricí / an t-eolas oscailte, ach go mbíonn líon na bhfíricí ar fad (nó, ‘domhan’ na bhfíricí) oscailte.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘assumption / foshuíomh’.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘world / domhan’.

### operation (ainmfhocal): oibriú

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs matamaitice nó ríomheolaíochta, próiseas matamaitice a bhfuil ionchur agus aschur aige. Mar shampla, is oibrithe iad suimiú agus iolrú. Is féidir a rá go bhfuil feidhm ina hoibriú chomh maith.

*Sainmhíniú (en):* In the context of mathematics or computer science, a mathematical process that has input and output. For example, addition and multiplication are operations. A function can also be said to be an operation.

*Tagairtí:*

- oibriú: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Focal luaite mar théarma matamaitice i bhFoclóir Uí Dhónaill agus i bhFoclóir De Bhaldraithe. Sna foclóirí eile, is i gcomhthéacs níos leithne atá sé luaite.
- Is é ‘oibriughadh’ atá i bhFoclóir Uí Dhuinín, ach glactar leis gurb in an focal céanna.

#### **operator (ainmfhocal): oibreoir**

*Sainmhíniú (ga):* Siombail nó comhartha a chuireann oibriú in iúl (m.sh. + agus -).

*Sainmhíniú (en):* A symbol or character that represents an operation (such as + or -).

*Tagairtí:*

- oibreoir: Ó Dónaill (1977) [2], Williams et al. (2023) [5]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma díreach ar fáil mar théarma matamaitice i Stórchiste. I bhFoclóir Uí Dhónaill, ní luaitear comhthéacs leis.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘operation / oibriú’.

#### **optimisation (ainmfhocal): feabhsúchán**

*Sainmhíniú (ga):* An próiseas a bhaineann le samhail ríomhfhoghlama a fheabhsú.

*Sainmhíniú (en):* The process related to optimising a machine learning model.

*Tagairtí:*

- feabhsúchán: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Féach ar an téarma ‘to optimise / feabhsaigh’.

#### **to optimise (briathar): feabhsaigh**

*Sainmhíniú (ga):* Samhail ríomhfhoghlama a chur chun cinn trína cuid paraiméadar a nuashonrú. Is ionann feabhsú agus foghlaim ar leibhéal matamaiticiúil.

*Sainmhíniú (en):* To improve a machine learning model by updating its parameters. At a mathematical level, optimisation is learning.

*Tagairtí:*

- feabhsaigh: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4]\*, Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Tá an téarma seo ar fáil díreach ó na foclóirí thuas le brí chomhchosúil.
- Tá ‘optamaigh’ ar Téarma.ie, ach ní léir ón suíomh sin cén fáth nár leor ‘feabhsaigh’. Thairis sin, ní bhíonn trácht ar ‘optamaigh’ mar fhocal i bhfoclóir dúchasach ar bith, agus tá an bhrí cheannann chéanna ag ‘feabhsaigh’ sa gcomhthéacs seo. Glactar le ‘feabhsaigh’ seachas le ‘optamaigh’ mar sin.
- Is é ‘feabhsú’ (seachas ‘feabhsaigh’) atá i bhFoclóir Uí Dhónaill agus Uí Mhaoileoin.

### **optimiser (ainmfhocal): córas feabhsúcháin**

*Sainmhíniú (ga):* An córas a dhéanann samhail ríomhfhoghlama a fheabhsú.

*Sainmhíniú (en):* The system that optimises a machine learning model.

*Tagairtí:*

- córas: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]
- feabhsúchán: féach ar an téarma ‘optimisation / feabhsúchán’.

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Tá réimse leathan téarmaí eile ar fáil a mbeadh brí chomhchosúil leo (córas feabhsaithe, mar shampla), ach meastar gur é ‘córas feabhsúcháin’ an ceann is léire acu sin sa gcomhthéacs seo. Thairis sin, níl ‘feabhsaitheoir’ le feiceáil i bhfoclóir dúchasach ar bith, agus ní ghlactar leis mar sin.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘to optimise / feabhsaigh’.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘optimisation / feabhsúchán’.

### **outlier (ainmfhocal): asluiteach**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs staitistice, luach atá i bhfad amach ó luacha eile agus nach leanann a bpatrún.

*Sainmhíniú (en):* In the context of statistics, a value that is very far from all other values, and that does not follow their pattern.

*Tagairtí:*

- asluiteach: Williams et al. (2023) [5]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma díreach ar fáil mar théarma matamaitice i Stórchiste.

### **output (ainmfhocal): aschur**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs córais, próisis, nó feidhme, sonraí a thagann as an bpróiseas céanna agus é críochnaithe.

*Sainmhíniú (en):* In the context of a system, process, or function, data that is returned from the process at its end.

*Tagairtí:*

- aschur: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Luann Foclóir De Bhaldraithe ‘aschur’ mar théarma teileachumarsáide – sin le rá, i gcomhthéacs an-chosúil leis an gcomhthéacs seo. Sin ráite, is cosúil go bhfuil an téarma ‘aschur’ (i gcomhthéacs teileachumarsáide) ag trácht ar aschur mar choincheap, seachas mar shonraí nó mar réad ríomhaireachta. Mar sin, is dócha gur cirte a rá ‘tá dhá uimhir mar aschur ag an bhfeidhm’ nó ‘tá dhá uimhir aschuir ag an bhfeidhm’ seachas ‘\* tá dhá aschur ag an bhfeidhm’.
- Ní léir ó na foclóirí thuas an féidir briathar a dhéanamh as seo (i.e. \*aschuir). Mar sin, moltar frása le ‘aschur’ a úsáid nuair atá briathar de dhíth; m.sh. ‘rinne an fheidhm dhá uimhir a chur amach (mar aschur)’.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘to output / cuir amach’.

### to output (ainmfhocal): cuir amach

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs córais, próisis, nó feidhme, sonraí a fháil mar aschur uaidh.

*Sainmhíniú (en):* In the context of a system, process, or function, to get data as an output from it.

*Tagairtí:*

- cuir amach: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma ar fáil le brí chomhchosúil ó na foclóirí thuas.
- Tá go leor slite eile chun é seo a rá. Mar shampla, ‘chuir an fheidhm X amach’, ‘is é X a bhí mar thoradh ar an bhfeidhm’ ‘bhí X curtha as an bhfeidhm’, ‘rinneadh an fheidhm X a chur amach’, srl. Ní ann sa téarma thuas ach sampla amháin.
- Cé go ndéanann Foclóir Uí Dhuinn trácht ar an bhfrása seo, úsáideann sé i gcomhthéacsanna ar leith é.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘output / aschur’; tá samplaí ann chomh maith ar cé chaoi ‘to input’ a chur in iúl leis an téarma sin.

### overfitting (ainmfhocal): ró-fhoghlaim

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs ríomhfhoghlama, foghlaim de ghlanmheabhair a dhéantar ar an tacar traenála i gcaoi a chuireann bac ar fhoghlaim phatrún ginearálta sa tacar traenála.

*Sainmhíniú (en):* In the context of machine learning, memorisation of the training set that precludes learning the general patterns of the training set.

*Tagairtí:*

- ró-: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]
- foghlaim: féach ar an téarma ‘machine learning / ríomhfhoghlaim’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma cruthaithe mar chomh-fhocal leis an réimír agus leis an bhfocal thuas.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘machine learning / ríomhfhoghlaim’

## P

### pairwise function (ainmfhocal): feidhm de péire (pointí)

*Sainmhíniú (ga):* Feidhm a bhfuil péire pointí sonraí mar ionchur aici.

*Sainmhíniú (en):* A function that takes a pair of data points as input.

*Tagairtí:*

- feidhm: féach ar an téarma ‘function / feidhm’
- péire: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]
- pointe: féach ar an téarma ‘pointwise function / feidhm de phointe’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Féach ar an téarma ‘pointwise function / feidhm de phointe’.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘function / feidhm’.

### **parameter (ainmfhocal): paraiméadar**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs samhla ríomhfhoghlama, luach uimhriúil in-fhoghlama a bhíonn ag athrú le linn an phróisis thraenála. Is ionann paraiméadair níos fearr a roghnú do shamhail agus éifeachtacht na samhla a chur chun cinn.

*Sainmhíniú (en):* In the context of a machine learning mode, a learnable numerical value that changes during the training process. Choosing better parameters for a model improves the model's performance.

*Tagairtí:*

- pharaiméadar: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma díreach ar fáil ó na foclóirí thuas i gcomhthéacs comhchosúil.
- Is ionann paraiméadar agus ualach infhoghlamtha.

### **percentile (ainmfhocal): peircintíl**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs staitistice, is é an pheircintíl Xú ná an luach i ndáileadh staitistiúil a bhfuil X

*Sainmhíniú (en):* In the context of statistics, the Xth percentile is the value in a statistical distribution which has X

*Tagairtí:*

- peircintíl: Williams et al. (2023) [5]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma díreach ar fáil leis an mbrí cheannann chéanna i Stórchiste.

### **performance (ainmfhocal): éifeachtacht (ama, taisc)**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs ríomheolaíochta, cé chomh maith is a dhéanann samhail nó próiseas tasc éigin de réir tomhais éigin.

*Sainmhíniú (en):* In the context of computer science, how well a model or process does some job as measured by some metric.

*Tagairtí:*

- éifeachtacht: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma díreach ar fáil leis an mbrí chéanna ó na foclóirí thuas.
- De réir na bhfoclóirí thuas, ní dhéanann an Ghaeilge idirdhealú idir éifeachtacht ama (cé chomh sciobtha is a dhéantar tasc éigin) agus éifeachtacht taisc (cé chomh maith is a dhéantar tasc éigin). Tá an fhadhb céanna ag an mBéarla, mar a tharlaíonn. Mar fhreagra air, moltar tuilleadh comhthéacs a thabhairt nuair is gá (.i. trí ‘éifeachtacht ama’ nó ‘éifeachtacht taisc’ a úsáid).

### **plausibility (ainmfhocal): inchreidteacht**

*Sainmhíniú (ga):* Airí ruda ar (dócha gur) fíor é.

*Sainmhíniú (en):* The property of being (likely) true.

*Tagairtí:*

- inchreidteacht: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma ar fáil go díreach ó na foclóirí thuas i gcomhthéacs comhchosúil.

### **plausibility score (ainmfhocal): scór inchreidteachta**

*Sainmhíniú (ga)*: Uimhir a dhéanann cur síos ar an dóchúlacht go bhfuil rud fíor.

*Sainmhíniú (en)*: A number that represents the chance that something is true.

*Tagairtí*:

- scór: féach ar an téarma ‘score / scór’
- inchreidteacht: féach ar an téarma ‘plausibility / inchreidteacht’

*Nótaí Aistriúcháin*:

- Féach ar an téarma ‘score / scór’.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘plausibility / inchreidteacht’.

### **pointwise function (ainmfhocal): feidhm de phointe**

*Sainmhíniú (ga)*: Feidhm a bhfuil pointe sonraí amháin mar ionchur aici.

*Sainmhíniú (en)*: A function that takes a single data point as input.

*Tagairtí*:

- feidhm: féach ar an téarma ‘function / feidhm’
- pointe: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2], Williams et al. (2023) [5]

*Nótaí Aistriúcháin*:

- Féach ar an téarma ‘function / feidhm’.

### **positive (of number) (aidiacht): deimhneach**

*Sainmhíniú (ga)*: ag caint ar uimhir, níos mó ná 0.

*Sainmhíniú (en)*: regarding a number, above 0.

*Tagairtí*:

- deimhneach: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin*:

- Téarma ar fáil leis an mbrí chéanna sna foclóirí thuas.
- Níor cheart an téarma seo a úsáid chun trácht ar shamplaí atá fíor (.i. nach bhfuil mar fhrith-shamplaí).
- Féach chomh maith ar an téarma ‘positive (triple)’ / fíor-abairt (thriarach).

### **positive (triple) (ainmfhocal): fíor-abairt (thriarach)**

*Sainmhíniú (ga)*: I gcomhthéacs graf eolais, abairt thriarach atá mar chuid de GE, agus a ndéantar frith-shamplaí as.

*Sainmhíniú (en)*: In the context of knowledge graphs, a ground-truth triple from the KG from which various negatives are generated.

*Tagairtí*:

- abairt: féach ar an téarma ‘triple / abairt thriarach’
- thriarach: féach ar an téarma ‘triple / abairt thriarach’
- fíor: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin*:

- Ní bhaineann an téarma seo le huimhreacha deimhneacha, agus níor cheart an aidacht ‘deimhneach’ a úsáid chun trácht ar fhíor-abairtí triaracha.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘counterexample / frith-shampla’.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘positive (of number) / deimhneach’.



### predicate (ainmfhocal): faisnéis

*Sainmhíniú (ga)*: In abairt thriarach  $(a, f, c)$ , an ceangal  $c$  a cheanglaíonn an t-ainmfhocal  $a$  leis an gcuspóir  $c$ .

*Sainmhíniú (en)*: In a triple  $(s, p, o)$ , the predicate  $p$  that connects the subject  $s$  to the object  $o$ .

*Tagairtí*:

- cuspóir: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2], Williams et al. (2023) [5]

*Nótaí Aistriúcháin*:

- I mBéarla, samhlaítear abairtí triaracha mar abairtí teangeolaíochta le hainmní, le faisnéis, agus le cuspóir. Glactar leis an analach chéanna i nGaeilge.

### to predict (briathar): réamhínis

*Sainmhíniú (ga)*: I gcomhthéacs ríomhfhoghlama, meastachán a dhéanamh ar luach sonra éigin.

*Sainmhíniú (en)*: In the context of computer science, to estimate the value of some data point.

*Tagairtí*:

- réamhínis: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin*:

- Téarma díreach ar fáil le brí chomhchosúil.
- Nuair a bhíonn rud á réamhinsint, bíonn samhail ríomhfhoghlama ag iarradh teacht ar an sonra ceart gan ar eolas aici ach sonraí eile (.i. na sonraí traenála). Ní mór di an luach ceart a fháil gan é a fheiceáil – sin le rá, a insint cén luach atá ann sula bhfeiceann sí é. Cé nach ionann é sin agus sonraí ón todhchaí a réamhinsint, is sórt réamhinsinte fós é.

### prediction (ainmfhocal): réamhinsint

*Sainmhíniú (ga)*: Sonra atá réamhinsinte.

*Sainmhíniú (en)*: A data point that is predicted.

*Tagairtí*:

- réamhinsint: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin*:

- Tá ‘réamh-’ agus ‘innsint’ i bhFoclóir Uí Dhuinín, ach níl an téarma ‘réamhinsint’ luaite ann.
- Tá ‘réamh-’ agus ‘insint’ i bhFoclóir Uí Dhónaill agus Uí Mhaoileoin, ach níl an téarma ‘réamhinsint’ luaite ann.

### predictor (ainmfhocal): réamhinsteoir

*Sainmhíniú (ga)*: Córas ríomhfhoghlama a réamhinsíonn sonraí.

*Sainmhíniú (en)*: A machine learning system that predicts data.

*Tagairtí*:

- réamhínis: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill (1977) [2]
- insteoir: Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin*:

- Úsáidtear an iarmhír choitianta ‘-eoir’ chun an téarma seo a chruthú. Is féidir an téarma ‘insteoir’ a fheiceáil i bhFoclóir Uí Dhónaill agus i bhFoclóir Uí Dhónaill agus Uí Mhaoileoin, ach níl trácht díreach ar ‘réamhinsteoir’ iontu.

### to pretrain (briathair): réamh-thraenáil

*Sainmhíniú (ga):* Samhail ríomhfhoghlama a thraenáil le pleán é a mion-fheabhsú níos déanaí ar shonraí nua.

*Sainmhíniú (en):* To train a machine learning model with intent to finetune it later on new data.

*Tagairtí:*

- réamh-: féach ar an téarma ‘pretraining / réamh-thraenáil’
- traenáil: féach ar an téarma ‘training / traenáil’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Féach ar an téarma ‘pretraining / réamh-thraenáil’
- Féach chomh maith ar an téarma training / traenáil’.

### pretraining (ainmfhocal): réamh-thraenáil

*Sainmhíniú (ga):* An próiseas a bhaineann le samhail ríomhfhoghlama a thraenáil le pleán é a mion-fheabhsú níos déanaí ar shonraí nua.

*Sainmhíniú (en):* The process of training a machine learning model with intent to finetune it later on new data.

*Tagairtí:*

- réamh-: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]
- traenáil: féach ar an téarma ‘training / traenáil’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma cruthaithe as an réimír agus as an bhfocal thuas.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘training / traenáil’.

### probability (ainmfhocal): dóchúlacht

*Sainmhíniú (ga):* An seans go dtarlóidh teagmhas randamach.

*Sainmhíniú (en):* The chance that a random event will occur.

*Tagairtí:*

- dóchúlacht: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1]\*, Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2], Williams et al. (2023) [5]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- \* Sé ‘dóigheamhlacht’ a fheictear i bhFoclóir Uí Dhuinín, ach meastar gurb in litriú eile ar an bhfocal céanna.
- Seachas sin, tá an téarma seo ar fáil go díreach ó na foclóirí thuas.

### proportion (ainmfhocal): comhréir

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs matamaitice, luach ar an eatramh [0,1] a léiríonn cé chomh minic is atá feiniméan éigin, nó cén dóchúlacht atá le teagmhas dóchúlachta.

*Sainmhíniú (en):* In the context of mathematics, a value on the interval [0,1] that describes how common some phenomenon is, or what probability some probabilistic event has.

*Tagairtí:*

- comhréir: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma díreach ar fáil ó na foinsí thuas. I bhFoclóir Uí Dhónaill agus i bhFoclóir De Bhaldraithe, luaitear é leis an mbrí cheannann chéanna i gcomhthéacs matamaitice.
- Cé go bhfuil an focal ‘cóimhréir’ i bhFoclóir Uí Dhuinín, is le brí ar leith atá sé luaite.

### **pseudotype (ainmfhocal): aicme chumtha**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs nód i ngráf eolais, aicme measta atá curtha leis (nach dtagann as ointeolaíocht an ghraif, má tá ceann ann).

*Sainmhíniú (en):* In the context of a node in a knowledge graph, an estimated class type that is attached to it (which does not come from the graph's ontology, if it has one).

*Tagairtí:*

- cum: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill (1977) [2]
- aicme: féach ar an téarma ‘class / aicme’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Ní úsáidtear ‘bréag’ mar ‘pseudo’ sa gcás seo toisc go bhfuil an téarma sin níos diúltaí i nGaeilge. Ní hé gur bréaga iad na haicmí measta, ach amháin nach dtagann siad as ointeolaíocht an ghraif.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘class / aicme’.

### **pseudotyped (aidiacht): le haicme chumtha**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs nód i ngráf eolais, le haicme chumtha curtha leis.

*Sainmhíniú (en):* In the context of a node in a knowledge graph, having a pseudotype.

*Tagairtí:*

- aicme chumtha: féach ar an téarma ‘pseudotype / aicme chumtha’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Má tá tú ag trácht ar ghraf eolais iomlán, seachas ar nód amháin, ba cheart ‘le haicmí cumtha’ a úsáid, toisc go mbíonn níos mó ná aicme amháin cumtha agus aicmí cumtha á gcur leis na nóid ar fad i ngráf eolais.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘pseudotype / aicme chumtha’.

## **Q**

### **qualitative (aidiacht): cineálach**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs sonraí, bunaithe ar fhaisnéis nó ar ghnéithe atá do-chainníochtaithe nó nach bhfuil cainníochtaithe.

*Sainmhíniú (en):* In the context of data, based on unquantifiable or unquantified traits or information.

*Tagairtí:*

- cineálach: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma díreach ar fáil leis an mbrí cheannann chéanna.

### **to quantify (briathar): cainníochtaigh**

*Sainmhíniú (ga):* Cur síos uimhriúil a dhéanamh ar fheiniméan éigin.

*Sainmhíniú (en):* To give a numerical description of a phenomenon.

*Tagairtí:*

- cainníochtaigh: Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma díreach ar fáil i bhFoclóir Uí Dhónaill leis an mbrí cheannann chéanna.

### **quantitative (aidiacht): cainníochtúil**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs sonraí, bunaithe ar fhaisnéis chainníochtaithe.

*Sainmhíniú (en):* In the context of data, based on quantified information.

*Tagairtí:*

- cainníochtúil: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma díreach ar fáil leis an mbrí cheannann chéanna.

### **query (ainmfhocal): ceist**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs bunachar sonraí, ordú a chuirtear ar an mbunachar i bhfoirm cód chun freagra a fháil uaidh. Mar shampla, is féidir ceist a chur ar ghraf eolais faoi an bhfuil abairt thriarach éigin sa ngraf, nó nach bhfuil.

*Sainmhíniú (en):* In the context of a database, an order that is given to the database in the form of code to get an answer in return. For example, a query could be put to a knowledge graph asking if a specific triple is a part of the graph, or if it is not.

*Tagairtí:*

- ceist: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma díreach ar fáil le brí chomhchosúil.

## **R**

### **random (aidiacht): randamach**

*Sainmhíniú (ga):* Ag caint ar próiseas, gan bheith in ann é a réamhinsint ach le dóchúlachtaí.

*Sainmhíniú (en):* Regarding a process, unable to be predicted except with probabilities.

*Tagairtí:*

- randamach: Williams et al. (2023) [5]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Is le brí mhatamaiticiúil a luaitear an téarma seo i Stórchiste.

### **random number generator (ainmfhocal): gineadóir uimhreacha randamacha**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs ríomheolaíochta, algartam a úsáideann uimhir fréimhe chun sraith uimhreacha randamacha a chumadh agus a chur amach.

*Sainmhíniú (en):* In the context of computer science, an algorithm that uses a seed number to generate and output a series of random numbers.

*Tagairtí:*

- gineadóir: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]
- uimhir: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2], Williams et al. (2023) [5]
- randamach: féach ar an téarma ‘random / randamach’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Úsáidtear ‘gineadóir’ toisc é a bheith luaite mar fhocal ní hamháin ar ghiniúint pháistí, ach ar ghiniúint ghinearálta chomh maith (m.sh. féach ar ‘generator’ i bhFoclóir De Bhaldraithe).

### random sample (ainmfhocal): sampla fánach

*Sainmhíniú (ga):* Sampla a thógtar go randamach.

*Sainmhíniú (en):* A sample that is taken randomly.

*Tagairtí:*

- sampla: féach ar an téarma ‘sample / sampla’
- sampla fánach: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Tá an téarma seo ina iomlán ar fáil sna foclóirí thuas. Toisc é a bheith ar fáil ina iomlán, ní úsáidtear ‘randamach’ sa gcás seo.

### random search (ainmfhocal): cuardach randamach

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs cuardaithe hipear-pharaiméadar, cuardach a dhéantar ar thacar mór teaglamaí hipear-pharaiméadar, agus ina mbíonn teaglamaí sampláilte go randamach go dtí go bhfuil coinníoll críochnaithe bainte amach.

*Sainmhíniú (en):* In the context of a hyperparameter search, a search that is done on a large set of possible hyperparameter combinations, and in which hyperparameter combinations are sampled randomly until some end condition is reached.

*Tagairtí:*

- cuardach: féach ar an téarma ‘hyperparameter search / cuardach hipear-pharaiméadar’
- randamach: féach ar an téarma ‘random / randamach’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Féach ar an téarma ‘hyperparameter search / cuardach hipear-pharaiméadar’.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘random / randamach’.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘end condition / coinníoll críochnaithe’.

### random seed (ainmfhocal): fréamh randamach

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs ríomheolaíochta, uimhir a thugtar do ghineadóir uimhreacha randamacha lena bheith úsáidte ina algartam chun sraith uimhreacha randamacha a chumadh.

*Sainmhíniú (en):* In the context of computer science, a number that is given to a random number generator to be used in its algorithm to generate a series of random numbers.

*Tagairtí:*

- fréamh: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]
- randamach: féach ar an téarma ‘random / randamach’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Ní bheadh ciall ar bith ag dul le ‘síol randamach’ (nó mar sin) toisc nach síol litriúil é ‘random seed’. Is uimhir í a úsáidtear chun sraith ollmhór uimhreacha randamacha a chruthú. I bhfocail eile, is é an ‘random seed’ fréamh na sraithe randamaí. Glactar leis an bhfocal ‘fréamh’, mar sin, seachas lena leithéid de ‘síol’.
- Bheadh ciall le téarmaí eile (m.sh ‘bunús randamach’). Roghnaíodh ‘fréamh’ ní toisc go bhfuil sé níos fearr ná na roghanna eile, ach toisc gur téarma léir (amháin) é sa gcomhthéacs seo.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘random / randamach’.

### random walk (aidiacht): siúlóid fhánach

*Sainmhíniú (ga)*: I gcomhthéacs siúlóid ar graf, siúlóid air a dhéantar go randamach.

*Sainmhíniú (en)*: In the context of a walk on a graph, a walk that is done upon it randomly.

*Tagairtí*:

- siúlóid: féach ar an téarma ‘walk / siúlóid’
- fánach: féach ar an téarma ‘random sample / sampla fánach’

*Nótaí Aistriúcháin*:

- Tá ‘fánach’ bainteach go díreach lena bheith ag bogadh. Thairis sin, bíonn sé bainteach le rudaí randamacha (m.sh. sampla fánach). Is sórt sampla fánach é siúlóid fhánach – sampla a thógtar de nóid an ghraif. Mar sin, úsáidtear ‘siúlóid fhánach’ seachas ‘siúlóid randamach’ anseo, cé go bhfuil ciall leo araon.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘walk / siúlóid’.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘random sample / sampla fánach’.

### range (ainmfhocal): raon

*Sainmhíniú (ga)*: I gcomhthéacs matamaitice, tacar luacha atá mar aschur ag feidhm éigin. I gcomhthéacs faisnéise i ngraf eolais, tacar nód ar féidir leo bheith mar chuspóirí in abairtí triaracha leis an bhfaisnéis sin.

*Sainmhíniú (en)*: In the context of mathematics, the set of values that can be used as input to some function. In the context of a predicate in a knowledge graph, the set of nodes that can be used as subjects in triples with that predicate.

*Tagairtí*:

- raon: De Bhaldraithe (1978) [3]\*, Williams et al. (2023) [5]

*Nótaí Aistriúcháin*:

- Téarma díreach ar ó Stórchiste fáil leis an mbrí chéanna i gcomhthéacs matamaitice.
- \* Cé go bhfuil an téarma seo i bhFoclóir De Bhaldraithe, ní luaitear comhthéacs ar bith leis, agus níl sé cinnte mar sin an raibh bhrí matamaiticiúil i gceist ann nó nach raibh.
- Cé go bhfuil an focal seo i bhFoclóir Uí Dhónaill, i bhFoclóir Uí Dhónaill agus Uí Mhaoileoin, i bhFoclóir De Bhaldraithe, agus i bhFoclóir Uí Dhuinnín, is mar bhealach nó mar limistéar talún seachas mar thacar luacha matamaitice a bhíonn sé luaite iontu.

### rank (ainmfhocal): rang

*Sainmhíniú (ga)*: Ag trácht ar luach i liosta sórtáilte, an t-innéacs sa liosta sin ag bhfuil an luach.

*Sainmhíniú (en)*: Regarding a value in a sorted list, the index at which that value is located.

*Tagairtí*:

- rang: Dineen (1934) [1], Ó Dónaill (1977) [2], Williams et al. (2023) [5]

*Nótaí Aistriúcháin*:

- Téarma díreach ar fáil le brí chomhchosúil. Luaitear ‘rang’ mar ‘rank’ leis an mbrí cheannann chéanna i gcomhthéacs matamaitice i Stórchiste.
- Tá ‘rang’ aistrithe mar ‘class’ ar Téarma.ie, ach ní ghlactar leis sin toisc go bhfuil an focal ‘aicme’ ann cheana, agus toisc go bhfuil fianaise léir ann ó Stórchiste go mba cheart ‘rang’ a úsáid’ chun ‘rank’ a chur in iúl.
- Cé go bhfuil an focal ‘rang’ i bhFoclóir De Bhaldraithe agus i bhFoclóir Uí Dhónaill agus Uí Mhaoileoin, is i gcomhthéacs iomlán ar leith atá sé iontu.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘class / aicme’.

### to rank (briathar): rangaigh

*Sainmhíniú (ga)*: I gcomhthéacs tacar uimhreacha, rang a thabhairt do gach uile uimhir ann ar ioann í agus a hinnéacs is liosta sortáilte na n-uimhreacha sin.

*Sainmhíniú (en)*: In the context of a set of numbers, to give a rank to each number equal to its index in a sorted list of those numbers.

*Tagairtí*:

- rangaigh: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]
- rang: féach ar an téarma ‘rank / rang’

*Nótaí Aistriúcháin*:

- Sna foclóirí thuas ar fad, bíonn ‘rangaigh’ ann mar focal comhchiallach le ‘aicmigh’ seachas mar leagan Gaeilge den fhocal ‘ranking’. Sin ráite, tagann sé ag an bhfréamh ‘rang’, a bhfuil an bhrí sin aige. Glactar leis an téarma seo mar sin.
- Is é ‘rangú’ seachas ‘rangaigh’ atá i bhFoclóir Uí Dhónaill agus Uí Mhaoileoin.
- Úsáidtear an téarma seo toisc go bhfuil ‘rang’ úsáidte chun ‘rank’ a chur in iúl.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘rank / rang’.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘rank / rang’.

### ranked list (ainmfhocal): liosta ranganna

*Sainmhíniú (ga)*: I gcomhthéacs measúnú a dhéantar ar réamhinsteoirí nasc, liosta a dhéantar as na ranganna ar fad ar tugadh do gach uile cheist réamhinsinte nasc le linn measúnaithe.

*Sainmhíniú (en)*: In the context the of evaluation of link predictors, a list composed of all ranks assigned to each link prediction query during the evaluation process.

*Tagairtí*:

- liosta: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]
- rang: féach ar an téarma ‘rank / rang’

*Nótaí Aistriúcháin*:

- Ní ghactar le ‘liosta rangaithe’, ach le ‘liosta ranganna’ toisc gurb é ‘liosta ranganna’ atá i gceist i ndáiríre. Bheadh ‘liosta rangaithe’ níos litriúil cinnte – ach tugann sé sin le fios go bhfuil rangú déanta ar an liosta, seachas gur liosta é ina bhfuil na ranganna iad féin. I mBéarla bheadh ‘list of ranks’ níos doiléire ná ‘ranked list’ – ach ní fheictear cúis ar bith le creidiúint go mbeadh ‘liosta ranganna’ níos doiléire ná ‘liosta rangaithe’ i nGaeilge – ach a mhalairt.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘rank / rang’.

### ranking (ainmfhocal): rangú

*Sainmhíniú (ga)*: I gcomhthéacs liosta, an próiseas a bhaineann le rang a thabhairt do gach uile bhall ann.

*Sainmhíniú (en)*: In the context of a list, the process of assigning a rank to each element in it.

*Tagairtí*:

- rangú: féach ar an téarma ‘to rank / rangáigh’

*Nótaí Aistriúcháin*:

- Téarma cruthaithe go díreach as an bhfocal ‘rangaigh’.
- Féach ar an téarma ‘to rank / rangáigh’.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘rank / rang’.

### **ratio (ainmfhocal): cóimheas**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs matamaitice, comparáid a dhéantar idir luach dhá athróg nó idir dhá uimhir A agus B, comhairthe mar  $A/B$ .

*Sainmhíniú (en):* In the context of mathematics, a comparison of the values of two numbers or variables A and B, calculated as  $A/B$ .

*Tagairtí:*

- cóimheas: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2], Williams et al. (2023) [5]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma díreach ar fáil leis an mbrí cheannann chéanna.
- Cé go bhfuil an focal seo i bhFoclóir Uí Dhuinín, ní luaitear an bhrí ‘ratio’ leis.

### **to reason (on) (briathar): réasúnaíocht a dhéanamh (ar)**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs ríomhfhoghlama, rialacha loighce a úsáid chun fíricí nua a réamhinsint.

*Sainmhíniú (en):* In the context of machine learning, to use logical rules to predict new facts.

*Tagairtí:*

- réasúnaíocht (a dhéanamh): De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Glactar leis an téarma seo seachas le ‘réasúnaigh’ toisc fianaise ó Fhoclóir De Bhaldraithe: bíonn ‘to reason from premises’ aistrithe mar ‘réasúnaíocht a dhéanamh ó réamhleagan’ ann. Níl sampla d’úsáid ‘réasúnaigh’ ann, áfach. Glactar leis an téarma a bhfuil tuilleadh fianaise leis mar sin.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘reasoning / réasúnaíocht’.

### **reasoner (ainmfhocal): córas réasúnaíochta**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs ríomhfhoghlama, córas a úsáideann rialacha loighce chun fíricí nua a réamhinsint.

*Sainmhíniú (en):* In the context of machine learning, a system that uses logical rules to predict new facts.

*Tagairtí:*

- córas: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]
- réasúnaíocht: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Cé go bhfuil ‘réasúnaí’ i bhFoclóir De Bhaldraithe mar ‘reasoner’ is i gcomhthéacs daoine amháin atá an téarma sin luaite. Thairis sin, tá an téarma sin luaite mar leagan den téarma Béarla ‘rationalist’ i bhFoclóir De Bhaldraithe agus i bhFoclóir Uí Dhónaill – sainmhíniú nach luonn leis an úsáid atá de dhíth anseo. Ní glactar le ‘réasúnaí’ mar sin.
- Toisc gur córas ríomhaireachta a bhíonn i gceist i gcónaí le ‘reasoner’, meastar go bhfuil ‘córas réasúnaíochta’ soiléir mar théarma. Thairis sin, cloíonn sé le téarmaí eile sa bhFoclóir seo (atá bunaithe chomh maith ar an bhfocal réasúnaíocht).
- Féach chomh maith ar an téarma ‘reasoning / réasúnaíocht’.

### **reasoning (ainmfhocal): réasúnaíocht**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs ríomhfhoghlama, úsáid rialacha loighce chun fíricí nua a réamhinsint.

*Sainmhíniú (en):* In the context of machine learning, the use of logical rules to predict new facts.

*Tagairtí:*

- réasúnaíocht: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma (agus samplaí de i gcomhthéacs comhchosúil) díreach le fáil ó na foclóirí thuas.



### reference implementation (ainmfhocal): leagan infheidhmithe caighdeánach

*Sainmhíniú (ga):* Leagan infheidhmithe a chuirtear ar fáil mar shampla d'fhorbróirí cóid eile, go háirithe mar leagan caighdeánach de.

*Sainmhíniú (en):* An implementation that is made available for other developers, especially as a standard version.

*Tagairtí:*

- leagan: féach ar an téarma ‘implementation / leagan infheidhmithe’
- feidhmigh: féach ar an téarma ‘implementation / leagan infheidhmithe’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Bhíothas idir dhá chomhairle maidir leis an téarma seo – ‘leagan infheidhmithe caighdeánach’ nó ‘leagan infheidhmithe samplach’. Tá an-chiall leo araon. Glacadh le ‘leagan infheidhmithe caighdeánach’ toisc gurb in atá i gceist le ‘reference implementation’, nach mór i gcónaí ná leagan infheidhmithe a chuirtear i leabharlann chóid.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘implementation / leagan infheidhmithe’.

### region (ainmfhocal): réigiún

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs graif, cuid logánta áirithe den ghraf.

*Sainmhíniú (en):* In the context of a graph, a specific local part of the graph.

*Tagairtí:*

- réigiún: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Cé go mbíonn ‘réigiún’ luaite i gcomhthéacs an domhain fhisicigh amháin, meastar go bhfuil an bhrí sin cosúil go leor le go mbeadh ciall leis an téarma seo i gcomhthéacs graf.

### to regress (briathar): cúlaigh

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs ríomhfhoghlama, cúlú a chur i gcrích.

*Sainmhíniú (en):* In the context of machine learning, to perform regression.

*Tagairtí:*

- cúlaigh: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]
- cúlú: féach ar an téarma ‘regression / cúlú’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Is é ‘cúlú’ seachas ‘cúlaigh’ atá i bhFoclóir Uí Dhónaill agus Uí Mhaoileoin.
- Ní luann foclóir ar bith thuas an focal ‘cúlaigh’ i gcomhthéacs matamaitice, ach is é ‘cúlú’ atá luaite i gcomhthéacs matamaitice chun ‘regression’ a chur in iúl. Glactar le ‘cúlaigh’ mar sin.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘regression / cúlú’.

### regression (ainmfhocal): cúlú

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs matamaitice, an próiseas a bhaineann le cothromóid líne a fháil a dhéanann cur síos cruinn ar phatrúin uimhriúla i sraith sonraí.

*Sainmhíniú (en):* In the context of mathematics, the process relating to finding a linear equation that accurately describes the numerical patterns in a data set.

*Tagairtí:*

- cúlú: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill (1977) [2], Williams et al. (2023) [5]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Luann an trí fhoinsé thuas an téarma seo mar théarma matamaitice.

### **regressor (ainmfhocal): cúlaitheoir**

*Sainmhíniú (ga)*: I gcomhthéacs ríomhfhoghlama, samhail a chuireann cúlú i gcrích.

*Sainmhíniú (en)*: In the context of machine learning, a model that performs regression.

*Tagairtí*:

- cúlaigh: féach ar an téarma ‘to regress / cúlaigh’
- -eoir: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2], Williams et al. (2023) [5]

*Nótaí Aistriúcháin*:

- Níl iontráil ar leith ag an iarmhír ‘-eoir’ sna foclóirí thuas, ach luann siad uilig go leor focal a úsáideann í díreach mar a úsáidtear anseo.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘to regress / cúlaigh’.

### **regularisation (ainmfhocal): tabhairt chun rialtachta**

*Sainmhíniú (ga)*: I gcomhthéacs samhla ríomhfhoghlama, próiseas a bhfuil mar aidhm aige ró-fhoghlaim a laghdú trí mhéid luach na bparaiméadar a shrianadh i gcaoi éigin.

*Sainmhíniú (en)*: In the context of a machine learning mode, a process that aims to reduce overfitting by restricting the size of parameter values in some way.

*Tagairtí*:

- tabhairt chun rialtachta: féach ar an téarma ‘to regularise / tabhairt chun rialtachta’

*Nótaí Aistriúcháin*:

- Féach ar an téarma ‘to regularise / tabhairt chun rialtachta’.

### **to regularise (briathar): tabhairt chun rialtachta**

*Sainmhíniú (ga)*: I gcomhthéacs samhla ríomhfhoghlama, ró-fhoghlaim a laghdú trí mhéid luach na bparaiméadar a shrianadh i caoi éigin.

*Sainmhíniú (en)*: In the context of a machine learning mode, to reduce overfitting by restricting the size of parameter values in some way.

*Tagairtí*:

- tabhairt chun rialtachta: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin*:

- Frása iomlán ar fáil ó na foclóirí thuas i gcomhthéacs ginearálta.
- Is é ‘tabhairt chun rialtachta’ a úsáidtear toisc gurb é an ‘rialtacht’ atá ann ná laghdú ar cé chomh mór agus is féidir le luach na bparaiméadar a bheith.

### **regulariser (ainmfhocal): córas rialtachta**

*Sainmhíniú (ga)*: Córas a dhéanann samhail ríomhfhoghlama a thabhairt chun rialtachta le linn á traenála.

*Sainmhíniú (en)*: A system that regularises a machine learning model as it is being trained.

*Tagairtí*:

- córas: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]
- rialtacht: féach ar an téarma ‘to regularise / tabhairt chun rialtachta’

*Nótaí Aistriúcháin*:

- Frása iomlán ar fáil ó na foclóirí thuas i gcomhthéacs ginearálta.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘to regularise / tabhairt chun rialtachta’.

### reification (ainmfhocal): tearcú

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs graf, an próiseas a bhaineann le hipear-graf (nó graf eile a bhfuil lipéid ann nach féidir iad a scríobh go nádúrtha mar abairtí triarach) aistriú go graf bunaithe ar abairtí triarach amháin. Chun é seo a dhéanamh, déantar  $n$  abairt thriarach as gach aon chuid adamhach den hipear-ghraif, rud a fhágann den chuid is mó go mbíonn an graf tearcaithe níos éadlúithe ná an hipear-ghraif as a gcruthaíodh é.

*Sainmhíniú (en):* In the context of graphs, the process relating to transforming a hyper-graph (or other graph in which labels are present that cannot be written as simple triples) into a simpler format composed of only triples. To do this,  $n$  triples are created out of every atomic unit of the hyper-graph, which generally results in the reified graph being more sparse than the hyper-graph from which it was made.

*Tagairtí:*

- tearcaigh: Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Níl an téarma ‘reification’ le fáil go díreach i bhfoclóir dúchasach ar bith. Rinneadh an rogha ‘tearcú’ a úsáid toisc gurb é an focal is giorra don bhrí atá de dhíth, agus toisc go n-éiríonn graf níos teirce tar éis do a bheith ‘reified’.

### to reify (briathar): tearcaigh

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs graif, an próiseas tearcaithe a chur i gcrích.

*Sainmhíniú (en):* In the context of a graph, to perform the reification process.

*Tagairtí:*

- tearcaigh: féach ar an téarma ‘reification / tearcú’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Féach ar an téarma ‘reification / tearcú’.

### relation(ship) (ainmfhocal): ceangal

*Sainmhíniú (ga):* Cuid de ghraf a nascann (nó a cheanglaíonn) dhá nód le chéile.

*Sainmhíniú (en):* An element of a graph that serves to connect two nodes.

*Tagairtí:*

- ceangal: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Is mar thagairt d’fheistiú (le rópa) a úsáidtear an téarma seo den chuid is mó sna foclóirí thuas. Sin ráite, is féidir a rá chomh maith go bhfuil dhá nód a bhfuil ceangal eatarthu ‘feistithe’ lena chéile. Ní mheasann an t-údar gur bac ar bith é sin ar úsáid an fhocail ‘ceangal’ leis an mbrí nua seo.
- Seo an téarma céanna is a úsáidtear chun ‘edge’ a chur in iúl, toisc go bhfuil an bhrí chéanna le ‘edge’ agus ‘relationship’ i gcomhthéacs graf eolais i mBéarla.

### relative entropy (ainmfhocal): eantrópacht choibhneasta

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs ríomheolaíochta agus matamaitice, feidhm a chomhaireann cé chomh difriúil is atá dhá dháileadh staitistiúil óna chéile. Is minic agus é úsáidte mar fheidhm phionóis, agus is ionann é agus dibhéirseacht Kullback-Leibler.

*Sainmhíniú (en):* In the context of computer science and mathematics, a function that calculates how different two distributions are from each other. It is often used as a loss function, and it is also referred to as Kullback-Leibler divergence.

*Tagairtí:*

- eantrópacht: féach ar an téarma ‘entropy / eantrópacht’

- coibhneasta: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma cruthaithe go díreach as na focail thuas. Tá ‘eantrópacht’ luaite i gcomhthéacs mata-maitice, agus ‘coibhneasta’ luaite i gcomhthéacs níos leithne ach comhchosúil, sna foinsí thuas.
- Is ionann eantrópacht choibhneasta agus dibhéirseacht Kullback-Leibler.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘Kullback-Leibler (KL) divergence / dibhéirseacht Kullback-Leibler (KL)’.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘entropy / eantrópacht’.

### **ReLU (ainmfhocal): ReLU**

*Sainmhíniú (ga):* An fheidhm ghníomhachtaithe *ReLU*.

*Sainmhíniú (en):* The ReLU activation function.

*Tagairtí:*

- ReLU: N / A

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Níl an téarma seo le fáil ó fhoinse ar bith (fiú Téarma.ie). Is ainm ar fheidhm ghníomhachtaithe é, agus tá sé ina ainm dílis nach mór ag an bpointe seo. Dá bharr sin, agus toisc go mbeadh aistriúchán / Gaelú air níos doiléire do ríomheolaithe ná an t-ainm sean-bhunaithe a úsáid, fágтар gan aistriú é. Moltar é a chur sa gcló iodálach agus é á scríobh i dtéacs Gaeilge.

### **repository (ainmfhocal): stór (cóid)**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs ríomheolaíochta, suíomh ar líne (.i. GitHub) nó fillteán logánta ar ríomhaire (.i. fillteán .git/) ina bhfuil cód, agus stair na sean-leaganacha de, stóráilte.

*Sainmhíniú (en):* In the context of computer science, an online site (i.e. GitHub) or local folder on a computer (i.e. a .git/ folder) in which code, and the history of its previous versions, are stored.

*Tagairtí:*

- stór: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]
- cód: féach ar an téarma ‘source code / (bun-)chód’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma díreach ar fáil le brí chomhchosúil (ach i gcomhthéacs níos leithne). Luann Foclóir De Bhaldraithe téarma ‘stór eolais’, rud a chuireann in iúl go bhfuil bunús leis an úsáid seo le sórt stóir (nach bhfuil fisiceach) a chur in iúl.
- Is focal an-choitianta sa nGaeilge é ‘stór’, nach ionann agus ‘repository’ i mBéarla (ní bhíonn ‘repository’ úsáidte go minic i mBéarla ach chun trácht a dhéanamh ar stór cóid). Mar sin, muna bhfuil an comhthéacs soiléir, moltar ‘stór cóid’ a úsáid chun an bhrí atá i gceist anseo a léiriú.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘source code / (bun-)chód’.

### **representation (ainmfhocal): leagan**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs leabuithe graif eolais, leabú nó veicteoir a dhéanann ionad (ar leibhéal matamaiticiúil) réada nó coincheapa sa ngraf.

*Sainmhíniú (en):* In the context of knowledge graph embeddings, an embedding or vector that (at a mathematical level) stands for an object or concept in the graph.

*Tagairtí:*

- leagan: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Ní i gcomhthéacs eolaíochta a luaitear an téarma seo, ach is le brí chomhchosúil atá sé luaite.
- Is minic a úsáidtear an téarma ‘representation’ i gcomhthéacs nach bhfuil teicniúil / matamaiticiúil; m.sh. ‘Each node in a knowledge graph is a representation of a real-world object or concept’. Cé go bhfuil an frása sin an-teicniúil ann féin, ní gá téarma sainmhínithe a úsáid chun ‘representation’ a chur in iúl ann. Ina leithéid sin de chás, is leor ‘cur síos’ (nó frása eile cosúil leis sin) chun an bhrí sin a chur in iúl. Mar shampla, ‘Déanann gach uile nód i ngráf eolas cur síos ar réad nó ar coincheap a bhaineann leis an domhan’.
- Ina theannta sin, is minic gur féidir an focal ‘léiriú’ a úsáid. Cé go mbeifeá in ann ‘léiriú’ a úsáid seachas ‘leagan’ anseo, glactar le leagan toisc go bhfuil brí níos cúinge leis, rud a ligeann dó trácht ar rud díreach ar leith gan mearbhall a chur ar an léitheoir.
- Más leagan briathair (.i. ‘to represent’) atá uait, moltar: ‘déan ionad (ruda)’, ‘seas do’, frása le ‘cur síos / léiriú’, nó mar sin (féach ar Fhoclóir De Bhaldraithe chun tuilleadh samplaí a fháil).

### representative (aidiacht): ionadaíochta

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs fo-thacar de thacar sonraí, in-úsáidte mar ionadaí ar an tacar sonraí iomlán toisc na patrúin chéanna a bheith ann. I gcomhthéacs samhlacha ríomhfhoghlama, in ann achoimre leathan a dhéanamh ar phatrúin i dtacar sonraí ar a raibh sé traenáilte.

*Sainmhíniú (en):* In the context of a subset of a dataset, able to used in place of the whole dataset because it contains the same patterns. In the context of machine learning models, able to provide a general summary of the patterns in the dataset on which it was trained.

*Tagairtí:*

- ionadaíocht: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma ar fáil le brí chomhchosúil. I bhFoclóir Uí Dhónaill agus Uí Mhaoileoin, déantar trácht ar an téarma seo i gcomhthéacs daoine / polaitíocht (.i. ionadaí poiblí) amháin.
- Déanann ‘ionadaíocht’ trácht ar rud atá úsáidte in ionad ruda eile. Sin go díreach a bhfuil i gceist leis an téarma seo: má tá fo-thacar sonraí ionadaíochta ann, is féidir an fo-thacar sin a úsáid in ionad an tacair mhór as a tháinig sé.

### reproducible (aidiacht): in-athdhéanta

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs turgnaimh, in ann a bheith déanta arís ag taighdeoirí eile, leis na torthaí céanna (nó comhchosúla) is a bhí ag an gcéad turgnamh.

*Sainmhíniú (en):* In the context of an experiment, able to be done again by other researchers, with the same or similar results as those originally obtained.

*Tagairtí:*

- athdhéan: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]
- ath-: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]
- déan: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Cé go mbíonn an téarma seo úsáidte go minic i gcomhthéacs eolaíochta, níl brí eolaíochta ar leith aige. Mar sin, cloíonn an úsáid seo go díreach leis an úsáid atá luaite leis an bhfocal ‘athdhéan’ sna foclóirí thuas.

### **rule (in logic) (ainmfhocal): riail (loighce)**

*Sainmhíniú (ga):* Ráiteas loighce ar féidir é a úsáid chun fíricí nua a fáil amach trí réasúnaíocht.

*Sainmhíniú (en):* A logical statement that can be used to find new facts based via reasoning.

*Tagairtí:*

- riail: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1]\*, Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]
- loighic: féach ar an téarma ‘logic / loighic’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- \* Is é ‘riaghail’ atá i bhFoclóir Uí Dhuinnín.
- Téarmaí díreach ar fáil i gcomhthéacs comhchosúil.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘logic / loighic’.

### **rule-based (aidiacht): bunaithe ar rialacha**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs ríomhfhoghlama, ag baint úsáid as rialacha loighce chun réasúnaíocht a dhéanamh.

*Sainmhíniú (en):* In the context of machine learning, using logical rules to perform reasoning.

*Tagairtí:*

- riail: féach ar an téarma ‘rule (in logic) / riail (loighce)’
- bunaigh: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill et al. (1991) [4]\*, Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- \* Is é ‘bunú’ seachas ‘bunaigh’ atá i bhFoclóir Uí Dhónaill agus Uí Mhaoileoin.
- Téarmaí díreach ar fáil i gcomhthéacs comhchosúil.
- Féach ar an téarma ‘rule (in logic) / riail (loighce)’.

### **to run (briathar): cuir ar siúl**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs ríomheolaíochta, próiseas a thosú.

*Sainmhíniú (en):* In the context of computer science, to begin a process.

*Tagairtí:*

- cuir ar siúl: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill (1977) [2]
- ar siúl: féach ar an téarma ‘running / ar siúl’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Tá go leor téarmaí eile ar féidir (agus ar ceart) iad a úsáid chomh maith: tosaigh, próiseáil, cuir ar siúl, cuir ar bun, srl. Níl cúis ar bith gan iad sin a úsáid más fearr leat iad. Tugtar sampla amháin thuas ní toisc gurb é is fearr, ach toisc gur rogha mhaith amháin atá ann.
- Tá ‘rith’ ar Téarma.ie agus, de réir Fhoclóir Uí Dhónaill, is cosúil gur féidir é a úsáid sa gcomhthéacs seo chomh maith. Sin ráite, tá ‘cuir ar siúl’ luaite thuas toisc go cloíonn sé leis an téarma ‘running / ar siúl’ (agus toisc nach bhfuil fianaise i bhfoclóir dúchasach ar bith faoi an féidir ‘ag rith’, nó mar sin, a úsáid).
- Féach chomh maith ar an téarma ‘running / ar siúl’

### **running (aidiacht): ar siúl**

*Sainmhíniú (ga):* Ag trácht ar próiseas, tar éis a beith tosaithe agus fós ag obair (gan a bheith críochnaithe go fóill).

*Sainmhíniú (en):* Regarding a process, having been started and still working (not being finished yet).

*Tagairtí:*

- ar siúl: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Tá go leor téarmaí eile ar féidir (agus ar ceart) iad a úsáid: tosaithe, ag próiseáil, i mbun próiseála, ar siúl, curtha ar bun, srl. Níl cúis ar bith gan iad sin a úsáid más fearr leat iad. Tugtar sampla amháin thuas ní toisc gurb é is fearr, ach toisc gur rogha mhaith amháin atá ann.

## **S**

### **to sample (briathar): sampláil**

*Sainmhíniú (ga):* Sampla a thógáil.

*Sainmhíniú (en):* To take a sample.

*Tagairtí:*

- sampla: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2], Williams et al. (2023) [5]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Tá an téarma seo (i gcomhthéacs comhchosúil ach níos leithne) díreach ar fáil ó na foclóirí thuas.
- Úsáideann Stórchiste ‘sampláil’ mar théarma matamaitice.

### **sample (ainmfhocal): sampla**

*Sainmhíniú (ga):* Sonra a thógtar as dáileadh staitistiúil nó as próiseas randamach.

*Sainmhíniú (en):* A data point that is taken from a statistical distribution or random process.

*Tagairtí:*

- sampla: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2], Williams et al. (2023) [5]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Tá an téarma seo (i gcomhthéacs comhchosúil ach níos leithne) díreach ar fáil ó na foclóirí thuas.
- Luann Stórchiste ‘sampla’ mar théarma matamaitice.

### **sampler (ainmfhocal): samplóir**

*Sainmhíniú (ga):* rud (m.sh. algartam ríomhaireachta) a dhéanann sampláil.

*Sainmhíniú (en):* a thing (such as a computer algorithm) that samples.

*Tagairtí:*

- samplóir: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Tá an téarma seo, leis an mbrí chéanna, díreach ar fáil sna foclóirí thuas.

### **scalar (aidiacht): scálach**

*Sainmhíniú (ga):* Uimhir nach athróg é a bhíonn á húsáid le huimhir eile a mhéadú fúithi.

*Sainmhíniú (en):* A numerical value other than a variable, typically used in multiplication.

*Tagairtí:*

- comhéifeacht: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill (1977) [2], Williams et al. (2023) [5]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma luaite mar théarma matamaitice i bhFoclóir Uí Dhónaill, i bhFoclóir De Bhaldraithe, agus i Stórchiste.
- Más ainmfhocal atá uait, úsáid ‘uimhir scálach’ (nó ‘scálach’ mar atá ag Stórchiste).

### **scatter plot (or diagram) (ainmfhocal): scaipléaráid**

*Sainmhíniú (ga):* Léaráid a léiríonn pointí i ndá thoise, le hais X agus Y.

*Sainmhíniú (en):* A diagram that shows points in two dimensions, with an X and a Y axis.

*Tagairtí:*

- scaipléaráid: Williams et al. (2023) [5]
- scaip: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2], Williams et al. (2023) [5]
- léaráid: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Tá an téarma ‘scaipléaráid’ go díreach le fáil i Stórchiste mar ‘scatter diagram’ i gcomhthéacs matamaitice. Glactar leis sin mar sin.
- Luann roinnt foclóirí thuas an téarma ‘léaráid’ mar fhocal ar ‘diagram’ i gcomhthéacs comhchosúil, ach ní luann siad ‘scaipléaráid’.
- Luann roinnt foclóirí thuas an téarma ‘scaip’ mar fhocal ar ‘to scatter’, ach ní luann siad ‘scaipléaráid’, ní ná luann siad ‘scaip’ mar réimír.

### **to score (briathar): scóráil**

*Sainmhíniú (ga):* Scór a thabhairt do rud (m.sh. samhail ríomhfhoghlama).

*Sainmhíniú (en):* To give a score to something (such as a machine learning model).

*Tagairtí:*

- scóráil: Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- I gcomhthéacs cluichí a fheictear ‘scóráil’ úsáidte i bhFoclóir Uí Dhónaill, seachas i gcomhthéacs ríomhaireachta. Sin ráite tá an bhrí chéanna leis an bhfocal ‘scór’ sa gcomhthéacs sin.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘score / scór’.

### **score (ainmfhocal): scór**

*Sainmhíniú (ga):* Uimhir a dhéanann cur síos ar cé chomh maith is atá rud (m.sh. cruinneas samhla foghlama).

*Sainmhíniú (en):* A number describing how good something is (such as the accuracy of a machine learning model).

*Tagairtí:*

- scór: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- I gcomhthéacs cluichí a fheictear ‘scóráil’ úsáidte i bhFoclóir Uí Dhónaill, seachas i gcomhthéacs ríomhaireachta. Sin ráite tá an bhrí chéanna leis an bhfocal ‘scór’ sa gcomhthéacs sin.



### scoring function (ainmfhocal): feidhm scórála

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs samhlacha leabaithe graif eolais, feidhm a dhéanann scór inchreidteachta a thabhairt d'abairt thriarach.

*Sainmhíniú (en):* In the context of knowledge graph embedding models, a function that assigned a plausibility score to a triple.

*Tagairtí:*

- feidhm: féach ar an téarma ‘function / feidhm’
- scóráil: féach ar an téarma ‘to score / scóráil’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma cruthaithe go díreach as dá théarma eile sa bhFoclóir Tráchtais.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘function / feidhm’.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘to score / scóráil’.

### self-attention (ainmfhocal): féin-aird

*Sainmhíniú (ga):* Oibriú airde ina dtagann an t-ionchur ar fad ón bhfoinse chéanna.

*Sainmhíniú (en):* An attention operation in which all inputs come from the same source.

*Tagairtí:*

- féin-: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1]\*, Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]
- aird: féach ar an téarma ‘attention / aird’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- \* Ní bhíonn ‘féin-’ luaite mar réimír i bhFoclóir Uí Dhuinín, ach mar fhocal amháin.
- Téarma cruthaithe go díreach as an dá fhréamh thuas.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘attention / aird’.

### self-supervised (aidiacht): faoi fhéin-mhaoirseacht

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs ríomhfhoghlama, traenáilte i gcaoi a chruthaíonn lipéid / luacha aschuir chearta ó na sonraí ionchuir (mar shampla, trí focal a bhaint as abairt, agus i ndiaidh sin iarracht a dhéanamh as an bearna sin san abairt a líonadh le réamhinsint ón tsamhail fhoghlama).

*Sainmhíniú (en):* In the context of machine learning, trained in such a way that expected output labels / values are created from the training data (for example, by removing a word from a sentence and then attempting to fill the blank in the sentence using a machine learning model).

*Tagairtí:*

- féin-: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1]\*, Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]
- maoirseacht: féach ar an téarma ‘supervised / faoi mhaoirseacht’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- \* Ní bhíonn ‘féin-’ luaite mar réimír i bhFoclóir Uí Dhuinín.
- Féach ar an téarma ‘supervised / faoi mhaoirseacht’.
- Féach ar an téarma ‘supervision / maoirseacht’.

### semantics (ainmfhocal): séimeantaic

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs graf eolais, staidéar ar bhrí na sonraí atá istigh ann, nó an bhrí sin í féin.

*Sainmhíniú (en):* In the context of knowledge graphs, study of the meaning of the data they contain, or that meaning itself.

*Tagairtí:*

- séimeantaic: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma díreach le fáil leis an mbrí chéanna i gcomhthéacs comhchosúil (.i. teangeolaíocht). Toisc mórchuid na dtéarmaí a bhaineann le graif eolais a bheith úsáidte mar analach le gramadach (m.sh. ainmní, faisnéis, agus cuspóir), meastar go gcloíonn an comhthéacs seo go díreach le comhthéacs na ngraf eolais.

### semi-supervised (aidiacht): faoi leath-mhaoirseacht

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs ríomhfhoghla, traenáilte ar shonraí ionchur a bhfuil na lipéid / luacha aschuir chearta nasctha leo uaireanta, ach ní i gcónaí.

*Sainmhíniú (en):* In the context of machine learning, trained on input data that is sometimes, but not always, linked to expected output labels / values.

*Tagairtí:*

- leath-: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]
- maoirseacht: féach ar an téarma ‘supervised / faoi mhaoriseacht’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Luann Foclóir De Bhaldraithe trí réimír ar leith i gcomhair ‘semi-’: leath-, breac-, agus scoth-. Sin ráite, ní fheictear ach ‘leath-’ i gcomhthéacs matamaitice. Thairis sin, is féidir ‘leath-’ a úsáid ní hamháin chun ‘half’ a chur in iúl, ach chun ‘partial’ a chur in iúl chomh maith. Sin an-tábhachtach, toisc gurb in atá i gceist le ‘semi-supervised’ ná go bhfuil cuid de na sonraí ionchuir gan lipéad / luach aschur (nach ionann ach leathchuid acu go díreach i gcónaí). Toisc go bhfuil ciall le ‘leath-’ fós sa gcomhthéacs sin, agus toisc é a bheith úsáidte go minic cheana i gcúrsaí matamaitice, glactar leis.
- Féach ar an téarma ‘supervised / faoi mhaoriseacht’.
- Féach ar an téarma ‘supervision / maoirseacht’.

### set (ainmfhocal): tacar

*Sainmhíniú (ga):* Grúpa rudaí (m.sh. uimhreacha) nach bhfuil áirí an oird ann, agus nach mbíonn an rud céanna faoi dhó ann.

*Sainmhíniú (en):* A group of things (such as numbers) that does not have the property of having order, and that does not have repeats.

*Tagairtí:*

- tacar: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1]\*, Ó Dónaill et al. (1991) [4]\*, Ó Dónaill (1977) [2], Williams et al. (2023) [5]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- \* Ní i gcomhthéacs matamaiticiúil a luaitear an téarma seo sna foclóirí seo.
- Is i gcomhthéacs matamaiticiúil a luaitear an téarma seo sna foclóirí eile.

### setwise function (ainmfhocal): feidhm de thacar (pointí)

*Sainmhíniú (ga):* Feidhm a bhfuil tacar pointí sonraí mar ionchur aici.

*Sainmhíniú (en):* A function that takes a set of data points as input.

*Tagairtí:*

- feidhm: féach ar an téarma ‘function / feidhm’
- tacar: féach ar an téarma ‘set / tacar’
- pointe: féach ar an téarma ‘pointwise function / feidhm de phointe’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Féach ar an téarma ‘pointwise function / feidhm de phointe’.
- Féach ar an téarma ‘function / feidhm’.

### sigmoid function (aidiacht): feidhm shiogmóideach

*Sainmhíniú (ga):* An fheidhm  $\text{sigma}(x) = 1/(1 + e^{-(x)})$  (a bhfuil cruth cosúil leis an litir ‘s’ air agus é breactha).

*Sainmhíniú (en):* The function  $\text{sigma}(x) = 1/(1 + e^{-(x)})$  (which has a shape similar to the letter s when plotted).

*Tagairtí:*

- feidhm: féach ar an téarma ‘function / feidhm’
- siogma: Ó Dónaill (1977) [2]
- -óideach: Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Níl an focal ‘siogmóideach’ ann i bhfoclóir ar bith atá á úsáid agam, ach is féidir an téarma a chruthú i nGaeilge mar a rinneadh i mBéarla as an litir Gréigise (siogma) agus an iarmhír ‘-óideach’.

### signal (ainmfhocal): comhartha

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs ríomhfhoghlama, foinse faisnéise i dtacar sonraí ar féidir í a úsáid go díreach mar chuid fhiúntach den phróiseas ríomhfhoghlama.

*Sainmhíniú (en):* In the context of machine learning, the source of information in a data set that can be directly used as a meaningful part of the machine learning process.

*Tagairtí:*

- comhartha: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Ní luann na foclóirí thuas an focal seo i gcomhthéacs ríomhfhoghlama. An focal is giorra don bhrí atá de dhíth ná comhartha, toisc (de réir Fhoclóir Uí Dhónaill) go bhfuil na bríonna ‘indication’ agus ‘notice, heed’ leis. Is é an ‘signal’ i dtacar sonraí ná an chuid de na sonraí sin atá in-fhoghlamtha (.i. nach bhfuil mar thorann randamach) – tugann an comhartha treo do cén chaoi ar cheart don tsamhail a bheith ag foghlaim. Glactar leis an téarma ‘comhartha’ mar sin.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘noise / torann’.

### to simulate (briathar): insamhail

*Sainmhíniú (ga):* Samhlail ríomhfhoghlama (nó uirlisí ríomhaireachta eile) a úsáid chun próiseas casta a shamhlú i bhfoirm níos simplí.

*Sainmhíniú (en):* To use a machine learning model (or other computational tools) to model a complex process in a simpler form.

*Tagairtí:*

- insamhail: féach ar an téarma ‘simulation / insamhladh’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Féach ar an téarma ‘simulation / insamhladh’.

### **simulation (ainmfhocal): insamhladh**

*Sainmhíniú (ga):* Úsáid shamhla ríomhfhoghlama (nó uirlisí ríomhaireachta eile) chun próiseas casta a shamhlú i bhfoirm níos simplí.

*Sainmhíniú (en):* The use of a machine learning mode (or other computational tools) to model a complex process in a simpler form.

*Tagairtí:*

- insamhail: Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Níl focal ar bith iomlán foirfe don téarma seo sna foclóirí atá á n-úsáid. Cé is moite de sin, tá brí chomhchosúil (nach mór) ag ‘insamhail’, agus tá an-bhuntaiste aige sin go bhfuil sé cosúil leis an bhfocal ‘samhail’, atá in úsáid chomh maith sa tráchtas seo. Roghnaíodh mar sin é.
- Is é ionsamhail atá ar Foclóir.ie, ach is é ‘insamhail’ atá i bhFoclóir Uí Dhónaill. Mar is iondúil sa saothar seo, tugtar aird d’Fhoclóir Uí Dhónaill amháin sa gcás seo.

### **social network (ainmfhocal): líonra cairdis**

*Sainmhíniú (ga):* Graf nó graf eolais ina gcuireann nóid daoine in iúl, agus ina mbíonn ceangail ann a léiríonn cén gaol / baint atá ag daoine lena chéile.

*Sainmhíniú (en):* A graph or knowledge graph in which nodes represent people, and edges represent the relations / connections the people have with each other.

*Tagairtí:*

- líonra: féach ar an téarma ‘network / líonra’
- cairdeas: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Tá an dá fhocal (líonra agus cairdeas) díreach ar fáil ó na foclóirí thuas le brí chomhchosúil.
- Tá roinnt roghanna eile ann (m.sh. líonra gaolta). Cé go bhfuil brí níos leithne aige sin (ní hionann gaol agus gaol clainne amháin), is mar líonra cairdis i ndáiríre a bhíonn i mórchuid na ‘social networks’. Thairis sin, is as líonra cairdis ar líne (m.sh. ar Facebook) a tháinig an téarma seo i dtosach.
- Níor cheart ‘líonra sóisialta’ a úsáid – tagann sé sin díreach as an mBéarla gan tuiscint gur ionann ‘sóisialta’ agus rud a bhaineann le sochaí nó le cumas / tuiscint sóisialta na ndaoine.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘network / líonra.’

### **softmax (ainmfhocal): softmax**

*Sainmhíniú (ga):* An fheidhm ghníomhachtaithe *softmax*.

*Sainmhíniú (en):* The softmax activation function.

*Tagairtí:*

- softmax: N / A

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Níl an téarma seo le fáil ó fhoinse ar bith (fiú Téarma.ie). Is ainm ar fheidhm ghníomhachtaithe é, agus tá sé ina ainm dílis nach mór ag an bpointe seo. Dá bharr sin, agus toisc go mbeadh aistriúchán / Gaelú air níos doiléire do ríomheolaithe ná an t-ainm sean-bhunaithe a úsáid, fágтар gan aistriú é. Moltar é a chur sa gcló iodálach agus é á scríobh i dtéacs Gaeilge.

### source code (ainmfhocal): (bun-)chód

*Sainmhíniú (ga)*: An cód taobh thiar de thionscadal cóid éigin (m.sh. an cód taobh thiar de shamhail ríomhfhoghhlama).

*Sainmhíniú (en)*: The code used for some coding project (for example, the code used for a machine learning model).

*Tagairtí*:

- bun-: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]
- cód: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin*:

- Tá an téarma ‘cód foinseach’ ar Téarma.ie, ach níl an focal ‘foinseach’ le feiceáil sna foclóirí dúchasacha. Ní ghlactar leis an téarma sin mar sin.
- Cé go bhfuil an focal ‘foinse’ ann i nGaeilge (agus úsáidte go minic ar Téarma.ie chun brí chomhchosúil leis seo a chur in iúl), meastar go bhfuil sé ró-litriúil mar aistriúchán. In ainneoin an focal sin a úsáid, aistrítear bhun-bhrí an téarma seo. Is ionann ‘source code’ agus ‘bun-chóid’ tionscadail, toisc gurb in an cód ar a bhfuil an tionscadal bunaithe. Glactar le ‘bun-chód’ toisc a léire agus a simplí is atá sé.

### sparse (aidiacht): éadlúth

*Sainmhíniú (ga)*: I gcomhthéacs graif eolais (nó fo-ghraif), gan mórán ceangail le codanna eile den ghraf / den fho-ghraf.

*Sainmhíniú (en)*: In the context of a knowledge graph (or subgraph), lowly connected with other parts of the same graph / subgraph.

*Tagairtí*:

- éadlúth: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin*:

- Luann Foclóir De Bhaldraithe agus Foclóir Uí Dhónaill an téarma seo mar théarma eolaíochta i gcomhthéacs aeir / an atmaisféir, ach leis an mbrí chéanna.
- Tá go leor téarmaí comhchiallacha eile (.i. tearc, gann, srl), ach úsáidtear ‘éadlúth’ toisc gur ‘dlúth’ an focal atá ar a mhalairt de rud.

### sparsity (ainmfhocal): éadlús

*Sainmhíniú (ga)*: I gcomhthéacs graif eolais (nó fo-ghraif), cé chomh éadlúth is atá sé.

*Sainmhíniú (en)*: In the context of a knowledge graph (or subgraph), how sparse it is.

*Tagairtí*:

- éadlús: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin*:

- Luann Foclóir De Bhaldraithe agus Foclóir Uí Dhónaill an téarma seo mar théarma eolaíochta i gcomhthéacs aeir / an atmaisféir, ach leis an mbrí chéanna.
- Tá go leor téarmaí eile (.i. tearc, gann, srl), ach úsáidtear ‘éadlús’ toisc gur ‘dlús’ an focal atá ar a mhalairt de rud.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘sparse / éadlúth’.

### **standard deviation (ainmfhocal): diall caighdeánach**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs matamaitice, tomhas ar cé chomh héagsúil is atá luachanna i sraith sonraí. Is ionann diall caighdeánach fréamh chearnach athraithe.

*Sainmhíniú (en):* In the context of mathematics, a measure of how much the values in a dataset vary. Standard deviation is the square root of variance.

*Tagairtí:*

- diall: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill (1977) [2], Williams et al. (2023) [5]
- caighdeánach: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2], Williams et al. (2023) [5]
- diall caighdeánach: Williams et al. (2023) [5]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma díreach ar fáil leis an mbrí cheannann chéanna i gcomhthéacs matamaitice.
- Tá na fo-théarmaí ‘diall’ agus ‘caighdeánach’ le fáil i bhfoclóirí eile ina n-aonar le bríonna comhchosúla, ach níl luann na foclóirí sin i gcomhthéacs matamaitice iad.

### **state of the art (best) (ainmfhocal): scoth an réimse**

*Sainmhíniú (ga):* An tuiscint, samhail, eolas, nó eile is fearr i réimse eolaíochta éigin.

*Sainmhíniú (en):* The best understanding, model, information, etc in a given scientific field.

*Tagairtí:*

- scoth: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]
- réimse: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Ní luann Foclóir Uí Dhuinín ‘scoth’ mar ‘an rud is fearr’, ach tá an bhrí sin le feiceáil ann fós féin sa bhfocal ‘scothamhail’ ann.
- Mar aon leis sin, is cosúil gur féidir ‘scothúil’ a úsáid mar aidiacht ceangailte leis an t-ainmfhocal seo.
- Is é ‘staid an réimse’ an staid ina bhfuil an réimse ann faoi láthair (bíodh sé go maith nó go dona), agus is é ‘scoth an réimse’ an chuid is fearr de.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘state of the art (current) / staid an réimse’.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘state of the art (the literature) / litríocht an réimse’.

### **state of the art (current) (ainmfhocal): staid an réimse**

*Sainmhíniú (ga):* An tuiscint / leibhéal taighde atá ann faoi láthair i réimse taighde (bíodh sé go maith nó go dona).

*Sainmhíniú (en):* The understanding or level of current research in a given field of research (whether that is good or bad).

*Tagairtí:*

- staid: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]
- réimse: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Is é ‘staid an réimse’ an staid ina bhfuil an réimse ann faoi láthair (bíodh sé go maith nó go dona), agus is é ‘scoth an réimse’ an chuid is fearr de.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘state of the art (best) / scoth an réimse’.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘state of the art (the literature) / litríocht an réimse’.

### **state of the art (the literature) (ainmfhoc): litríocht an réimse**

*Sainmhíniú (ga):* An litríocht ar fad atá ar fáil i staid an réimse.

*Sainmhíniú (en):* All of the literature available in the state of the art.

*Tagairtí:*

- litríocht: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]
- réimse: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Cé gur minic a úsáidtear an focal ‘litríocht’ chun cur síos a dhéanamh ar staidéar ar an litríocht, is léir ó Fhoclóir Uí Dhónaill agus Uí Mhaoileoin gur féidir ‘litríocht’ a úsáid chun trácht ar na saothair litríochta iad féin chomh maith.
- Is féidir an focal ‘litríocht’ a úsáid ina aonar chomh maith nuair atá a bhfuil i gceist léir ón gcomhthéacs.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘state of the art (best) / scoth an réimse’.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘state of the art (current) / scoth an réimse’.

### **structural alignment (ainmfhoc): ailíniú struchtúir**

*Sainmhíniú (ga):* Cé chomh maith is a luíonn struchtúr ruda (.i. graf eolais) le cáilíocht mhatamaiticiúil eile.

*Sainmhíniú (en):* How well the structure of something (i.e. a graph) relates to some other mathematical quantity.

*Tagairtí:*

- ailíniú: féach ar an téarma ‘alignment / ailíniú’
- struchtúr: féach ar an téarma ‘structure / struchtúr’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Féach ar an téarma ‘alignment / ailíniú’.
- Féach ar an téarma ‘structure / struchtúr’.

### **structural alignment framework (ainmfhoc): creatlach ailínithe struchtúir**

*Sainmhíniú (ga):* An chreatlach atá mar phríomh-thoradh ar an tráchtas seo, a dhéantar trí réamhinsintí na hipitéise ar ailíniú struchtúir a chur i bhfeidhm.

*Sainmhíniú (en):* The framework that is the core result of this thesis, which is a result of the predictions of the structural alignment hypothesis.

*Tagairtí:*

- creatlach: féach ar an téarma ‘framework / creatlach’
- ailíniú: féach ar an téarma ‘alignment / ailíniú’
- struchtúr: féach ar an téarma ‘structure / struchtúr’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma cruthaithe as téarmaí eile anseo.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘framework / creatlach’.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘alignment / ailíniú’.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘structure / struchtúr’.

### **structural alignment hypothesis (ainmfhocal): hipitéis ar ailíniú struchtúr**

*Sainmhíniú (ga):* An hipitéis taobh thiar den tráchtas seo, a deir go bhfuil ailíniú idir struchtúr graif eolais agus cé chomh maith agus is féidir réamhinsint nasc a dhéanamh air.

*Sainmhíniú (en):* The central hypothesis of this thesis, which states that there is alignment between the structure of a knowledge graph and how well link prediction can be done on it.

*Tagairtí:*

- hipitéis: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]
- ailíniú: féach ar an téarma ‘alignment / ailíniú’
- struchtúr: féach ar an téarma ‘structure / struchtúr’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma cruthaithe as téarmaí eile anseo (agus as ‘hipitéis’, atá luaite sa gcomhthéacs céanna sna foclóirí thuas).
- Féach chomh maith ar an téarma ‘alignment / ailíniú’.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘structure / struchtúr’.

### **structure (ainmfhocal): struchtúr**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs graif, patrúin, achoimrí uimhriúla, agus staitisticí ar féidir iad a áireamh ar an ngraf (gan trácht ar shéimeantaic an ghraif).

*Sainmhíniú (en):* In the context of a graph, patterns, numerical summaries, and statistics that can be calculated on the graph (without reference to the semantics of the graph).

*Tagairtí:*

- struchtúr: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma luaite le brí chomhchosúil (ach fisiceach, seachas ríomheolaíochta) sna foclóirí thuas.

### **subgraph (ainmfhocal): fo-ghraf**

*Sainmhíniú (ga):* Cuid de ghraf eolais, atá mar ghraf eolas (níos lú) é féin.

*Sainmhíniú (en):* A part of a knowledge graph that itself is a (smaller) knowledge graph.

*Tagairtí:*

- fo-: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]
- graf: féach ar an téarma ‘graph / graf’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma cruthaithe go díreach as na focail thuas.
- Tá ‘fo-’ i bhFoclóir Uí Dhuinín, ach leis an mbrí ‘faoi’ seachas ‘mar chuid de’.

### **subject (ainmfhocal): ainmní**

*Sainmhíniú (ga):* in abairt thríarach ( $a, f, c$ ), an chéad nód  $a$  atá mar thús ag an bhfaisnéis  $f$ .

*Sainmhíniú (en):* in a triple  $(s, p, o)$ , the first node  $s$  that acts as the head of the predicate  $p$ .

*Tagairtí:*

- ainmfhocal: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2], Williams et al. (2023) [5]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- I mBéarla, samhlaítear abairtí triaracha mar abairtí teangeolaíochta le hainmní, le faisnéis, agus le cuspóir. Glactar leis an analach chéanna i nGaeilge.



### subject corruption (ainmfhocal): malartú an ainmní

*Sainmhíniú (ga)*: I gcomhthéacs frith-shamplála, an próiseas a bhaineann le frith-shampla a chruthú tríd an ainmní  $a$  in abairt thriarach  $(a, f, c)$  a ionadú le nód eile.

*Sainmhíniú (en)*: In the context of negative sampling, the process of creating a negative sample by replacing the subject  $s$  in a triple  $(s, p, o)$  with another node.

*Tagairtí*:

- malartaigh: féach ar an téarma ‘to corrupt / malartaigh’
- ainmní: féach ar an téarma ‘subject / ainmní’

*Nótaí Aistriúcháin*:

- Féach ar an téarma ‘to corrupt / malartaigh’.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘subject / ainmní’.

### subject prediction (ainmfhocal): réamhinsint an ainmní

*Sainmhíniú (ga)*: I gcomhthéacs an tasc réamhinsinte nasc, an tasc a bhaineann le hainmní a réamhinsint chun ceist réamhinsinte nasc sa bhfoirm  $(?, f, c)$  a fhreagairt.

*Sainmhíniú (en)*: In the context of the link prediction task, the task of predicting a subject to answer a link prediction query in the form  $(?, p, o)$ .

*Tagairtí*:

- réamhinsint: féach ar an téarma ‘prediction / réamhinsint’
- cuspóir: féach ar an téarma ‘subject / ainmní’

*Nótaí Aistriúcháin*:

- Féach chomh maith ar an téarma ‘prediction / réamhinsint’.
- Féach ar an téarma ‘subject / ainmní’.

### subset (ainmfhocal): fo-thacar

*Sainmhíniú (ga)*: Tacar a dhéantar as baill ó tacar (nó tacaí) eile, agus nach bhfuil ann ach baill ó na tacaí sin.

*Sainmhíniú (en)*: A set whose elements come from another set (or sets), and which only contains those elements.

*Tagairtí*:

- fo-: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]
- tacar: féach ar an téarma ‘set / tacar’
- fo-thacar: Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin*:

- Téarmaí díreach ar fáil le bríonna chomhchosúla.
- Tá an téarma ‘fo-thacar’ le fáil go díreach i gcomhthéacs matamaiticiúil i bhFoclóir Uí Dhónaill.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘set / tacar’.

### **supervised (aidiacht): faoi mhaoirseacht**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs ríomhfhoghlama, traenáilte le sonraí ionchuir agus lena bhfuiltear as súil leis mar aschur (m.sh. íomhánna de chait agus de mhadraí, agus lipéad ‘cat’ nó ‘madra’ ar gach uile íomhá ann chun ligean don chóras ríomhfhoghlama a fháil amach an luíonn a aschur féin leis an bhfírinne).

*Sainmhíniú (en):* In the context of machine learning, trained with input data and with the expected output values (for example, images of cats and dogs, with the label ‘cat’ or ‘dog’ on each image so that the machine learning model can determine if its prediction matches the ground truth).

*Tagairtí:*

- maoirseacht: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Luann Foclóir Uí Dhónaill ‘maoirseacht’ i gcomhthéacs an-chosúil lena bhfuil de dhíth anseo: ‘maoirseacht a dhéanamh ar obair, to supervise work.’ Is léir nach ag trácht ar chórais ríomhfhoghlama atá sé, áfach. Cé is moite de sin, más cuí ‘maoirseacht’ i gcomhthéacs oibre duine, is cosúil gur cuí i gcomhthéacs oibre ríomhaire é chomh maith.
- Tá cúpla roghanna eile ann don téarma seo – stiúrtha agus riartha. Is léir ó Fhoclóir Uí Dhónaill go bhfuil an briathar ‘riar’ níos ceangailte le riar dlí / gnóthaí / srl, seachas le maoirseacht de shórt éigin a dhéantar ar obair chóras ríomhfhoghlama. Ina theannta sin, baineann ‘stiúir’ mar bhriathar le rudaí a dhíriú nó a threorú, seachas le maoirseacht ar obair.
- Níl an téarma seo le fáil ar Téarma.ie i gcomhthéacs ríomhfhoghlama ag uair á chumtha anseo (cé go bhfuil sé ann i gcomhthéacsanna eile ann). Tá idir ‘faoi mhaoirseacht’ agus ‘maoirsithe’ ar Téarma.ie. Ní ghlactar le ‘maoirsithe’ toisc nach bhfuil fianaise ann don fhocal sin i bhfoclóir dúchasach ar bith.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘supervision / maoirseacht’.

### **supervision (aidiacht): maoirseacht**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs ríomhfhoghlama, cén chaoi a dhéantar samhail a thraenáil de réir na sonraí ionchuir atá aici.

*Sainmhíniú (en):* In the context of machine learning, how a model is trained according to its input data.

*Tagairtí:*

- maoirseacht: féach ar an téarma ‘supervised / faoi mhaoirseacht’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Más é ‘semi-supervision’ atá i gceist, úsáid ‘leath-mhaoirseacht’. Más é ‘self-supervision’ atá i gceist, úsáid ‘féin-mhaoirseacht’.
- Féach ar an téarma ‘supervised / faoi mhaoirseacht’. Muna bhfuil maoirseacht ann le linn thraenála, úsáid ‘gan mhaoirseacht’.
- Féach ar an téarma ‘unsupervised / gan mhaoirseacht’.
- Féach ar an téarma ‘semi-supervised / faoi leath-mhaoirseacht’.
- Féach ar an téarma ‘self-supervised / faoi fhéin-mhaoirseacht’.

### **support vector (ainmfhocal): veicteoir tacaíochta**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs ríomhfhoghlama, veicteoir atá an-ghar don teorainn chinnidh.

*Sainmhíniú (en):* In the context of machine learning, a vector that is very close to the decision boundary.

*Tagairtí:*

- veicteoir: féach ar an téarma ‘vector / veicteoir’
- tacaíocht: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Níl an focal ‘support’ ina théarma teicniúil anseo. An t-aon bhrí atá i gceist ná gur féidir ‘support vectors’ a úsáid chun tacú leis an bpróiseas foghlama.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘vector / veicteoir’.

**support vector classifier (ainmfhocal): aicmitheoir bunaithe ar veicteoirí tacaíochta**

*Sainmhíniú (ga):* Samhail bunaithe ar veicteoirí tacaíochta a úsáidtear chun aicmiú a chur i gcrích.

*Sainmhíniú (en):* A support vector machine used to perform classification.

*Tagairtí:*

- aicmitheoir: féach ar an téarma ‘classifier / aicmitheoir’
- veicteoir tacaíochta: féach ar an téarma ‘support vector / veicteoir tacaíochta’.

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Níor cheart ‘aicmitheoir veicteoirí tacaíochta’ a úsáid toisc go gcuirfeadh sé sin in iúl gurb in an aidhm atá ag an aicmitheoir ná veicteoirí tacaíochta (amháin) a aicmiú, seachas aicmiú a chur chun cinn trí díriú go géar ar veicteoirí tacaíochta.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘classifier / aicmitheoir’.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘support vector / veicteoir tacaíochta’.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘support vector machine (SVM) / samhail (bunaithe ar) veicteoirí tacaíochta (SVT)’.

**support vector machine (SVM) (ainmfhocal): samhail (bunaithe ar) veicteoirí tacaíochta (SVT)**

*Sainmhíniú (ga):* Samhail ar bith den ghrúpa samhlacha ríomhfhoghlama atá bunaithe ar úsáid veicteoirí tacaíochta chun éifeachtach ríomhfhoghlama a chur chun cinn.

*Sainmhíniú (en):* Any one model of the family of machine learning models that are based on the use of support vectors to improve machine learning performance.

*Tagairtí:*

- samhail: féach ar an téarma ‘model / samhail’
- veicteoir tacaíochta: féach ar an téarma ‘support vector / veicteoir tacaíochta’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Cuirtear ‘veicteoir tacaíochta’ sa tuiseal ginideach iolra toisc go n-úsáidtear níos mó ná veicteoir tacaíochta amháin i gcónaí agus samhail veicteoirí tacaíochta á úsáid.
- Úsáidtear ‘samhail’ anseo seachas a leithéid de ‘meaisín’ toisc gurb in, go bunúsach, a bhfuil i gceist. Is samhlacha ríomhfhoghlama iad ‘support vector machines’ agus ní mheastar go bhfuil cúis ar bith focal mar ‘meaisín’ a úsáid nuair atá an focal Gaeilge ‘samhail’ iomlán cuí chun an bhrí ríomheolaíochta atá de dhíth a chur in iúl.
- Is minic agus an téarma seo úsáidte san uimhir iolra (.i. ‘support vector machines’). Is é an leagan iolra ceart ná ‘samhlacha (bunaithe ar) veicteoirí tacaíochta’.
- Tá idir ‘samhail veicteoirí tacaíochta’ agus ‘samhail bunaithe ar veicteoirí tacaíochta’ iomlán ceart. Sin ráite, is dócha gur léire an dara ceann acu den chuid is mó, toisc go léiríonn sé cén baint atá ann idir an tsamhail agus na veicteoirí tacaíochta.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘support vector / veicteoir tacaíochta’.

### **support vector regressor (ainmfhocal): cúlaitheoir bunaithe ar veicteoirí tacaíochta**

*Sainmhíniú (ga):* Samhail bunaithe ar veicteoirí tacaíochta a úsáidtear chun cúlú a chur i gcrích.

*Sainmhíniú (en):* A support vector machine used to perform regression.

*Tagairtí:*

- cúlaitheoir: féach ar an téarma ‘regressor / cúlaitheoir’
- veicteoir tacaíochta: féach ar an téarma ‘support vector / veicteoir tacaíochta’.

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Níor cheart ‘cúlaitheoir veicteoirí tacaíochta’ a úsáid toisc go gcuirfeadh sé sin in iúl gurb in an aidhm atá ag an gcúlaitheoir ná cúlú a dhéanamh ar veicteoirí tacaíochta (amháin), seachas cúlú a chur chun cinn trí díriú go géar ar veicteoirí tacaíochta.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘regressor / cúlaitheoir’.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘support vector / veicteoir tacaíochta’.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘support vector machine (SVM) / samhail (bunaithe ar) veicteoirí tacaíochta (SVT)’.

### **symbol (ainmfhocal): siombail**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs loighce nó rialacha loighce, comhartha a sheasann do shlonn loighce, d’athróg loighce, d’oibríocht loighce, nó do chuid eile de shlonn loighce.

*Sainmhíniú (en):* In the context of logic or logical rules, a character that represents a logical expression, a logical variable, a logical operation, or some other part of a logical expression.

*Tagairtí:*

- siombail: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Cé go mbíonn ‘comhartha’ luaite mar leagan Gaeilge den fhocal ‘symbol’, is cosúil go mbaineann ‘comhartha’ leis an gcomhartha / marc scríofa níos mó ná leis an gcoincheap teibí atá taobh thiar de (féach ar Fhoclóir Uí Dhónaill, mar shampla). Roghnaíodh ‘siombail’ mar sin.
- Is é ‘siombail’ atá ar Téarma.ie ina chomhair seo – agus meastar gur fearr cloí leis sin toisc go luíonn an téarma ar Téarma.ie le fianaise atá ar fáil sna foclóirí dúchasacha.

### **symbolic (aidiacht): siombalach**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs loighce, bainteach le siombailí, nó bunaithe ar úsáid shiombailí.

*Sainmhíniú (en):* In the context of logic, relating to symbols, or based on the use of symbols.

*Tagairtí:*

- siombalach: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma díreach ar fáil le brí chomhchosúil.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘symbol / siombail’.

### **symbolic logic (ainmfhocal): loighic shiombalach**

*Sainmhíniú (ga):* An brainse loighce a bhaineann le húsáid siombailí chun rialacha agus tairiscintí loighce a shamhlú.

*Sainmhíniú (en):* The branch of logic that relates to using symbols to model logical rules and propositions.

*Tagairtí:*

- loighic: féach ar an téarma ‘logic / loighic’

- siombalach: féach ar an téarma ‘symbolic / siombalach’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Féach ar an téarma ‘logic / loighic’.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘symbolic / siombalach’.

### **symmetric (aidiacht): siméadrach**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs faisnéise (f) i ngráf eolais, leis an impleacht gur fíor (c,f,a) mar abhairt thiarach más fíor (a,f,c).

*Sainmhíniú (en):* In the context of a predicate (p) in a knowledge graph, implying that the triple (o,p,s) is true if (s,p,o) is true.

*Tagairtí:*

- siméadrach: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2], Williams et al. (2023) [5]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma díreach ar fáil le brí chomhchosúil.
- Cé go mbíonn ‘comhchruthach’ luaite mar leagan den fhocal ‘symmetrical’, ní bhíonn ach ‘siméadrach’ luaite mar théarma matamaitice i Stórchiste. Glactar le ‘siméadrach’ mar sin.

### **symmetry (ainmfhocal): siméadracht**

*Sainmhíniú (ga):* An t-airí a bhaineann lena bheith siméadrach.

*Sainmhíniú (en):* The property of being symmetric.

*Tagairtí:*

- siméadrach: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma díreach ar fáil le brí chomhchosúil.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘symmetric / siméadrach’.

## **T**

### **to test (briathar): teisteáil**

*Sainmhíniú (ga):* Próiseas teisteála a dhéanamh ar shamhail ríomhfhoghlama.

*Sainmhíniú (en):* To perform testing on a machine learning model.

*Tagairtí:*

- teisteáil: féach ar an téarma ‘testing / teisteáil’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Féach ar an téarma ‘testing / teisteáil’

### **testing (ainmfhocal): teisteáil**

*Sainmhíniú (ga):* An próiseas a úsáidtear chun fáil amach cé chomh maith (nó cé chomh dona) is a fheidhmíonn samhail ríomhfhoghlama tar éis di a bheith traenáilte.

*Sainmhíniú (en):* The process that is used to determine how well (or how poorly) a machine learning model works after it has been trained.

*Tagairtí:*

- teisteáil: Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Ní bhíonn an téarma seo luaite i gcomhthéacs ríomhaireachta sna foclóirí thuas, ach is le brí chomhchosúil atá sé luaite.

### testing set (ainmfhocal): tacar teisteála

*Sainmhíniú (ga):* Tacar sonraí a úsáidtear chun samhail ríomhfhoghlama a theisteáil.

*Sainmhíniú (en):* The dataset used to test a machine learning model.

*Tagairtí:*

- tacar: féach ar an téarma ‘set / tacar’
- teisteáil: féach ar an téarma ‘testing / teisteáil’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Féach ar an téarma ‘set / tacar’.
- Féach ar an téarma ‘testing / teisteáil’.

### topology (ainmfhocal): toipeolaíocht

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs graif, cur síos matamaiticiúil ar cé chaoi an bhíonn a chuid nód ceangailte lena chéile; nó, réimse staidéir matamaitice bunaithe ar anailísíocht ar struchtúr graf.

*Sainmhíniú (en):* In the context of a graph, a mathematical description of how its nodes are connected; or, the field of mathematical study of the analysis of graph structure.

*Tagairtí:*

- toipeolaíocht: Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma díreach ar fáil ó Fhoclóir Uí Dhónaill.

### to train (briathar): traenáil

*Sainmhíniú (ga):* Próiseas traenála a dhéanamh ar shamhail ríomhfhoghlama.

*Sainmhíniú (en):* To perform training on a machine learning model.

*Tagairtí:*

- traenáil: féach ar an téarma ‘training / traenáil’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Féach ar an téarma ‘training / traenáil’

### training (ainmfhocal): traenáil

*Sainmhíniú (ga):* An próiseas a bhaineann le feabhsú samhla ríomhfhoghlama trí shonraí a thabhairt di.

*Sainmhíniú (en):* The process of optimising a machine learning model by giving it data to learn from.

*Tagairtí:*

- traenáil: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Ní bhíonn an téarma seo luaite i gcomhthéacs ríomhaireachta sna foclóirí thuas. Cé is moite de sin, luaitear é i gcomhthéacs cosúil go leor (.i. ainmí nó duine a thraenáil).
- Tá ‘oilíúint’ ar Téarma.ie, ach ní ghactar leis an téarma sin. De réir Fhoclóir Uí Dhónaill, bíonn tréithe níos daonna ag baint le hoiliúint seachas le traenáil. Thairis sin, is minic agus “oilte” úsáidte chun “skilled” a chur in iúl – ach ní hionann samhail ríomhfhoghlama a bheith traenáilte agus scil ar bith a bheith aici – teipeann ar an bpróiseas traenála torthaí maithe a fháil go minic. Ní bhíonn an chlaontacht sin ag baint le ‘traenáil’, agus glactar leis mar sin.

### **training loop (ainmfhocal): timthriall traenála**

*Sainmhíniú (ga):* An chuid athfhillteach den phróiseas a úsáidtear chun samhail ríomhfhoghlama a thraenáil.

*Sainmhíniú (en):* The repeating unit of the process used to train a machine learning model.

*Tagairtí:*

- timthriall: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill (1977) [2]
- traenáil: féach ar an téarma ‘training / traenáil’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Féach ar an téarma ‘training / traenáil’.
- Bíonn traenáil samhlacha ríomhfhoghlama (den chuid is mó) ina timthriall – an próiseas céanna á úsáid arís is arís chun an tsamhail a chur chun cinn céim ar chéim. Is mar sin a dhéantar trácht anseo ar thimthriall traenála seachas ar phróiseas nó ar chur chuige traenála.

### **training set (ainmfhocal): tacar traenála**

*Sainmhíniú (ga):* Tacar sonraí a úsáidtear chun samhail ríomhfhoghlama a thraenáil.

*Sainmhíniú (en):* The dataset used to train a machine learning model.

*Tagairtí:*

- tacar: féach ar an téarma ‘set / tacar’
- traenáil: féach ar an téarma ‘training / traenáil’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Féach ar an téarma ‘set / tacar’.
- Féach ar an téarma ‘training / traenáil’.

### **transfer learning (ainmfhocal): tras-fhoghlaim**

*Sainmhíniú (ga):* Úsáid cur chuige mion-feabhsaithe chun cur ar chumas do shamhail ríomhfhoghlama atá ann cheana (.i. atá réamh-thraenáilte) tasc eile a dhéanamh.

*Sainmhíniú (en):* The practice of fine-training a pre-existing (pre-trained) machine learning model to produce a new model that solves a different task.

*Tagairtí:*

- tras-: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]
- foghlaim: féach ar an téarma ‘machine learning / ríomhfhoghlaim’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Níl aistriúchán déanta ar an téarma seo cheana go bhfios don údar (fiú ar Téarma.ie).
- Bhí rogha eile ann chun an téarma seo a aistriú – ‘foghlaim aistrithe’. Tá an-chiall leis sin – déanann ‘transfer learning’ córas ríomhfhoghlama ar traenáladh é i gcomhthéacs amháin a aistriú go comhthéacs eile. Roghnaíodh ‘trasfhoghlaim’ seachas ‘foghlaim aistrithe’ toisc gur rud sainmhínithe atá i gceist le ‘transfer learning’. Is féidir go leor bríonna a shamhlú le ‘foghlaim aistrithe’ (m.sh. aistriúchán uath-oibrioch, foghlaim bunaithe ar aistriú leabuithe, srl) Meastar gur léire ‘trasfhoghlaim’ mar sin.
- Luann Téarma.ie an téarma ‘traschur’ mar ‘transfer’. Sin ráite, níl an téarma sin le feiceáil i bhFoclóir Uí Dhónaill, i bhFoclóir Uí Dhuinnín, i bhFoclóir Uí Dhónaill agus Uí Mhaoileoin, ná i bhFoclóir De Bhaldraithe. Ní ghlactar leis sin mar sin.

### **transform (ainmfhoc): trasfhoirm**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs matamaitice, feidhm a úsáidtear chun trasfhoirmiú a chur i gcrích.

*Sainmhíniú (en):* In the context of mathematics, a function that is used to perform a transformation.

*Tagairtí:*

- trasfhoirm: Williams et al. (2023) [5]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma díreach ar fáil ó Stórchiste i gcomhthéacs matamaitice.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘to transform / trasfhoirmigh’.

### **to transform (briathar): trasfhoirmigh**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs matamaitice, sonraí a athrú le feidhm éigin (mar shampla, chun iad a chuimsiú ar eatramh éigin).

*Sainmhíniú (en):* In the context of mathematics, to change data according to some function (for example, to bound them on a given interval).

*Tagairtí:*

- trasfhoirmigh: Williams et al. (2023) [5]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma díreach ar fáil ó Stórchiste i gcomhthéacs matamaitice.

### **transformation (ainmfhoc): trasfhoirmiú**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs matamaitice, an próiseas a bhaineann le trasfhoirm a chur i bhfeidhm ar shonraí.

*Sainmhíniú (en):* In the context of mathematics, the process of transforming data.

*Tagairtí:*

- trasfhoirmiú: Williams et al. (2023) [5]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma díreach ar fáil ó Stórchiste i gcomhthéacs matamaitice.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘to transform / trasfhoirmigh’.

### **transformer (ainmfhoc): trasfhoirmeoir**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs ríomhfhoghlama, dearadh néarach áirithe a úsáideann sraith chisil airde le chéile.

*Sainmhíniú (en):* In the context of machine learning, a specific neural architecture that uses layered attention.

*Tagairtí:*

- trasfhoirmigh: féach ar an téarma ‘to transform / trasfhoirmigh’
- -eoir: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2], Williams et al. (2023) [5]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Níl an téarma ‘trasfhoirmeoir’ luaite i bhFoclóir ar bith, ach is féidir é a chruthú go díreach as an bhfréamh ‘trasfhoirmigh’ agus as an iarmhír ‘-eoir’.
- Níl iontráil ar leith den iarmhír ‘-eoir’ sna foclóirí thuas, ach luann siad uilig go leor focal a úsáideann í díreach mar a úsáidtear anseo.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘to transform / trasfhoirmigh’.



### **transitive (aidiacht): aistreach**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs faisnéise (f) i ngráf eolais, leis an impleacht gur fíor (a,f,c) mar abairt thiarach más fíor (a,f,b) agus (b,f,c).

*Sainmhíniú (en):* In the context of a predicate (p) in a knowledge graph, implying that the triple (a,p,c) is true if (a,p,b) and (b,p,c) are true.

*Tagairtí:*

- aistreach: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill (1977) [2], Williams et al. (2023) [5]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma díreach ar fáil le brí chomhchosúil. I bhFoclóir De Bhaldraithe luaitear é i gcomhthéacs gramadaí. Toisc mórchuid na dtéarmaí a bhaineann le graif eolais a bheith úsáidte mar analach le gramadach (m.sh. ainmní, faisnéis, agus cuspóir), meastar go gcloíonn an comhthéacs seo go díreach le comhthéacs na ngráf eolais.
- I Stórchiste, tá an téarma seo luaite mar théarma matamaitice.
- Cé go luann Foclóir Uí Dhónaill agus Uí Mhaoileoin an téarma seo, is i gcomhthéacs iomlán ar leith atá sé luaite ann.

### **tree (ainmfhocal): crann**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs ríomheolaíochta, struchtúr sonraí nó ríomhfhoghlama a bhfuil nóid fréimhe amháin aige agus craobhacha faoi á cheangal le nóid eile sa gcrann. Is féidir crann a úsáid chun próiseas / algartam a chur in iúl, nó chun sonraí a stóráil agus a chuardach go héifeachtach.

*Sainmhíniú (en):* In the context of computer science, a data or machine learning structure that has a single root node and branches beneath it that connect to other nodes in the tree. A tree can be used to represent a process / algorithm, or to store and search data efficiently.

*Tagairtí:*

- crann: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Ní luann foclóir ar bith de na foclóir thuas an focal ‘crann’ i gcomhthéacs matamaitice / ríomheolaíochta. Cruthaíodh an focal seo i mBéarla toisc an chrutha atá ar chrainn ríomheolaíochta agus iad scríofa ar pháipéar. Toisc nach bhfuil focal eile ann sa nGaeilge cheana chun an bhrí atá i gceist anseo a chur in iúl, ní mheastar go bhfuil cúis ar bith gan glacadh leis an analach chéanna i nGaeilge agus ‘crann’ a úsáid.

### **triple (ainmfhocal): abairt thriarach**

*Sainmhíniú (ga):* abairt trí choda (a, f, c) atá mar aonad eolais bunúsach i ngráf eolais.

*Sainmhíniú (en):* a three-part statement (s, p, o) that acts as the basic unit of knowledge in knowledge graphs.

*Tagairtí:*

- abairt: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]
- triarach: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Cé go bhfuil an focal ‘triarach’ ar Téarma.ie leis an mbrí chéanna (nach mór), ní ghlacfar leis sin toisc nach bhfuil fianaise ar bith ann sna foclóirí dúchasacha gur féidir ‘triarach’ a úsáid mar ainmfhocal. Sna foclóirí dúchasacha, ní luaitear é ach mar aidiacht. Mar sin, úsáidtear mar aidiacht amháin anseo é.
- Úsáidtear ‘abairt’ i gcomhthéacs gramadaí, seachas ‘ráiteas’. Bíonn nach mór chuile rud a bhaineann le graif eolais samhlaíte trí analach le teangeolaíocht / le gramadach. Mar sin, meastar gur léire cloí le ‘abairt thriarach’ seachas ‘ráiteas triarach’ (nó téarma eile mar sin).

## U

### **underfitting (ainmfhocal): foghlaim easnamhach**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs ríomhfhoghlama, foghlaim neamh-iomlán a fhágann nach bhfuil an tsamhail in ann patrúin ghinearálta a fhoghlaim ón tacar traenála.

*Sainmhíniú (en):* In the context of machine learning, incomplete learning that results in the model not being able to learn general patterns from the training set.

*Tagairtí:*

- foghlaim: féach ar an téarma ‘machine learning / ríomhfhoghlaim’
- easnamhach: De Bhaldrathe (1978) [3], Dineen (1934) [1]\*, Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- \* Is é ‘easnamh’ seachas ‘easnamhach’ atá i bhFoclóir Uí Dhuinn.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘machine learning / ríomhfhoghlaim’

### **union (ainmfhocal): aontas**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs dhá thacar (nó níos mó) tacar na mball in ar a laghad tacar amháin acu.

*Sainmhíniú (en):* In the context of two or more sets, the set of elements contained in at least one of those sets.

*Tagairtí:*

- aontas: Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma le fáil i bhFoclóir Uí Dhónaill leis an mbrí cheannann chéanna.

### **universe (ainmfhocal): domhan**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs matamaitice, tacar formhór uilíoch ina bhfuil gach uile réad a bhaineann le réimse éigin ann.

*Sainmhíniú (en):* In the context of mathematics, a massive, global set in which all objects belonging to a given domain exist.

*Tagairtí:*

- domhan: féach ar an téarma ‘world / domhan’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Féach ar an téarma ‘world / domhan’.

### **unseen (aidiacht): gan feiceáil**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs tacar sonraí (m.sh. tacar teisteála / deimhnithe), gan a bheith úsáidte / feicthe le linn an phróisis thraenála ar shamhail ríomhfhoghlama.

*Sainmhíniú (en):* In the context of a dataset (such as the testing / validation set), not being used / seen during the training phase of a machine learning model.

*Tagairtí:*

- gan feiceáil: De Bhaldrathe (1978) [3], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma iomlán ar fáil ó na foclóirí thuas.

## **unsupervised (aidiacht): gan mhaoirseacht**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs ríomhfhoghlama, traenáilte ar shonraí ionchuir gan samplaí ar bith dá bhfuiltear ag súil leis mar aschur. Mar shampla, nuair a dhéantar aicmiú ionductach, bíonn pointí ionchur ann, ach ní bhíonn lipéad / aicme cheart na bpointe ar fáil roimh ré.

*Sainmhíniú (en):* In the context of machine learning, trained on input data without any examples of what is expected as output. For example, when performing clustering, input points are given, but no information on their labels / classes are given.

*Tagairtí:*

- maoirseacht: féach ar an téarma ‘supervised / faoi mhaoirseacht’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Féach ar an téarma ‘supervised / faoi mhaoirseacht’.
- Féach ar an téarma ‘supervision / maoirseacht’.

## **V**

### **to validate (ainmfhocal): deimhnigh**

*Sainmhíniú (ga):* Próiseas deimhnithe a dhéanamh ar shamhail ríomhfhoghlama.

*Sainmhíniú (en):* To perform validation on a machine learning model.

*Tagairtí:*

- deimhnigh: féach ar an téarma ‘validation / deimhniú’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Féach ar an téarma ‘validation / deimhniú’

### **validation (ainmfhocal): deimhniú**

*Sainmhíniú (ga):* An próiseas a úsáidtear chun a mheas cé chomh maith (nó cé chomh dona) is a fheidhmíonn samhail ríomhfhoghlama le linn a traenála.

*Sainmhíniú (en):* The process that is used to estimate how well (or how poorly) a machine learning model works while it is being trained.

*Tagairtí:*

- deimhniú: De Bhaldráithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4]\*, Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Níl an téarma seo luaite i gcomhthéacs ríomhaireachta sna foclóirí thuas, ach is le brí chomhchosúil atá sé luaite.

### **validation set (ainmfhocal): tacar deimhnithe**

*Sainmhíniú (ga):* Tacar sonraí a úsáidtear chun samhail ríomhfhoghlama a dheimhniú.

*Sainmhíniú (en):* The dataset used to validate a machine learning model.

*Tagairtí:*

- tacar: féach ar an téarma ‘set / tacar’
- deimhniú: féach ar an téarma ‘validation / deimhniú’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Féach ar an téarma ‘set / tacar’.
- Féach ar an téarma ‘validation / deimhniú’.

### variance (ainmfhocal): athraitheas

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs matamaitice, tomhas ar cé chomh héagsúil is atá luachanna i sraith sonraí. Is ionann athraitheas agus diall caighdeánach cearnaithe.

*Sainmhíniú (en):* In the context of mathematics, a measure of how much the values in a dataset vary. Variance is the square of standard deviation.

*Tagairtí:*

- athraitheas: Williams et al. (2023) [5]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Téarma díreach ar fáil leis an mbrí cheannann chéanna i gcomhthéacs matamaitice.

### vector (ainmfhocal): veicteoir

*Sainmhíniú (ga):* Liosta ordaithe uimhreacha a shamhlaíonn pointe i spás, nó aistriú sa spás céanna.

*Sainmhíniú (en):* An ordered list of numbers that represents a displacement in space, or a point in space.

*Tagairtí:*

- veicteoir: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill (1977) [2], Williams et al. (2023) [5]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Luann na foclóirí thuas ‘veicteoir’ mar théarma matamaitice.

## W

### walk (ainmfhocal): siúlóid

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs graif, imeacht ó nód go nód ar cheangail an ghraif chun an graf ar fad, nó cuid de, a thrasnú.

*Sainmhíniú (en):* In the context of a graph, to go from node to node along the edges in the graph to traverse the whole graph, or a part of it.

*Tagairtí:*

- siúlóid: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1]\*, Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- \* Is é ‘siubhlóid’ atá i bhFoclóir Uí Dhuinnín, ach glactar leis gurb in an focal céanna.
- Ní luann foclóir ar bith an téarma seo i gcomhthéacs ríomheolaíochta. Sin ráite, tá cosúlacht idir siúlóid ar ghraif agus gnáth-shiúlóid – bíonn siad araon ag dúl ó áit go háit ar bhealaí áirithe. Glactar leis an téarma seo mar sin.

### to weight (briathar): ualaigh

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs ríomhfhoghlama nó matamaiticiúil, ualach a chur le slonn nó le luach.

*Sainmhíniú (en):* In the context of machine learning or mathematics, to apply a numerical weight to an expression or value.

*Tagairtí:*

- ualaigh: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill (1977) [2], Williams et al. (2023) [5]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Luann Stórchiste agus Foclóir Uí Dhónaill ‘ualaigh’ mar théarma staitistiúil. (Is sa téarma ‘meán ualaithe’ a fheictear an téarma seo i Stórchiste.)
- Féach chomh maith ar an téarma ‘weight / ualach’.
- Athrú ó leagan v1.1 alfa – bhí téarma mícheart (‘uimhir ualaigh a chur le’) sa bhFoclóir Tráchtas. Rinneadh é sin a athrú toisc fianaise ó Stórchiste agus ó Fhoclóir Uí Dhónaill.

### **weight (ainmfhocal): ualach**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs ríomhfhoghlama nó matamaiticiúil, uimhir scálach a mhéadaítear le slonn (go háirithe chun raon na luachanna aschuir ón slonn sin a athrú nó a shrianadh); nó, uimhir scálach a úsáidtear mar lipéad (mar shampla, ar chodanna de ghraf).

*Sainmhíniú (en):* In the context of machine learning or mathematics, a scalar number that is multiplied with an expression (especially to change or restrict the range of values output by that expression); or, a scalar value used as a label (such as on elements of a graph).

*Tagairtí:*

- ualach: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4]\*, Ó Dónaill (1977) [2], Williams et al. (2023) [5]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Luann Foclóir Uí Dhónaill agus Stórchiste ‘ualaign’ (briathar) mar théarma staitistiúil, ach ní luann siad ‘ualach’ sa gcomhthéacs céanna. Sin ráite, tá an fréamh céanna acu araon, agus ní féidir frása eile le ‘ualach’ (m.sh. uimhir ualaithe) a chumadh toisc go mbeadh ciall ar leith leis sin (.i. uimhir a bhfuil ualach curtha leis, seachas an t-ualach é féin).
- Tá ciall leis an téarma ‘ualach’ – ní Béarlachas é. I gcomhthéacs an meicnice staitistiúla, tá baint díreach idir ualaign (mar uimhreacha) agus ualaign mheicniúla. Ní hé gur aistriúchán ar fhocal Béarla é ‘ualach’, ach gur leagan Gaeilge de choincheap eolaíochta atá ann.
- Tá ‘weight → ualach’ ar fáil ar Téarma.ie – agus tá ciall leis sin toisc go nglacann Foclóir Uí Dhónaill leis an téarma ‘ualaign’ mar théarma staitistiúil.
- Cé go bhfuil focail le bríonna comhchosúla leis seo (uimhir, uimhir scálach, paraiméadar, srl), ní oireann ceann ar bith acu don bhrí shainmhínithe atá de dhíth anseo. Is féidir iad a úsáid in ionad an téarma seo go minic, ach ní i gcónaí.
- Athrú ó v1.1 alfa – bhí an téarma seo aistrithe mar ‘uimhir ualaign’ cheana, as ‘uimhir’ agus ‘ualach’. Ní shin an téarma ceart, áfach, agus rinneadh é a chur i gceart don leagan seo den Fhoclóir Tráchtas.

### **weighted (aidiacht): ualaithe**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs ríomhfhoghlama nó matamaiticiúil, a bhfuil ualach curtha leis.

*Sainmhíniú (en):* In the context of machine learning or mathematics, having a numerical weight.

*Tagairtí:*

- ualaign: De Bhaldraithe (1978) [3], Ó Dónaill (1977) [2], Williams et al. (2023) [5]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Luann Stórchiste agus Foclóir Uí Dhónaill ‘ualaign’ mar théarma staitistiúil. (Is sa téarma ‘meán ualaithe’ a fheictear an téarma seo i Stórchiste.)
- Féach chomh maith ar an téarma ‘weight / ualach’.

### **weighted random search (ainmfhocal): cuardach randamach ualaithe**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs cuardaithe hipear-pharaiméadar, cuardach randamach ina bhfuil an sampláil ualaithe de réir cé chomh maith is a bhí samplaí eile a mheasúnaíodh cheana (mar shampla, trí shampláil Bayes a dhéanamh).

*Sainmhíniú (en):* In the context of a hyperparameter search, a random search in which the sampling is weighted by how well past samples have performed (for example, through the use of Bayesian sampling).

*Tagairtí:*

- cuardach randamach: féach ar an téarma ‘random search / cuardach randamach’
- ualaithe: féach ar an téarma ‘weighted / ualaithe’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Féach ar an téarma ‘hyperparameter search / cuardach hipear-pharaiméadar’.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘random search / cuardach randamach’.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘weighted / ualaithe’.
- Féach chomh maith ar an téarma ‘end condition / coinníoll críochnaithe’.

### **world (ainmfhocal): domhan**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs matamaitice, tacar formhór uilíoch ina bhfuil gach uile réad a bhaineann le réimse éigin ann.

*Sainmhíniú (en):* In the context of mathematics, a massive, global set in which all objects belonging to a given domain exist.

*Tagairtí:*

- domhan: De Bhaldraithe (1978) [3], Dineen (1934) [1], Ó Dónaill et al. (1991) [4], Ó Dónaill (1977) [2]

*Nótaí Aistriúcháin:*

- I mBéarla, úsáidtear ‘world’ chun trácht ar ‘the world of all possible facts / things / etc’ – sin le rá, chun trácht ar chuile fhíric / rud atá ann (i réimse éigin). Ní luaitear an bhrí seo go minic le ‘domhain’ i nGaeilge, ach tá brí chosúil go leor leis le feiceáil i bhFoclóir Uí Dhuinín: ‘Slua, eolas, acmhainn, an domhain, vast crowd, knowledge, resources’. Is féidir nach téarma foirfe é seo – ach ní léir go mbeadh téarma comhchiallach eile (m.sh. cruinne) níos fearr. Glactar leis mar sin.

## **Z**

### **z-score (ainmfhocal): scór-z**

*Sainmhíniú (ga):* I gcomhthéacs staitistice, scór a léiríonn cá mhéad dialltaí caighdeánacha is atá sonra amháin ó mheán na sonraí.

*Sainmhíniú (en):* In the context of statistics, a score that represents how many standard deviations from the mean a data point is.

*Tagairtí:*

- scór: féach ar an téarma ‘score / scór’

*Nótaí Aistriúcháin:*

- Is é ‘z-scór’ atá ar Téarma.ie. Ní ghfactar leis sin toisc fianaise ó Stórchiste sa téarma ‘Student’s t-distribution / dáileadh-t Student’ (tabhair faoi deara gur ainm dílis é ‘Student’). Toisc go ndéanann Stórchiste ‘t-distribution’ a aistriú mar ‘dáileadh-t’, meastar go mba cheart ‘z-score’ a aistriú mar ‘scór-z’.
- Féach ar an téarma ‘score / scór’.

## Tagairtí

- [1] Patrick S. Dineen. *Foclóir Gaedhilge agus Béarla*. Baile Átha Cliath, Éire: Cumann na Scríbhneann Gaedhilge, 1934.
- [2] Niall Ó Dónaill. *Foclóir Gaeilge-Béarla*. Baile Átha Cliath, Éire: An Gúm, 1977.
- [3] Tomás De Bhaldraithe. *English-Irish Dictionary*. 1978. URL: <https://www.teanglann.ie/ga/eid/>.
- [4] Ó Dónaill agus Ua Maoileoin. *An Foclóir Beag*. 1991. URL: <https://www.teanglann.ie/ga/fb/>.
- [5] Nicholas Williams. *Stórchiste*. Ed. by Michael Everson. Dundee, Alba: Everttype, 2023.